



Uimhir 10 de 2005

**AN tACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS
AG AN OBAIR, 2005**

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Fógraí a sheirbheáil, etc.
4. Aisghairm agus cosaintí.
5. Caiteachais.
6. Feidhm na bhforálacha reachtúla iomchuí maidir le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí áirithe.
7. Feidhm na bhforálacha reachtúla iomchuí maidir le daoine féinfhostaithe.

CUID 2

DUALGAIS GHINEARÁLTA

CAIBIDIL 1

Dualgais Ghinearálta Fostóra

8. Dualgais ghinearálta fostóra.
9. Faisnéis d'fhostaithe.
10. Teagasc, oiliúint agus maoirseacht fostaithe.
11. Éigeandálaí agus garchontúirtí móra.
12. Dualgais ghinearálta fostóirí i leith daoine seachas a gcuid fostaithe.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

CAIBIDIL 2

Dualgais Ghinearálta Fostaí agus Daoine a bhfuil Áiteanna Oibre faoina Rialú

13. Dualgais fostaí.
14. Cur isteach, mí-úsáid, etc.
15. Dualgais ghinearálta daoine a bhfuil áiteanna oibre, etc., faoina rialú.

CAIBIDIL 3

Dualgais Ghinearálta Daoine Eile

16. Dualgais ghinearálta dearthóirí, monaróirí, allmhairéoirí agus soláthróirí airceadal agus substaintí.
17. Dualgais a bhaineann le hobair foirgníochta.

CUID 3

BEARTA COSANTACHA AGUS BEARTA COISCHEACHA

18. Bearta cosantacha agus bearta coisctheacha.
19. Sainithint guaiseacha agus measúnú priacail.
20. Ráiteas sábháilteachta.
21. Dualgas fostóirí comhoibriú le chéile.
22. Faireachas sláinte.
23. Inniúlacht liachta chun oibre.
24. Comhaontuithe comhphárteacha sábháilteachta agus sláinte.

CUID 4

IONADAITHE SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHAIRLIÚCHÁN SÁBHÁILTEACHTA

25. Ionadaithe sábháilteachta.
26. Comhairliúchán agus páirteachas fostaithe, coistí sábháilteachta.
27. Cosaint in aghaidh dífhostú agus pionósú.
28. Gearáin le coimisinéirí um chearta.
29. Achomhairc i gcoinne breitheanna ó choimisinéir um chearta agus breitheanna ó choimisinéir um chearta a fhorfheidhmiú.
30. Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú.
31. Fianaise ar mhainneachtain freastal os comhair na Cúirte Oibreachais nó fianaise a thabhairt, nó doiciméid a thabhairt ar aird, don Chúirt Oibreachais.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

CUID 5

AN TÚDARÁS

CAIBIDIL 1

An tÚdarás

32. An tÚdarás do leanúint ar marthain.
33. Féadfaidh an tAire daoine a fhorordú chun feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh.
34. Feidhmeanna an Údaráis.
35. Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.
36. Fochuideachtaí a bhunú.
37. Comhaltas an Údaráis.
38. Coistí comhairleacha.
39. An Príomhfheidhmeannach.
40. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.
41. Comhaltaí an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.
42. Comhaltaí d'fhoireann an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.
43. Ráiteas straitéise.
44. Clár oibre an Údaráis.
45. Deontais don Údarás.
46. Cumhacht airgead a fháil ar iasacht.
47. Táillí le haghaidh seirbhísí, etc.
48. Cuntais agus iniúchtaí.
49. Freastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.
50. Freastal os comhair coistí eile de Thithe an Oireachtais.
51. Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.

CAIBIDIL 2

Foireann an Údaráis

52. Foireann an Údaráis.
53. Luach saothair fhoireann an Údaráis.
54. Oifigigh, etc., a aistriú chuig an Údarás.
55. Cód iompair.
56. Aoisliúntas fhoireann an Údaráis.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

CUID 6

RIALACHÁIN, CÓID CHLEACHTAIS AGUS FORFHEIDHMÍÚ

CAIBIDIL 1

Rialacháin agus Cóid Chleachtais.

- 57. Reachtaíocht a athbhreithniú.
- 58. Rialacháin.
- 59. Oiriúnuithe ilghnéitheacha.
- 60. Cóid chleachtais.
- 61. Cóid chleachtais a úsáid in imeachtaí coiriúla.

CAIBIDIL 2

Forfheidhmiú

- 62. Cigirí a údarú.
- 63. Scrúduithe liachta.
- 64. Cumhachtaí cigirí.
- 65. Ordacháin i dtaobh plean feabhsúcháin.
- 66. Fógra feabhsúcháin.
- 67. Fógra toirmisc.
- 68. Sárú ar fhógra toirmisc — iarratas chun na hArd-Chúirte.
- 69. Fógraí a thaispeáint.
- 70. Imscrúduithe agus tuarascálacha speisialta.
- 71. Ordú ón Ard-Chúirt maidir le húsáid áite oibre.

CAIBIDIL 3

Faisnéis a Fháil agus a Nochtadh

- 72. Cumhacht chun faisnéis a éileamh.
- 73. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise faoi rún.
- 74. Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.
- 75. Faisnéis a nochtadh.
- 76. Cigire do nochtadh faisnéis in imthosca áirithe.

CUID 7

CIONTA AGUS PIONÓIS

- 77. Cionta.
- 78. Pionóis.
- 79. Forálacha maidir le cionta áirithe.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

80. Dliteanas stiúrthóirí agus oifigeach gnóthas.
81. Dualgas cruthúnais.
82. Cionta a ionchúiseamh.
83. Achomhairc i gcoinne orduithe.
84. Fianaise.
85. Ainmneacha daoine áirithe a fhoilsiú.

CUID 8

ILGHNÉITHEACH

86. Cigirí, etc. a shlánú.
87. Cumhachtaí oifigh custam agus máil airceadail, etc., a choinneáil.
88. Ceadúnais.
89. Leasú ar an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996.

SCEIDEAL 1

FORÁLACHA REACTÚLA COMHBHAINTEACHA

SCEIDEAL 2

ACHTACHÁIN LÁITHREACHA

SCEIDEAL 3

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA COISC

SCEIDEAL 4

COISTÍ SÁBHÁILTEACHTA

SCEIDEAL 5

AN TÚDARÁS

SCEIDEAL 6

AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

SCEIDEAL 7

RIALACHÁIN

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936	1936, Uimh. 40
An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	1987, Uimh. 6
<i>Boiler Explosions Act</i> , 1882	45 & 46 Vict. c. 22
<i>Boiler Explosions Act</i> , 1890	53 & 54 Vict. c. 35
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003	
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978	1978, Uimh. 1
An tAcht Cróinéirí, 1962	1962, Uimh. 9
Acht na gCúirteanna, 1981	1981, Uimh. 11
Na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979	
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003	
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960	1960, Uimh. 44
Na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2004	
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000	2000, Uimh. 27
An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971	1971, Uimh. 27
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
Acht na gComhphobal Eorpach, 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997	1997, Uimh. 2
<i>Explosives Act</i> , 1875	38 & 39 Vict., c. 17
An tAcht Seirbhíse Dóiteáin, 1981	1981, Uimh. 30
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003	2003, Uimh. 9
An tAcht Gáis, 1976	1976, Uimh. 30
An tAcht Gáis (Leasú), 1987	1987, Uimh. 9
An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002	2002, Uimh. 10
An tAcht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh, 2003	2003, Uimh. 15
An tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000	2000, Uimh. 14
Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2000	
An tAcht um Mianaigh agus Cairéil, 1965	1965, Uimh. 7
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001	
An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996	1996, Uimh. 28
<i>Notice of Accidents Act</i> , 1894	57 & 58 Vict., c. 28
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	1997, Uimh. 20
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	14 & 15 Vict., c. 93
An tAcht Nimheanna, 1961	1961, Uimh. 12
<i>Public Offices Fees Act</i> , 1879	42 & 43 Vict., c. 58
Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oilíúint), 1999	1999, Uimh. 26
<i>Railway Employment (Prevention of Accidents) Act</i> , 1900	63 & 64 Vict., c. 27
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003	
<i>Regulation of Railways Act</i> , 1842	5 & 6 Vict., c. 55
<i>Regulation of Railways Act</i> , 1871	34 & 35 Vict., c. 78

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2002	
Na hAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980	
Na hAchtanna Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987 agus 1995	
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989	1989, Uimh. 7
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993	1993, Uimh. 27
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001	
An tAcht Ceárd-Chumann, 1941	1941, Uimh. 22
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001	



Uimhir 10 de 2005

**AN tACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS
AG AN OBAIR, 2005**

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE CHUN SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS DAOINE AG AN OBAIR A ÁIRITHIÚ AGUS CHUN NA FORÁLACHA REACHTÚLA IOMCHUIÍ A FHORFHEIDHMIÚ, CHUN TUILLEADH ÉIFEACHTA A THABHAIRT DO THREOIR 89/391/CEE AN 12 MEITHEAMH 1989¹ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE BEARTA A THABHAIRT ISTEACH D'FHONN FEABHSUITHE A SPREAGADH I dTACA LE SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE OIBRITHE AG AN OBAIR AGUS DO THREOIR 91/383/CEE AN 25 MEITHEAMH 1991²ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE BEARTA CHUN SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE OIBRITHE AG AN OBAIR, IS OIBRITHE A bhFUIL GAOL FOSTAÍOCHTA RÉ SOCRAITHE NÓ GAOL FOSTAÍOCHTA SEALADACH ACU, A FHEABHSÚ, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRE A RIALÁIL TUILLEADH, DO CHOIMEÁD AN ÚDARÁS NÁISIÚNTA UM SHÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE CEIRDE AR MARTHAIN AGUS DO THABHAIRT FEIDHMEANNA BREISE DÓ AGUS D'ATHAINMNIÚ AN CHOMHLACHTA SIN MAR AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA, D' AISGHAIM AN ACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR 1989, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE hACHTACHÁIN ÁIRITHE EILE A AISGHAIM AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT FÁN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN A LEASÚ AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[22 Meitheamh 2005]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

¹OJ Uimh. L183, 29.6.1989, L.1
²OJ Uimh. L206, 29.7.1991, L.19

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus
tosach feidhme. **1.**—(1) Féadfar an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag
an Obair, 2005 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a
cheapfar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire, i gcoitinne nó
faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta
éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh
forálacha éagsúla den Acht seo agus féadfar socrú a dhéanamh le
hordú faoin bhfo-alt seo go mbeidh tosach feidhme le *halt 4(2)* ar
laethanta éagsúla maidir le hachtacháin láithreacha éagsúla agus
forálacha éagsúla de chuid achtachán láithreach.

Léiriú. **2.**—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “tionóisc” tionóisc a tharlaíonn de dhroim nó i gcúrsa
fostaíochta agus a mbeidh, i gcás duine a bheidh ag déanamh oibre,
díobháil phearsanta de thoradh uirthi;

ciallaíonn “Acht 1989” an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus
Leas ag an Obair, 1989;

ciallaíonn “coiste comhairleach” coiste comhairleach a bhunófar faoi
alt 38;

ciallaíonn “ceadaithe” ceadaithe i scríbhinn de thuras na huairé ag
an Údarás nó a bheidh de réir sonraíochta i scríbhinn ón Údarás;

ciallaíonn “airceadal”

(a) aon ghléasra, inneall, innealra, fearas, gaireas, uirlis nó aon
trealamh oibre eile atá le úsáid nó le hoibriú (go
heisiach nó eile) ag daoine ag an obair,

(b) aon airceadal atá ceaptha lena úsáid mar chomhpháirt in
aon ghléasra, inneall, innealra, fearas, gaireas, trealamh
oibre, uirlis nó aon trealamh oibre eile den sórt sin nó
mar chuid den chéanna nó chun an céanna a rialú, agus

(c) aon táirge eile a bheidh á úsáid ag daoine ag an obair;

ciallaíonn “forálacha reachtúla combhainteacha” forálacha na
nAchtanna a shonraítear i *Scéideal 1* agus aon ionstraimí reachtúla
arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin agus a bheidh i bhfeidhm de
thuras na huairé;

ciallaíonn “Údarás” an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;

ciallaíonn “ráiteas faoi shreabhadh airgid”, i ndáil le bliain, cuntas a
thaispeánfaidh díorthú an airgid go léir a gheobhaidh an tÚdarás le
linn na bliana sin agus na críocha a n-úsáideadh chucu é;

ciallaíonn “cód cleachtais” cód cleachtais a ullmhóidh agus a
fhoilseoidh an tÚdarás, nó, de réir mar a bheidh, a cheadóidh sé, de
réir *alt 60*;

déanfar “duine inniúil” a léamh de réir *fho-alt (2)*;

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Cd.1 A.2

folaíonn “faisnéis faoi rún”—

- (a) faisnéis a mbeidh sé ráite ina leith ag an Údarás nó ag coiste comhairleach, de réir mar a bheidh, go bhfuil sí faoi rún maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d’aicme nó de thuairisc áirithe, agus
- (b) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a bheidh curtha faoi bhráid an Údaráis ag conraitheoirí, ag sainchomhairleoirí nó ag aon duine eile;

ciallaíonn “obair foirgníochta” aon obair thógála, innealtóireachta sibhialta nó foirgníochta innealtóireachta a sheoladh, de réir mar a fhorordófar.

ciallaíonn “conradh fostaíochta” conradh fostaíochta nó seirbhíse nó printíseachta, cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

ciallaíonn “teagmhas contúirteach” teagmhas a tharlaíonn de dhroim gníomhaíochtaí oibre in áit oibre ar teagmhas é is cúis le haon ní díobh seo a leanas tarlú nó a mbeidh aon ní díobh seo a leanas mar thoradh air—

- (a) titim, iompú, teip, pléascadh, briseadh, díluchtú gearrchiorcaid leictrigh nó rólódáil leictreach, nó mífheidhmiú aon trealaimh oibre,
- (b) titim nó páirt-titim aon fhoirgnimh nó déanmhais atá á fhoirgniú nó in úsáid mar áit oibre,
- (c) scaoileadh neamhrialaithe nó tionóisceach aon substainte nó éalú nó adhaint aon substainte,
- (d) dóiteán a bhainfidh le haon substaint, nó
- (e) aon adhaint nó pléascadh neamhbheartaithe pléascach,

de réir mar a fhorordófar;

folaíonn “stiúrthóir” duine ar gnách le stiúrthóirí an ghnóthais lena mbaineann gníomhú de réir a ordachán nó a threoracha nó de réir a hordachán nó a treoracha ach ní fholáíonn sé duine den sórt sin más gnách leis na stiúrthóirí gníomhú amhlaidh de bhíthin amháin go ndéanann siad amhlaidh ar chomhairle a thugann an duine i gcáil ghairmiúil;

ciallaíonn “fostaí” duine a bhfuil conradh fostaíochta déanta aige nó aici nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta) agus foláíonn sé fostaí téarma shocraithe agus fostaí sealadach agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

maidir le “fostóir”, i ndáil le fostaí—

- (a) ciallaíonn sé an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena raibh conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta),

Cd.1 A.2

[*Uimh. 10.*] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

(b) folaíonn sé duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) a n-oibríonn fostaí faoina rialú agus faoina stiúradh, agus

(c) folaíonn sé, más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

foláíonn “achtachán” aon ionstraim arna déanamh faoi achtachán;

ciallaíonn “achtacháin láithreacha”—

(a) na hachtacháin a shonraítear i *gCuid 1 de Sceideal 2* agus aon ionstraimí arna ndéanamh faoi na hachtacháin sin agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé, agus

(b) na rialacháin arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 agus a bheidh i bhfeidhm de thuras na huairé agus a shonraítear i *gCuid 2 de Sceideal 2*;

ciallaíonn “fostaí téarma shocráithe” fostaí a mbeidh a fhostaíocht nó a fostaíocht faoi rialú conartha fostaíochta ar feadh téarma shocráithe nó chun críche sonrúithe is críoch de chineál go raibh teorainn le ré an chonartha ach nárbh fhéidir, tráth an chonartha a dhéanamh, a ré a fhionnadh go baileach;

ciallaíonn “faireachas sláinte” athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh, d’fhonn sláinte a chosaint agus galar a bhaineann le ceird a chosc, ar shláinte fostaíthe, ionas go ndéanfar aon droch-athruithe ina sláinte a d’fhéadfadh a bheith bainteach le dálaí oibre a shainaitheint a luaithe is féidir;

ciallaíonn “fógra feabhsúcháin” fógra a sheirbheálfar faoi *alt 66*;

ciallaíonn “plean feabhsúcháin” plean a cheanglaítear a chur faoi bhráid cigire faoi *alt 65*;

ciallaíonn “cigire” duine a bheidh údaraithe faoi *alt 62* ag an Údarás nó ag duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*;

foláíonn “meisceach” alcól agus drugaí agus aon teaghlaim de dhruaí nó de dhruaí agus alcól;

léifear “comhaontú comhpháirteach sábháilteachta agus sláinte” de réir *alt 24*;

tá le “leas ábhartha” an bhrí a shanntar dó le *halt 2(3)* den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995;

foláíonn “míocrorgánach” aon eintiteas micreascópach bitheolaíoch is inmhasamhlaithe;

ciallaíonn “Aire” an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

tá le “pionósú” an bhrí a shanntar dó le *halt 27* agus léifear focail ghaolmhara dá réir sin;

foláíonn “díobháil phearsanta”—

(a) aon díobháil, galar, míchumas, breoiteacht cheirde nó aon mhallachar ar bhail choirp nó mheabhrach, nó

(b) aon bhás,

is inchurtha i leith oibre;

folaíonn “áit oibre” aon áit (cibé acu laistigh d’fhoirgneamh nó de dhéanamhas nó nach ea nó is cuid d’fhoirgneamh nó de dhéanamhas nó nach ea), talamh nó suíomh eile nó aon chuid d’aon cheann díobh, a ndéantar obair, cibé acu go hócáideach nó ar shlí eile, acu, iontu, orthu nó gar dóibh agus folaíonn sé go háirithe—

- (a) i ndáil le tionscal eastóscach lena n-áirítear gníomhaíocht taiscéalaithe, an limistéar iomlán ina mbeartaítear stáisiúin oibre a chur a mbeidh rochtain ag fostaithe orthu chun críocha a gcuid oibre a bhaineann le gníomhaíochtaí agus suiteálacha láithreacha agus coimhdeacha, de réir mar is cuí—
 - (i) an tionscail eastóscaigh ar an dromchla nó, de réir mar a bheidh, faoi thalamh, lena n-áirítear láithreáin fuilligh scráithe uachtair agus aon chlaiseanna fuilligh eile agus aon chóiríocht a sholáthrófar agus i gcás an tionscail eastóscaigh faoi thalamh, aon limistéar oibre,
 - (ii) an tionscail eastóscaigh trí tholladh a dhéanamh ar tír mór lena n-áirítear aon chóiríocht a sholáthrófar, agus
 - (iii) an tionscail eastóscaigh trí tholladh a dhéanamh amach ón gcósta lena n-áirítear aon chóiríocht a sholáthrófar,
- (b) puball, leantóir, déanamhas sealadach nó déanamhas sochorraithe, agus
- (c) feithicil, soitheach nó aerárthach;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe—

- (a) le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo (seachas i gcás *ailt 66(7), 67(7) agus 72(3)*), agus
- (b) i gcás *ailt 66(7), 67(7) agus 72(3)* le rialacha arna ndéanamh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire,

agus déanfar focail ghaolmhara a léamh dá réir sin;

ciallaíonn “fógra toirmisc” fógra a sheirbheálfar faoi *alt 67*;

tá le “indéanta go réasúnach” an bhrí a shanntar le *fo-alt (6)*;

ciallaíonn “ceardchumainn agus comhlachais foirne aitheanta” ceardchumainn agus comhlachais foirne arna n-aithint ag an Údarás chun críche caibidlí a bhaineann le luach saothair, coinníollacha fostaíochta nó coinníollacha oibre a chuid fostaithe;

folaíonn “taifead” aon mheabhrán, leabhar, tuarascáil, ráiteas, clár, pleán, cairt, léarscáil, líníocht, sonraíocht, léaráid, saothar pictiúrtha nó grafach nó doiciméad eile, aon ghrianghraf, scannán nó taifeadadh (cibé acu is taifeadadh fuaime nó taifeadadh íomhána nó iad araon é), aon fhoirm ina gcoimeádtar sonraí (de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003), aon fhoirm (lena

Cd.1 A.2

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

n-áirítear foirm mheaisín-inléite) nó rud ina ndéantar faisnéis a choimeád nó a stóráil de láimh, go meicniúil nó go leictreonach, agus aon rud ar cuid nó cóip é, i bhfoirm ar bith, d'aon cheann nó d'aon teaglaím, díobh sin roimhe seo;

ciallaíonn “lia-chleachtóir cláraithe” duine a bhfuil a ainm nó a hainm cláraithe i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí;

ciallaíonn “forálacha reachtúla iomchuí” achtacháin láithreacha agus an tAcht seo agus aon ionstraim arna déanamh faoin Acht seo atá i bhfeidhm de thuras na huairé;

déanfar “measúnú priacail” a léamh de réir *alt 19*;

ciallaíonn “ionadaí sábháilteachta” duine a roghnófar agus a cheapfar mar ionadaí sábháilteachta faoi *alt 25*;

déanfar “ráiteas sábháilteachta” a léamh de réir *alt 20*;

ciallaíonn “duine féinfhostaithe” duine a oibríonn le haghaidh brabúis nó gnóchain, ar shlí seachas faoi chonradh fostaíochta, cibé acu a fhostaíonn nó nach bhfostaíonn an duine daoine eile;

tá le “cion-iascaire” an bhrí a shanntar le *fo-alt (3)(c)*;

ciallaíonn “tuarascáil speisialta” tuarascáil a thabharfar faoi *alt 70*;

ciallaíonn “ráiteas straitéise” ráiteas straitéise an Údaráis arna ullmhú agus arna ghlacadh faoi *alt 43*;

folaíonn “substaint” aon substaint, ullmhóid nó oibreán, nádúrtha nó saorga, i bhfoirm sholadach nó leachtach nó mar ghás nó gal nó mar mhicrorgánach;

ciallaíonn “sochair aoisliúntais” pinsean, aisce nó liúntas eile is iníochta ar éirí as, ar scor nó ar bhás;

ciallaíonn “fostaí sealadach” fostaí a bheidh sannta ag gnó fostaíochta sealadaí chun oibriú do ghnóthas eile agus faoi rialú gnóthais eile a bhainfidh leas as seirbhísí an fhostaí;

ciallaíonn “gnó fostaíochta sealadaí” gnó, lena n-áirítear gníomhaireacht fostaíochta de réir bhrí an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971, a sholáthraíonn fostaíochta sealadacha do ghnóthais eile a bhainfidh leas as seirbhísí na bhfostaithe sin;

ciallaíonn “ceardchumann” ceardchumann is sealbhóir ceadúnais margántaíochta faoi Chuid II den Acht Ceárd-Chumann, 1941;

ciallaíonn “gnóthas” duine arb é atá ann nó arb í atá inti pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine atá ag gabháil d'earraí a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh nó do sheirbhís a sholáthar (cibé is le haghaidh brabúis a dhéanann sé nó sí é nó nach ea);

folaíonn “úsáid”—

- (a) i gcás airceadail, an t-airceadal a mhonarú, a sholáthar, a oibriú, a shuíomh, a dheisiú, a ghlanadh agus a chothabháil, agus

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Cd.1 A.2

- (b) i gcás substainte, an tsubstaint a mhonarú, a phróiseáil, a oibriú, a stóráil, a chóireáil, a mheascadh, a phacáil, a iompar, a sholáthar, a láimhseáil, a líonadh nó a fholmhú, a luchtú agus a dhífluchtú;

ciallaíonn “soitheach” ártach snámha d’aon chineál, cibé acu is uathghluaisteach di nó nach ea, agus folaíonn sé ártach aerchúisíneach agus aon déanmhas in uisce nó ar uisce, nó ar uisce agus i bhfostú den talamh;

ciallaíonn “clár oibre” clár oibre an Údaráis arna ullmhú agus arna ghlacadh faoi *alt 44*;

- (2) (a) Chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, measfar gur duine inniúil duine más rud é, ag féachaint don tasc a éilítear air nó uirthi a chomhlíonadh agus ag cur i gcuntas méid nó guaiseacha (nó iad araon) an ghnóthais nó na bunáochta ina ngabhann sé nó sí obair de láimh, go bhfuil ag an duine dóthain oiliúna, taithí agus eolais atá cuí do chineál na hoibre atá le gabháil de láimh.

- (b) Chun críocha *mhír (a)*, cuirfear i gcuntas, de réir mar is cuí, an creat cáilíochtaí dá dtagraítear in Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

(3) San Acht seo, i ndáil le fostóir, déanfar tagairtí d’fhostaí a léamh mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin, agus chun críocha an Achta seo—

- (a) measfar duine a shealbhaíonn oifig faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear státseirbhíseach de réir bhrí “stát-sheirbhíseach” in Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956) a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag an Stát nó ag an Rialtas, de réir mar a bheidh,

- (b) measfar oifigeach nó seirbhíseach d’údarás cuain, d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó do choiste gairmoideachais a bheith ina fhostaí nó ina fostaí atá ar fostú ag údarás cuain, ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ag coiste gairmoideachais, de réir mar a bheidh, agus

- (c) measfar cion-iascaire a bheith ina fhostaí nó ina fostaí de chuid úinéara nó scipéara soithigh iascaireachta, de réir mar a bheidh, ar ina theannta nó ina teannta a rachaidh sé nó sí ar bord an tsoithigh iascaireachta mar chomhalta den fhoireann chun dul i mbun iascaireachta i gcás gurb é cion den ghabháil éisc nó de na brabúis nó den tuilleamh comhlán as an soitheach a oibriú a luach saothair.

(4) Chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, i gcás go gcomhaontóidh pearsa aonair le duine a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Gníomhaireacht Fostaíochta, 1971 á sheoladh aige nó aici agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do dhuine eile (cibé acu atá nó nach bhfuil an duine deiridh ina pháirtí nó ina páirtí sa chonradh agus cibé acu a íocann nó nach n-íocann an duine deiridh pá nó tuarastal na pearsan aonair i leith na hoibre nó na seirbhíse), ansin measfar gurb é nó gurb í an duine deiridh fostóir an duine aonair chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí.

(5) Chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, duine atá á oiliúint nó á hoiliúint le haghaidh fostaíochta nó a bhfuil taithí oibre á fáil aige nó aici, seachas nuair a bheidh sé nó sí i láthair ar chúrsa staidéir in ollscoil, i scoil nó i gcoláiste, measfar gur fostaí é nó í de chuid an duine arb é a ghnóthas nó a gnóthas (cibé atá sé á sheoladh aige nó aici le haghaidh brabúis nó nach bhfuil) a neas-sholáthraíonn oiliúint nó taithí oibre don duine sin de thuras na huaire, agus forléireofar “fostaí”, “fostóir” agus focail agus abairtí gaolmhara dá réir sin.

(6) Chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, ciallaíonn “indéanta go réasúnach”, i ndáil le dualgais fostóra, go bhfuil an fostóir tar éis gach cúram cuí a ghlacadh trí na bearta cosantacha agus na bearta coisc is gá a chur ar bun, tar éis dó nó di na guaiseacha a aithint agus na priacail don tsábháilteacht agus don tsláinte a mheasúnú ar dóigh go mbeadh tionóiscí nó díobháil don tsláinte san ionad oibre lena mbaineann dá ndeasca agus i gcás go bhfuil sé díréireach go mór aon bhearta thairis sin a chur ar bun ag féachaint do chineál neamhghnách, dothuartha agus eisceachtúil aon imthoisce nó teagmhais a bhféadfaidh tionóisc nó díobháil don tsláinte san ionad oibre sin a bheith ann dá dheasca nó dá deasca.

(7) Déanfar tagairtí sna forálacha reachtúla iomchuí do mheasúnú priacail nó do ráiteas sábháilteachta a léamh mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do mheasúnú priacail leasaithe nó do ráiteas sábháilteachta leasaithe, de réir mar a bheidh.

(8) Is éard a bheidh i mbliain airgeadais an Údaráis tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig in aon bhliain, agus chun críocha *ailt 45* agus *48* measfar gur bliain airgeadais de chuid an Údaráis an tréimhse dar tosach teacht i ngníomh *alt 45* agus dar críoch an 31 Nollaig dá éis sin.

(9) San Acht seo—

- (a) aon tagairt do Chuid, d’alt nó do Sceideal, is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,
- (c) déanfar aon tagairt d’aon achtachán a léamh mar thagairt don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile nó faoi, lena n-áirítear an tAcht seo,
- (d) déanfar aon tagairt d’ionstraim reachtúil nó do Rialacháin a léamh mar thagairt don ionstraim sin arna leasú, arna hoiriúnú nó do Rialacháin arna leathnú le haon ionstraim reachtúil eile, agus
- (e) folaíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt d’fheidhmiú cumhachtaí agus do chomhall dualgas.

(10) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear san Acht seo agus a úsáidtear freisin i dTreoir 89/391/CEE an 12 Meitheamh 1989 ón gComhairle nó i dTreoir 91/383/CEE an 25 Meitheamh 1991 ón

gComhairle, mura léir a mhalairt d'intinn, an bhrí chéanna san Acht seo atá leis nó léi sna Treoracha sin.

3.—(1) Aon fhógra nó doiciméad eile a cheanglaítear nó a údaraítear a sheirbheáil ar aon duine, a chur chuig aon duine nó a thabhairt d'aon duine faoi na forálacha reachtúla iomchuí, déanfar, faoi réir *fho-alt (2)*, é a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil ar an duine, a chur chuig an duine nó a thabhairt don duine ar cheann de na slite seo a leanas:

- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin;
- (c) trína chur leis an bpost i litir chláráithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin;
- (d) i gcás nach féidir an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine a fháil amach trí fhiosrú réasúnach agus go gceanglaítear an fógra nó an doiciméad eile a sheirbheáil air nó uirthi, a chur chuige nó chuici nó a thabhairt dó nó di i leith aon áite oibre, trína sheachadadh ar dhuine atá os cionn 16 bliana d'aois agus a chónaíonn nó atá ar fostú san áit oibre nó trína ghreamú in áit fheiceálach ar an áit oibre nó gar don áit oibre;
- (e) más rud é gur chomhaontaigh an duine lena mbaineann go ndéanfaí fógraí a sheirbheáil trí chumarsáid leictreonach (de réir na brí a shanntar le halt 2 den Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000) chuig an duine sin (is seolaí de réir na brí a shanntar leis an alt sin) agus ar an gcoinníoll go bhfuil saoráid ann chun a dhearbhu go bhfuarthas post leictreonach agus gur dearbhaíodh go bhfuarthas é, ansin ar an modh sin;
- (f) i gcás go mbeidh saoráid ann chun macasamhail den fhógra a fháil trí mheán leictreonach ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ag a seolann sé nó sí gnó, trí mhacasamhail den fhógra a tharchur ar an modh sin chuig an seoladh sin, ar choinníoll go ndéanfar an fógra a sheirbheáil nó a thabhairt freisin ar aon cheann de na slite eile dá dtagraítear san fho-alt seo, nó
- (g) ar aon mhodh eile a fhorordófar.

(2) I gcás go mbeidh fógra nó doiciméad eile a cheanglaítear nó a údaraítear faoi na forálacha reachtúla iomchuí le seirbheáil ar dhuine, le cur chuig duine, nó le tabhairt do dhuine, is úinéir nó áititheoir áite oibre agus nach féidir ainm an duine a fháil amach trí fhiosrú réasúnach, féadfar é a dhíriú chuig an duine trí na focail “an t-úinéir” nó, de réir mar is gá sa chás, “an t-áititheoir” a úsáid.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003 ag a hoifig chláráithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach

Cd.1 A.3 [Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

Aisghairm agus cosaintí.

4.—(1) Aisghairtear ailt 38 agus 41 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.

(2) Aisghairtear na hachtacháin láithreacha a leagtar amach i *gCuid 1 de Sceideal 2*.

(3) I gcás ina dtagraíonn aon doiciméad d'achtachán láithreach a aisghairtear leis an Acht seo agus ina ndéantar foráil leis an Acht seo atá comhréireach leis an achtachán sin, ansin, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, forléireofar an tagairt sin mar thagairt don fhoráil chomhréire den Acht seo nó, de réir mar a bheidh, mar thagairt a fholáíonn tagairt don fhoráil sin.

(4) Faoi réir *fho-alt (3)*, maidir le haon ionstraim (lena n-áirítear aon ordú nó rialachán) a bheidh déanta nó eisithe faoi achtachán láithreach atá leagtha amach i *gCuid 1 de Sceideal 2* agus maidir le haon ní eile a bheidh déanta faoin gcéanna, agus a bheidh i bhfeidhm díreach sula n-aisghairtear an t-achtachán sin le *fo-alt (2)*, a mhéid a d'fhéadfaí í nó é a dhéanamh nó a eisiúint faoi fhoráil chomhréire den Acht seo, ní chuirfidh na haisghairmeacha a dhéantar le *fo-alt (2)* í nó é ó bhail ach leanfaidh sí nó sé i bhfeidhm, ach amháin a mhéid a fhoráiltear a mhalairt leis an Acht seo, amhail is dá mba faoin Acht seo a rinneadh nó a eisíodh í nó é.

Caiteachais.

5.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Feidhm na bhforálacha reachtúla iomchuí maidir le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí áirithe.

6.—(1) Beidh feidhm ag na forálacha reachtúla iomchuí maidir le príosúin agus le háiteanna coinneála mura bhfuil a bhfeidhmíú ar neamhréir le slánchoimeád, dea-ord agus slándáil.

(2) Faoi réir *alt 11*, beidh feidhm ag na forálacha reachtúla iomchuí maidir le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann ach amháin i gcás ina mbeidh siad—

- (a) ar fiannas de réir bhrí alt 5 den Acht Cosanta, 1954 nó ina meastar iad a bheith ar fiannas de réir bhrí alt 4(1) den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960,
- (b) ag gabháil do chomhrac i gcúrsa dualgas oibríochta ar muir,
- (c) ag gabháil d'oibríochtaí i gcabhair ar an gcumhacht shibhialta, nó
- (d) ag gabháil d'oiliúint a bhaineann go díreach le haon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear i *míreanna (a)* go (c).

Feidhm na bhforálacha reachtúla iomchuí maidir le daoine féinfhostaithe.

7.—Beidh feidhm ag na forálacha reachtúla iomchuí, más cuí, maidir le duine féinfhostaithe mar atá feidhm acu maidir le fostóir agus amhail is dá mba fhostóir an duine féinfhostaithe sin agus dá mba é nó í a fhostaí nó a fostaí féin agus léifear tagairtí sna forálacha reachtúla iomchuí d'fhostóir mar thagairtí do dhuine féinfhostaithe.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

CUID 2

DUALGAIS GHINEARÁLTA

CAIBIDIL 1

Dualgais Ghinearálta Fostóra

8.—(1) Déanfaidh gach fostóir, a mhéid is indéanta go réasúnach, Dualgais ghinearálta fostóra. sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a cinntiú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, sroichfidh dualgais an fhostóra, go sonrach, chuig na níthe seo a leanas:

- (a) gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is indéanta go réasúnach, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair;
- (b) gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a choisfidh, a mhéid is indéanta go réasúnach, aon iompar nó iompraíocht atá míchuí agus ar dóigh dó nó di sábháilteacht, sláinte nó leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chur i mbaol;
- (c) a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach, maidir leis an áit oibre lena mbaineann, go ndéantar—
 - (i) é a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil i riocht atá sábháilte agus gan priacal don tsláinte,
 - (ii) bealaí sábháilte isteach ann agus amach as a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil, agus
 - (iii) gléasra agus innealra nó aon airceadail eile atá sábháilte agus gan priacal don tsláinte a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil;
- (d) a mhéid is indéanta go réasúnach, sábháilteacht a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú agus priacal dá sláinte ag an obair a chosc is priacal a bhaineann le haon airceadal nó substaint a úsáid nó a bhaineann le risíocht le torann, le creathadh nó le radaíochtaí ianúcháin nó radaíochtaí eile nó le haon oibreán fisiceach eile;
- (e) córais oibre a chur ar fáil atá pleanáilte, eagraithe, curtha i gcrích, cothabháilte agus athmheasta mar is cú ionas go mbeidh siad, a mhéid is indéanta go réasúnach, sábháilte agus gan phriacal don tsláinte;
- (f) saoráidí agus socruithe le haghaidh leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chur ar fáil agus a chothabháil;
- (g) an fhaisnéis, an teagasc, an oiliúint agus an mhaoirseacht a chur ar fáil is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach;

- (h) na bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chinneadh agus a chur i ngníomh is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe a chosaint le linn guaiseacha a shainathint agus le linn measúnú priacail a dhéanamh faoi *alt 19* nó ráiteas sábháilteachta a ullmhú faoi *alt 20* agus a chinntiú go gcuirfear i gcuntas sna bearta imthosca athraitheacha agus prionsabail ghinearálta an choiscthe a shonraítear i *Scideal 3*;
- (i) ag féachaint do phrionsabail ghinearálta an choiscthe i *Scideal 3*, i gcás nach féidir priacail a chur ar ceal nó a rialú go leordhóthanach nó i cibé imthosca a fhorordófar, cibé éadach nó trealamh cosantach oiriúnach a chur ar fáil agus a chothabháil is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach;
- (j) pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheidh le leanúint agus bearta a bheidh le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirte móire a ullmhú agus a athmheas, mar is cuí;
- (k) tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a thuairisciú de réir mar a fhorordófar don Údarás nó do dhuine a fhorordófar faoi *alt 33*, mar is cuí, agus
- (l) seirbhísí duine inniúil a fháil (cibé acu faoi chonradh fostaíochta nó ar shlí eile), más gá, chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaithe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach.

(3) Aon dualgas a fhorchuirtear ar fhostóir faoi na forálacha reachtúla iomchuí i leith aon duine dá fhostaithe nó dá fostaithe, beidh feidhm aige freisin maidir le húsáid seirbhísí fostaí téarma shocraithe nó fostaí shealadaigh ag an bhfostóir.

(4) Ar feadh ré sannacháin aon fhostaí téarma shocraithe nó aon fhostaí shealadaigh a bheidh ag obair ina ghnóthas nó ina gnóthas, beidh sé de dhualgas ar gach fostóir a chinntiú maidir le dálaí oibre gur de chineál iad a chosnóidh sábháilteacht, sláinte agus leas fostaí den sórt sin ag an obair.

(5) Cinnteoidh gach fostóir nach mbeidh aon chostas airgeadais ar a fhostaithe nó a fostaithe i gceist in aon bhearta a dhéanfaidh sé nó sí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair.

Faisnéis
d'fhostaithe.

9.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8*, déanfaidh gach fostóir, le linn dó nó di faisnéis a chur ar fáil dá fhostaithe nó dá fostaithe faoin alt seo i dtaobh nithe a bhaineann lena sábháilteacht, lena sláinte agus lena leas ag an obair, a chinntiú maidir leis an bhfaisnéis—

- (a) go dtabharfar í i bhfoirm agus ar mhodh agus, más cuí, i dteanga is dóigh le réasún a thuigfidh na fostaithe lena mbaineann, agus
- (b) go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh inti—
 - (i) na guaiseacha do shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair agus na priacail a sainathníodh tríd an measúnú priacail,

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Cd.2 A.9

- (ii) na bearta cosantacha agus coisctheacha a bheidh le déanamh maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair faoi na forálacha reachtúla iomchuí i leith na háite oibre agus i leith gach taisc shonraigh a bheidh le comhlíonadh san áit oibre, agus
- (iii) ainmneacha daoine arna n-ainmniú faoi *alt 11* agus ainmneacha ionadaithe sábháilteachta arna roghnú faoi *alt 25*, más ann.

(2) I gcás go mbeidh fostaí de chuid gnóthais eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí oibre i ngnóthas fostóra, déanfaidh an fostóir sin bearta chun a chinntiú go bhfaighidh fostóir an fhostaí faisnéis leordhóthanach maidir leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

(3) Cinnteoidh gach fostóir, go mbeidh rochtain ag fostaíthe arna gceapadh faoi *alt 18* agus ag ionadaithe sábháilteachta, más ann, d'fhonn a bhfeidhmeanna maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chomhlíonadh—

- (a) ar an measúnú priacail arna dhéanamh faoi *alt 19*,
- (b) ar fhaisnéis maidir le tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a cheanglaítear a thuairisciú don Údarás nó do dhuine a fhorordófar faoi *alt 33* faoi na forálacha reachtúla iomchuí, agus
- (c) ar aon fhaisnéis a éireoidh as bearta cosantacha agus coisctheacha a dhéanfar faoi na forálacha reachtúla iomchuí nó a chuirfidh an tÚdarás, nó duine a fhorordófar faoi *alt 33*, nó duine dá dtagraítear in *alt 34(2)* ar fáil.

(4) (a) Más rud é go mbeartaíonn fostóir seirbhísí fostaí téarma shocraithe nó fostaí shealadaigh a úsáid, déanfaidh an fostóir, sula dtosóidh fostaíocht, faisnéis a thabhairt don fhostaí maidir leis na nithe seo a leanas—

- (i) aon phriacail ionchasacha do shábháilteacht, do shláinte agus do leas an fhostaí ag an obair,
- (ii) faireachas sláinte,
- (iii) aon cháilíochtaí nó scileanna speisialta ceirde is gá san áit oibre, agus
- (iv) aon phriacail mhéadaithe shonracha a d'fhéadfadh a bheith i gceist san obair.

(b) Más rud é go mbeartaíonn fostóir seirbhísí fostaí shealadaigh a úsáid, déanfaidh an fostóir—

- (i) na cáilíochtaí ceirde is gá don obair agus na gnéithe sonracha den obair ar chucu a theastaíonn an fostaí a shonrú don ghnó fostaíochta sealadaí lena mbaineann, agus
- (ii) a chinntiú go dtabharfaidh an gnó fostaíochta sealadaí an fhaisnéis dá dtagraítear i *mír (a)* don fhostaí.

(5) Tabharfaidh an gnó fostaíochta sealadaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)* an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)(i)* don fhostaí.

CD.2

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

Teagasc, oiliúint
agus maoirseacht
fostaithe.

10.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8* agus ag féachaint *d'ailt 25* agus *26*, cinnteoidh gach fostóir le linn teagasc, oiliúint agus maoirseacht a sholáthar dá fhostaithe nó dá fhostaithe i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair—

- (a) go soláthrófar teagasc, oiliúint agus maoirseacht i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga is dóigh le réasún a thuigfidh an fostaí lena mbaineann,
- (b) go bhfaighidh fostaithe, le linn ama shaoir óna gcuid oibre, más cuí, agus gan luach saothair a chailleadh, oiliúint leordhóthanach sábháilteachta, sláinte agus leasa, lena n-áirítear, go háirithe, faisnéis agus treoracha a bhaineann leis an tasc sonracha a bheidh le comhlíonadh ag an bhfostaí agus na bearta a bheidh le déanamh in éigeandáil,
- (c) maidir le haon tasc sonracha a shannfar d'fhostaí, go gcuirfear i gcuntas a chumas nó a cumas maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas,
- (d) i gcás—
 - (i) aicme nó aicmí d'fhostaithe atá íogair ar shlí ar leith agus a mbeidh feidhm ag aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí maidir leo, nó
 - (ii) aon fhostaí nó grúpa d'fhostaithe a chuirfear faoi phriacail dá bhforáiltear go sainráite faoi na forálacha reachtúla iomchuí,

go bhfuil na fostaithe lena mbaineann cosanta ar na contúirtí a fhearann go sonracha orthu.

(2) Déanfar oiliúint faoin alt seo a oiriúnú chun priacail nua nó priacail athraithe don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas ag an obair a chur i gcuntas agus athdhéanfar an oiliúint go tréimhsiúil.

(3) Cuirfear oiliúint faoin alt seo ar fáil d'fhostaithe—

- (a) ar iad a earcú,
- (b) i gcás ina n-aistreofar fostaí nó i gcás ina n-athrófar an tasc a shannfar d'fhostaí,
- (c) ar threalamh oibre nua, córais oibre nua nó athruithe ar threalamh oibre láithreach nó ar chórais oibre láithreacha a thabhairt isteach, agus
- (d) ar theicneolaíocht nua a thabhairt isteach.

(4) Más rud é, i dtaca le haon obair ar leith, go bhforordófar ceanglais inniúlachta, déanfaidh an fostóir socrú maidir le fostaithe a scaoileadh saor, le linn uaireanta oibre, más cuí, agus gan luach saothair a chailleadh, chun freastal ar oiliúint i nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair maidir leis an obair ar leith.

(5) Cinnteoidh gach fostóir go bhfaighidh daoine a bheidh ag obair san áit oibre lena mbaineann agus ar fhostaithe iad de chuid fostóra eile treoracha maidir le haon phriacail dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas san áit oibre sin de réir mar is gá nó is cuí.

(6) Cinnteoidh gach fostóir a úsáideann seirbhísí fostaí téarma shocraithe nó fostaí shealadaigh go bhfaighidh an fostaí an oiliúint is cuí don obair a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh ag féachaint dá cháilíochtaí nó dá cáilíochtaí agus dá thaithí nó dá taithe.

11.—(1) Gan dochar do ghinearálacht *alt 8*, le linn dó nó di Éigeandálaí agus garchontúirtí móra. pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bheidh le leanúint agus bearta a bheidh le déanamh i gcás éigeandála nó i gcás garchontúirte móire a ullmhú agus a athmheas de réir mar is gá, déanfaidh gach fostóir—

- (a) na bearta riachtanacha a bheidh le déanamh a chur ar fáil ar bearta iad is cuí don áit oibre i dtaca le garchabhair, comhrac dóiteáin, agus fostaithe agus aon phearsa aonair eile a bheidh i láthair san áit oibre a aslonnú, ag cur i gcuntas cineál na hoibre a bheidh á seoladh agus méid na háite oibre,
- (b) aon teagmhálacha riachtanacha leis na seirbhísí éigeandála cuí a shocrú, go háirithe maidir le garchabhair, cúram liachta éigeandála, obair tharrthála agus comhrac dóiteáin,
- (c) chun na pleananna, na nósanna imeachta agus na bearta dá dtagraítear san alt seo agus in *alt 8* a chur i ngníomh—
 - (i) fostaithe a ainmniú a gceanglaítear orthu na pleananna, na nósanna imeachta agus na bearta sin a chur i ngníomh, agus
 - (ii) a chinntiú go bhfuil líon na bhfostaithe sin, a n-oiliúint agus an trealamh atá ar fáil dóibh leordhóthanach, ag cur i gcuntas méid na háite oibre nó na guaiseacha sonracha a bhaineann leis an áit oibre nó iad araon.

(2) I gcás éigeandála nó garchontúirte móire, déanfaidh an fostóir—

- (a) an priacal atá ann agus na bearta a rinneadh nó a dhéanfar chun iad a chosaint a chur in iúl do na fostaithe go léir lena mbaineann a luaithe is féidir,
- (b) seachas i gcásanna eisceachtúla ar na cúiseanna a shonrófar sna pleananna agus sna nósanna imeachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, staonadh ó cheangal a chur ar fhostaithe obair a dhéanamh nó athchromadh ar an obair i gcás ina bhfuil garchontúirt mhór dá sábháilteacht agus dá sláinte fós ann, agus
- (c) a chinntiú, cheal treorach cuí nó teagaisc chuí agus ag féachaint d'eolas an fhostaí agus do na sásanna teicniúla a bheidh faoina réir, agus i gcás nach bhféadfar teagmháil a dhéanamh le neas-uachtarán freagrach an fhostaí, go bhféadfaidh an fostaí lena mbaineann bearta iomchuí a dhéanamh chun iarmhairtí na contúirte a sheachaint.

(3) I gcás garchontúirte tromchúisí, dosheachanta, déanfaidh fostóir—

- (a) gníomh agus tabharfaidh sé nó sí treoracha chun a chumasú d'fhostaithe éirí as obair nó an áit oibre a

fhágáil láithreach agus dul ar aghaidh chuig áit shábháilte, nó an dá rud, agus

(b) a chinntiú nach ndéanfar fostaí a fhágann áit oibre a phionósú mar gheall ar an ngníomh sin.

(4) Cinnteoidh fostóir nach mbeidh rochtain ar láthair na háite oibre ina mbeidh contúirt thromchúiseach, shonrach ach amháin ag fostaithe a mbeidh treoracha cuí faighte acu.

(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis na daoine seo a leanas nuair a bheidh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le héigeandálaí sibhialta, ord poiblí, slándáil nó gníomh cogaidh i gcás ina gcuirfidh aon ghníomhaíocht den sórt sin cosc ar an alt seo a chomhlíonadh:

(a) comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann;

(b) comhaltaí den Gharda Síochána;

(c) fostaithe de chuid údaráis dóiteáin (de réir bhrí an Achta Seirbhísí Dóiteáin, 1981), nó

(d) daoine atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí caomhnaithe sibhialta nó cosanta sibhialta.

Dualgais
ghinearálta fostóirí i
leith daoine seachas
a gcuid fostaithe.

12.—Déanfaidh gach fostóir a ghnóthas nó a gnóthas a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí a chinnteoidh, a mhéid is féidir le réasún, nach ndéanfar, i gcúrsa an obair a bheith á seoladh, pearsana aonair ag an áit oibre (nach fostaithe dá chuid nó dá cuid) a chur faoi phriacail maidir lena sábháilteacht, lena sláinte nó lena leas.

CAIBIDIL 2

Dualgais Ghinearálta Fostaí agus Daoine a bhfuil Áiteanna Oibre faoina Rialú

Dualgais fostaí.

13.—(1) Maidir le fostaí, le linn dó nó di a bheith ag obair—

(a) déanfaidh sé nó sí na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí, agus glacfaidh sé nó sí cúram réasúnach chun a shábháilteacht, a shláinte agus a leas nó a sábháilteacht, a sláinte agus a leas agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a bhféadfadh gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhostaí ag an obair fearadh air nó uirthi a chaomhnú,

(b) cinnteoidh sé nó sí nach mbeidh sé nó sí faoi thionchar meiscigh go feadh méid go mbeidh sé nó sí sa riocht sin go gcuirfeadh sé nó sí a shábháilteacht, a shláinte nó a leas féin nó a sábháilteacht, a sláinte nó a leas féin, ag an obair, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, i gcontúirt,

(c) má iarrann a fhostóir nó a fostóir air nó uirthi é le réasún, rachaidh sé nó sí faoi aon tástálacha cuí, réasúnacha agus comhréireacha le haghaidh meisceach arna ndéanamh ag lia-chleachtóir cláraithe nó faoi mhaoirseacht lia-chleachtóra chláráithe, ar duine inniúil é nó í, de réir mar a fhorordófar,

- (d) comhoibreoidh sé nó sí lena fhostóir nó lena fostóir nó le haon duine eile a mhéid is gá chun a chumasú dá fhostóir nó dá fostóir nó don duine eile na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí,
- (e) ní ghabhfaidh sé nó sí d'iompar míchuí nó d'iompraíocht eile ar dóigh dó nó di a shábháilteacht, a shláinte nó a leas féin nó a sábháilteacht, a sláinte nó a leas féin, ag an obair, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt,
- (f) freastalóidh sé nó sí ar cibé oiliúint agus, de réir mar is cuí, rachaidh sé nó sí faoi cibé measúnú, a éileoidh a fhostóir nó a fostóir le réasún nó a fhorordófar, agus a bhainfidh le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair nó a bhainfidh leis an obair a dhéanann sé nó sí,
- (g) ag féachaint dá oiliúint nó dá hoiliúint agus na treoracha a thugann a fhostóir nó a fostóir dó nó di, bainfidh sé nó sí an úsáid cheart as aon airceadal nó substaint a sholáthraítear lena úsáid nó lena húsáid ag an bhfostaí ag an obair nó chun a shábháilteacht, a shláinte agus a leas nó a sábháilteacht, a sláinte agus a leas ag an obair a chaomhnú, lena n-áirítear éadach nó trealamh cosantach,
- (h) déanfaidh sé nó sí, a luaithe is indéanta—
- (i) aon obair a bheidh á déanamh, nó ar dóigh go mbeidh sí á déanamh, ar shlí a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair an fhostaí nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt,
- (ii) aon fhabht san áit oibre, sna córais oibre, nó in aon airceadal nó substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas an fhostaí ag an obair nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt, nó
- (iii) aon sárú ar na forálacha reachtúla iomchuí a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas an fhostaí ag an obair nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, a chur i gcontúirt,

agus a mbeidh a fhios aige nó aici fúthu, a thuairisciú dá fhostóir nó dá fostóir nó d'aon duine cuí eile.

(2) Ní dhéanfaidh fostaí, ar chonradh fostaíochta a dhéanamh, é féin nó í féin a mhífhaisnéisiú d'fhostóir maidir leis an leibhéal oiliúna a fhorordófar faoi *fho-alt (1)(f)*.

14.—Ní dhéanfaidh aon duine go toiliúil, go meargánta nó gan cúis réasúnach— Cur isteach, mí-úsáid, etc.

- (a) cur isteach ar aon ní a sholáthrófar faoi na forálacha reachtúla iomchuí nó ar shlí eile chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a áirithiú, mí-úsáid a bhaint as nó é a dhamáistiú, nó
- (b) sábháilteacht, sláinte nó leas daoine a chur i mbaol i dtaca le gníomhaíochtaí oibre.

Dualgais
ghinearálta daoine a
bhfuil áiteanna
oibre, etc., faoina
rialú

15.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine a mbeidh—

- (a) áit oibre nach áit oibre baile, a cuireadh ar fáil mar áit oibre do dhaoine nach fostaithe iad de chuid an duine lena mbaineann an t-alt seo,
- (b) na bealaí isteach san áit oibre sin nó amach as, nó
- (c) aon airceadal nó substaint a sholáthrófar le húsáid ag daoine san áit oibre sin nach fostaithe iad de chuid an duine a bhfuil an t-airceadal nó an tsubstaint faoina rialú,

faoina rialú go feadh méid ar bith lena n-áirítear duine a bhfuil áit oibre nó cuid d'áit oibre faoina rialú i dtaca le seoladh trádála, gnóthais nó gnó aige nó aici (cibé acu is le haghaidh brabúis é nó nach ea).

(2) I gcás go mbeidh, de bhua aon chonartha, tionóntachta, ceadúnais nó leasa eile, oibleagáid ar dhuine go feadh méid ar bith—

- (a) chun áit oibre nó na bealaí isteach ann nó amach as a chothabháil nó a dheisiú, nó
- (b) maidir le sábháilteacht aon airceadail nó substainte a sholáthrófar le húsáid san áit oibre sin nó maidir le heaspa priacail don tsláinte ag éirí as nó aisti,

measfar, chun críocha an ailt seo, gur duine é nó í an duine a mbeidh feidhm ag an alt seo maidir leis nó léi go feadh méid a oibleagáide nó a hoibleagáide.

(3) Cinnteoidh duine lena mbaineann an t-alt seo, a mhéid is indéanta go réasúnach, go mbeidh an áit oibre, na bealaí isteach ann nó amach as, agus aon airceadal nó substaint a sholáthrófar le húsáid san áit oibre, sábháilte agus gan priacal don tsláinte.

CAIBIDIL 3

Dualgais Ghinearálta Daoine Eile

Dualgais
ghinearálta
dearthóirí,
monaróirí,
allmhaircoirí agus
soláthróirí airceadal
agus substaintí.

16.—(1) Déanfaidh aon duine a dhearfaidh, a mhonaróidh, a allmhaircoidh nó a sholáthróidh aon airceadal le húsáid ag an obair—

- (a) a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach, go mbeidh an t-airceadal deartha agus déanta—
 - (i) ionas go mbeidh sé sábháilte agus gan priacal don tsláinte nuair a bheidh sé á úsáid i gceart ag duine in áit oibre, agus
 - (ii) ionas go gcomhlíonfaidh sé na forálacha reachtúla iomchuí agus forálacha aon aichtacháin iomchuí lena gcuirfear aon treoir iomchuí ó na Comhphobail Eorpacha i ngníomh,
- (b) a chinntiú go rachaidh an t-airceadal faoi leibhéal chuí tástála agus scrúdaithe chun a chinntiú go gcomhlíonfar *mír (a)*,

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.2 A.16

- (c) faisnéis leordhóthanach faoin airceadal a thabhairt, nó a shocrú go dtabharfar faisnéis leordhóthanach faoin airceadal, do na daoine dá soláthrófar é chun a chinntiú go n-úsáidfear ar shlí shábháilte é,
- (d) a chinntiú go dtabharfar do dhaoine dá soláthrófar an t-airceadal aon athbhreithnithe ar an bhfaisnéis a bheidh tugtha dóibh faoi *mhír (c)* is gá de bhíthin eolas a theacht chun cinn priacal mór don tsábháilteacht nó don tsláinte a bheith ann mar gheall ar ní ar bith a bhaineann leis an airceadal,
- (e) más rud é go mbeidh freagracht ar an duine faoi shocrú cíosa, léasaithe nó eile déanamh amhlaidh, an t-airceadal a chothabháil i riocht sábháilte agus de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí,
- (f) na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)(c)*, foláionn faisnéis leordhóthanach faisnéis—

- (a) a bhaineann leis an úsáid ar ina leith a dearadh, a monaraíodh nó a tástáladh an t-airceadal, de réir mar a bheidh, agus
- (b) a bhaineann le haon choinníollacha is gá chun a áirithiú go ndéanfar é a insealbhú, a úsáid, a chothabháil, a ghlanadh, a dhíchóimeáil nó a dhiúscairt ar shlí shábháilte gan priacal don tsábháilteacht nó don tsláinte.

(3) Aon duine a ghabhann de láimh aon airceadal a dheardh nó a mhonarú le húsáid ag an obair, déanfaidh sé nó sí, nó socróidh sé nó sí go ndéanfar, aon taighde is gá d'fhonn aon phriacail don tsábháilteacht nó don tsláinte a d'fhéadfadh éirí as an dearadh nó as an airceadal a fhionnadh agus, a mhéid is indéanta go réasúnach, a dhíchur nó a íoslaghdú.

(4) Maidir le duine a thógfaidh, a chóimeálfaidh nó a shuiteálfaidh aon airceadal le húsáid in áit oibre, i gcás ina mbeidh an t-airceadal sin le húsáid ag daoine ag an obair, cinnteoidh sé nó sí, a mhéid is indéanta go réasúnach, nach mbeidh an t-airceadal contúirteach ná ina phriacal don tsláinte nuair a bheidh sé á úsáid san áit oibre de dheasca aon ní a bhaineann leis an modh inar tógadh, inar cóimeáladh nó inar suiteáladh é.

(5) Déanfaidh aon duine a mhonaróidh, a allmhaireoidh nó a sholáthróidh substaint le húsáid ag an obair—

- (a) a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach, go bhfuil an tsubstaint sábháilte agus gan priacal don tsláinte nuair a bheidh sí á húsáid i gceart ag duine in áit oibre,
- (b) a chinntiú go rachaidh an tsubstaint faoi leibhéil chuif tástála agus scrúdaithe chun a chinntiú go gcomhlíonfar *mír (a)*,
- (c) faisnéis leordhóthanach faoin tsubstaint a thabhairt, nó a shocrú go dtabharfar faisnéis leordhóthanach faoin tsubstaint, do na daoine dá soláthrófar í chun a chinntiú go n-úsáidfear ar shlí shábháilte í, agus

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(d) na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh agus forálacha aon achtacháin iomchuí lena gcuirfear aon treoir iomchuí ó na Comhphobail Eorpacha i ngníomh.

(6) Chun críocha *fho-alt (5)(c)*, foláionn faisnéis leordhóthanach faisnéis—

(a) a bhaineann le sainathint na substainte,

(b) a bhaineann le haon phriacal don tsábháilteacht nó don tsláinte a bhaineann lena hairíonna nádúrtha,

(c) a bhaineann le torthaí aon tástálacha nó scrúdaithe iomchuí a bheidh déanta ar an tsubstaint nó i dtaca léi agus a bheidh iomchuí maidir lena húsáid ar shlí shábháilte, agus

(d) a bhaineann le haon choinníollacha is gá chun a áirithiú go ndéanfar í a úsáid, a láimhseáil, a próiseáil, a stóráil, a iompar nó a dhiúscairt ar shlí shábháilte gan priacal don tsábháilteacht nó don tsláinte.

(7) Déanfaidh duine a ghabhfaidh de láimh substaint a mhonarú, nó, i gcás ina ndearnadh an monarú a ghabháil de láimh lasmuigh den Stát, déanfaidh an t-allmhaireoir, nó socróidh an duine nó an t-allmhaireoir go ndéanfar, aon taighde is gá chun aon phriacail don tsábháilteacht nó don tsláinte a d'fhéadfadh éirí as an tsubstaint nuair a bheidh sí á húsáid a fhionnadh agus, a mhéid is indéanta go réasúnach, a dhíchur nó a íoslaghú.

(8) Ní dhéanfar aon ní i *bhfo-ailt (1)* go (7) a léamh mar ní a cheanglaíonn ar dhuine aon tástáil, scrúdú nó taighde a bheidh déanta ar shlí seachas ag an duine féin nó thar ceann an duine féin, a athdhéanamh a mhéid a bheidh sé réasúnach don duine dul ar iontaoibh thorthaí na tástála, an scrúdaithe nó an taighde sin, chun críocha na *bhfo-alt* sin.

(9) Aon dualgas a fhorchuirtear ar dhuine le *fo-ailt (1)* go (7), ní shroichfidh sé ach amháin chuig nithe a dhéanfar i gcúrsa trádála, gnóthais nó gnó (cibé acu is le haghaidh brabúis é nó nach ea) a sheolann an duine agus chuig nithe atá faoina rialú.

(10) I gcás go ndearfaidh, go monaróidh, go n-allmhaireoidh nó go soláthróidh duine airceadal nó substaint le húsáid ag an obair agus go ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh le haghaidh duine eile nó do dhuine eile ar bhonn gealltanais i scríbhinn ón duine eile sin bearta sonraithe a dhéanamh a bheidh leordhóthanach chun a chinntiú, a mhéid is indéanta go réasúnach, go mbeidh an t-airceadal nó an tsubstaint sábháilte agus gan priacal don tsláinte nó don tsábháilteacht nuair a bheidh sé nó sí á úsáid nó á húsáid in áit oibre, beidh d'éifeacht leis an ngealltanais go saorfar an duine a dhearfadh, a mhonaróidh, a allmhaireoidh nó a sholáthróidh an t-airceadal nó an tsubstaint ón dualgas a fhorchuirtear le *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)* agus le *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (5)* a mhéid a bheidh réasúnach ag féachaint do théarmaí an ghealltanais.

(11) Ní dhéanfaidh aon ní i *bhfo-alt (9)* nó *(10)* aon duine a allmhaireoidh aon airceadal nó substaint a shaoradh ó aon dualgas—

(a) i gcás airceadail a dearadh lasmuigh den Stát, i leith aon ní a rinne an duine a dhear an t-airceadal agus is ní a

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.2 A.16

rinneadh i gcúrsa aon trádála, gairme nó gnóthais eile a sheolann sé nó sí, nó is ní a bhí faoina rialú, nó

- (b) i gcás airceadail nó substainte a monaraíodh lasmuigh den Stát, i leith aon ní a rinne an duine a mhonaraigh an t-airceadal nó an tsubstaint agus is ní a rinneadh i gcúrsa aon trádála, gairme, nó gnóthais eile a sheolann sé nó sí, nó is ní a bhí faoina rialú.

(12) I gcás go soláthróidh duine (dá ngairtear “an soláthróir” san fho-alt seo) aon airceadal nó substaint le húsáid ag an obair do dhuine eile (dá ngairtear “an custaiméir” san fho-alt seo) faoi chomhaontú fruilcheannaigh, faoi chomhaontú léasaithe nó faoi chomhaontú díola creidmheasa, agus—

- (a) gur sheol an soláthróir gnó maoinithe fála earraí ag daoine eile trí na comhaontuithe sin, agus
- (b) i gcúrsa an ghnó sin go bhfuair an soláthróir a leas san airceadal nó sa tsubstaint a soláthraíodh don chustaiméir mar mhodh chun fáil an airceadail nó na substainte ag an gcustaiméir ó thríú páirtí a mhaoiniú,

ansin, measfar chun críocha an ailt seo, gurb é nó í an tríú páirtí sin, agus nach é nó í an soláthróir, a sholáthair an t-airceadal nó an tsubstaint don chustaiméir, agus, dá réir sin, titfidh aon dualgas a fhorchuirtear leis an alt seo ar sholáthróirí ar an tríú páirtí sin agus ní ar an soláthróir.

(13) Chun críocha an ailt seo, tabharfar neamhaird ar easpa sábháilteachta nó ar phriacal don tsláinte a mhéid is cás, nó a mhéid a shuífear gur cás a n-éireodh an easpa sábháilteachta nó an priacal don tsláinte ina leith, nach bhféadfaí a réamhthuar go réasúnach go dtarlódh sé an cás agus, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar comhlíonadh dualgas arna fhorchur le *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)* nó *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (5)*, tabharfar aird ar aon fhaisnéis nó comhairle iomchuí a bheidh tugtha d'aon duine ag an duine a dhear, a mhonaraigh, a d'allmhairigh nó a sholáthair an t-airceadal nó ag an duine a mhonaraigh, a d'allmhairigh nó a sholáthair an tsubstaint.

17.—(1) Maidir le duine a dhéanfaidh tionscadal le haghaidh oibre foirgníochta a choimisiúnú nó a thabhairt chun críche, ceapfaidh sé nó sí duine inniúil nó daoine inniúla i scríbhinn chun a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, maidir leis an tionscadal—

Dualgais a bhaineann le hobair foirgníochta.

- (a) go bhfuil sé deartha, agus gur féidir é a fhoirgníú, i dtreo is go mbeidh sé sábháilte agus gan priacal don tsláinte,
- (b) go bhfuil sé foirgnithe i dtreo is go mbeidh sé sábháilte agus gan priacal don tsláinte,
- (c) gur féidir é a chothabháil go sábháilte agus gan priacal don tsláinte le linn é a úsáid ina dhiaidh sin, agus
- (d) go gcomhlíonann sé ar gach slí, de réir mar is cuí, na forálacha reachtúla iomchuí.

(2) Maidir le duine a dhéanfaidh tionscadal le haghaidh oibre foirgníochta a dhearadh, déanfaidh sé a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, maidir leis an tionscadal—

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

- (a) go bhfuil sé deartha, agus gur féidir é a fhoirgníú, i dtreo is go mbeidh sé sábháilte agus gan priacal don tsláinte,
- (b) gur féidir é a chothabháil go sábháilte agus gan priacal don tsláinte le linn é úsáid ina dhiaidh sin, agus
- (c) go gcomhlíonann sé ar gach slí, de réir mar is cuí, na forálacha reachtúla iomchuí.

(3) Maidir le duine a dhéanfaidh obair foirgníochta, cinnteoidh sé nó sí, a mhéid is indéanta le réasún, go bhfuil sé foirgnithe i dtreo is go mbeidh sé sábháilte agus gan priacal don tsláinte agus go gcomhlíonann sé ar gach slí, de réir mar is cuí, na forálacha reachtúla iomchuí.

(4) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn "tionscadal" aon fhorbairt a bhfuil, nó a mbeartaítear go mbeadh, obair foirgníochta ar áireamh inti.

CUID 3

BEARTA COSANTACHA AGUS BEARTA COISCHEACHA

Bearta cosantacha
 agus bearta
 coisctheacha.

18.—(1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 8*, déanfaidh fostóir, d'fhonn na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, duine inniúil amháin nó níos mó a cheapadh chun cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shonróidh an fostóir agus a bhaineann le cosaint ó phriacail don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas ag an obair agus lena gcosc.

(2) Ceadófar am leordhóthanach d'fhostaí a cheapfar mar dhuine inniúil faoi *fho-alt (1)*, gan aon luach saothair a chailleadh, chun a chumasú dó nó di cibé feidhmeanna a shonróidh an fostóir a chomhlíonadh.

(3) Déanfaidh gach fostóir—

(a) a chinntiú—

(i) go mbeidh an líon daoine a cheapfar, agus

(ii) go mbeidh an t-am a bheidh ar fáil dóibh agus na modhanna a bheidh ar fáil acu chun a bhfeidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh,

leordhóthanach, ag féachaint do mhéid na háite oibre, do na priacail a gcuirtear fostaithe faoina lé agus do dháileadh na bpriacal sin san áit oibre, agus

(b) socrúithe chun a chinntiú go mbeidh comhoibriú leordhóthanach idir na daoine sin agus ionadaithe sábháilteachta (más ann) a cheapfar faoi *alt 25* aon uair is gá.

(4) I gcás go mbeidh duine inniúil i bhfostaíocht an fhostóra, déanfar an duine sin a cheapadh, chun críocha an ailt seo, de rogha ar dhuine inniúil nach bhfuil ina fhostaíocht nó ina fostaíocht ach amháin i gcás nach mbeidh eolas agus taithí an chéad duine dár tagraíodh leordhóthanach nó cuí do na feidhmeanna a thugtar leis an alt seo.

(5) Tabharfaidh fostóir an fhaisnéis seo a leanas don duine inniúil a cheapfar faoin alt seo nach bhfuil ina fhostaíocht nó ina fostaíocht:

- (a) na tosca is eol don fhostóir a bheith ag fearadh, nó a mbeidh drochamhras ag an bhfostóir maidir leo go bhfuil siad ag fearadh, ar shábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaíthe;
- (b) na príacail don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas agus na bearta agus gníomhaíochtaí cosantacha agus coiscitheacha i leith na háite oibre agus i leith na hoibre a dhéantar ann;
- (c) na bearta a ghlacfar faoi *alt 11* chun fostaíthe agus daoine eile a aslonnú, lena n-áirítear na fostaíthe a bheidh ainmnithe chun na pleananna agus na bearta dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (1)* den alt sin, a chur i ngníomh, agus
- (d) cibé faisnéis réasúnach faoi aon duine san áit oibre lena mbaineann ar fostaí téarma shocráithe nó fostaí sealadach é nó í is gá chun a chumasú don duine inniúil a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.

19.—(1) Déanfaidh gach fostóir na guaiseacha san áit oibre atá faoina rialú a shaináithint agus na príacail atá ann de bharr na nguaiseacha sin a mheasúnú agus beidh sé nó sí i seilbh measúnaithe i scríbhinn (ar a dtabharfar agus dá ngairtear "measúnú príacail" san Acht seo) ar na príacail do shábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaíthe nó a cuid fostaíthe ag an obair, lena n-áirítear sábháilteacht, sláinte agus leas aon fhostaí aonair nó aon ghrúpa nó grúpaí fostaíthe a d'fhéadfadh a bheith faoi lé aon phriacail neamhghnách nó aon phriacail eile faoi na forálacha reachtúla iomchuí.

Saináithint
guaiseacha agus
measúnú príacail.

(2) D'fhonn measúnú príacail a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, beidh aird ag an bhfostóir, le linn dó nó di an obair a bheidh á seoladh ag an áit oibre a chur i gcuntas, ar na dualgais a fhorchuirtear leis na forálacha reachtúla iomchuí.

(3) Déanfaidh an fostóir athbhreithniú ar an measúnú príacail más rud é—

- (a) gur tháinig athrú suntasach ar na nithe lena mbaineann sé, nó
- (b) go bhfuil cúis eile ann lena chreidiúint nach bhfuil sé bailí a thuilleadh,

agus, tar éis an athbhreithnithe, déanfaidh an fostóir an measúnú príacail a leasú de réir mar is cuí.

(4) I ndáil leis an measúnú príacail is déanaí a bheidh déanta ag fostóir, déanfaidh sé nó sí bearta chun aon fheabhsúchán a chur i ngníomh a mheastar is gá agus a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas fostaíthe ag an obair agus chun a chinntiú go gcuirfead aon fheabhsúchán den sórt sin i ngníomh i leith an uile ghníomhaíochta agus leibhéal den áit oibre.

(5) Déanfaidh gach duine lena mbaineann *alt 12* nó *15* measúnú priacail de réir an ailt seo a mhéid a bhainfidh a dhualgais nó a dualgais faoi na hailt sin le daoine seachas a fhostaithe nó a fostaithe.

Ráiteas
sábháilteachta.

20.—(1) Déanfaidh gach fostóir, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara go ndéanfar, ráiteas i scríbhinn (ar a dtabharfar agus dá ngairtear “ráiteas sábháilteachta” san Acht seo) a ullmhú, bunaithe ar shainathint na nguaiseacha agus ar an measúnú priacail a bheidh déanta faoi *fho-alt 19*, ina sonrúfar an modh ina ndéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe nó a cuid fostaithe ag an obair a áirithiú agus a bhainistiú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, cinnteoidh gach fostóir go sonrúidh an ráiteas sábháilteachta—

- (a) na guaiseacha a bheidh sainaitheanta agus na priacail a ndearnadh measúnú orthu,
- (b) na bearta cosantacha agus na bearta coisctheacha a bheidh déanta agus na hacmhainní a bheidh curtha ar fáil d’fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas a chosaint san áit oibre lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta,
- (c) na pleannanna agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint agus na bearta a bheidh le déanamh i gcás éigeandála nó garchontúirte móire, i gcomhlíonadh *ailt 8* agus *11*,
- (d) dualgais a chuid fostaithe nó a cuid fostaithe maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, lena n-áirítear comhoibriú leis an bhfostóir agus le haon daoine a mbeidh freagracht orthu faoi na forálacha reachtúla iomchuí as nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair,
- (e) ainm gach duine agus, más infheidhme, teideal poist gach duine nó an post atá ar sheilbh ag gach duine atá freagrach as tascanna a chomhlíonadh a bheidh sannta dó nó di de bhun an ráitis sábháilteachta, agus
- (f) na socrúithe a bheidh déanta maidir le hionadaithe sábháilteachta a cheapadh agus maidir le comhchomhairle a ghlacadh le fostaithe agus ionadaithe sábháilteachta agus maidir le rannpháirteachas fostaithe agus ionadaithe sábháilteachta, i gcomhlíonadh *ailt 25* agus *26* lena n-áirítear ainmneacha an ionadaí sábháilteachta agus chomhaltaí an choiste sábháilteachta, má cheaptar iad.

(3) Déanfaidh gach fostóir an ráiteas sábháilteachta a thabhairt ar aird i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga, is dócha le réasún a thuigfeair—

- (a) dá chuid fostaithe nó dá cuid fostaithe uair amháin ar a laghad sa bhliain agus, aon tráth eile, tar éis é a leasú de réir an ailt seo,
- (b) d’fhostaithe nua-earcáithe ar thosú i bhfostaíocht dóibh, agus

(c) do dhaoine eile ag an áit oibre a d'fhéadfadh a bheith faoi lé aon phriacail shonraithe lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta.

(4) I gcás ina mbeidh tascanna sonracha á ndéanamh san áit oibre ar priacal mór iad don tsábháilteacht, don tsláinte nó don leas, déanfaidh fostóir aird na ndaoine sin ar a bhfeardaí an priacal sin a tharraingt ar shleachta iomchuí den ráiteas sábháilteachta ina leagtar amach—

(a) an priacal a bheidh sainaitheanta,

(b) an measúnú priacail, agus

(c) na bearta cosantacha agus na bearta coiscitheacha a bheidh déanta de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí i ndáil leis an bpriacal sin.

(5) Déanfaidh gach fostóir, le linn dó nó di an measúnú priacail a bheidh déanta faoi *alt 19* a chur i gcuntas, athbhreithniú ar an ráiteas sábháilteachta más rud é—

(a) gur tháinig athrú suntasach ar na nithe dá dtagraíonn sé,

(b) go bhfuil cúis eile ann lena chreidiúint nach bhfuil sé bailí a thuilleadh, nó

(c) go ndéanfaidh cigire, i gcúrsa iniúchta, imscrúdaithe, scrúdaithe nó fiosrúcháin faoi *alt 64* nó ar shlí eile a ordú go ndéanfar an ráiteas sábháilteachta a leasú, laistigh de 30 lá ón tráth a dtabharfar an t-ordachán sin,

agus, tar éis an athbhreithnithe, déanfaidh an fostóir an ráiteas sábháilteachta a leasú de réir mar is cuí.

(6) Gach fostóir a bheidh ag seoladh gníomhaíochtaí, mar a fhorordófar de réir an fho-ailt seo, agus a dhéanfaidh conradh le fostóir eile chun go soláthróidh an fostóir sin seirbhísí dó nó di, cuirfidh sé nó sí de cheangal ar an bhfostóir sin go mbeidh sé nó sí i seilbh ráitis sábháilteachta a bheidh cothrom le dáta mar a cheanglaítear faoin alt seo.

(7) Coimeádfar cóip de ráiteas sábháilteachta, nó sliocht iomchuí as, ar fáil lena hiniúchadh nó lena iniúchadh i ngach áit oibre lena mbaineann sí nó sé nó in aice leis fad a bheidh obair á déanamh ann.

(8) Is leor mar chomhlíonadh ar an alt seo ag fostóir atá ag fostú 3 fhostaí nó níos lú, téarmaí cóid cleachtais, más ann, a urramú, is cóid cleachtais a bhaineann le ráitis sábháilteachta agus a bhfuil feidhm aige maidir leis an aicme fostaíochta a chuimsíonn an cineál gníomhaíochta oibre a sheolann an fostóir.

(9) Déanfaidh gach duine lena mbaineann *alt 12* nó *15* ráiteas sábháilteachta a ullmhú de réir an ailt seo a mhéid a bhainfidh a dhualgais nó a dualgais faoi na hait sin le daoine seachas a fhostaithe nó a fostaithe.

Dualgas fostóirí
comhoibriú le
chéile.

21.—I gcás ina gcomhroinneann fostóirí áit oibre—

- (a) i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, comhoibreoidh siad i gcomhlíonadh agus i gcur i ngníomh na bhforálacha reachtúla iomchuí,
- (b) ag cur cineál na hoibre a sheoltar san áit oibre lena mbaineann i gcuntas—
 - (i) déanfaidh siad a ngníomhartha a chomhordú maidir le nithe a bhaineann le cosaint ó phriacail do shábháilteacht, do shláinte agus do leas ag an obair agus lena gcosc, agus
 - (ii) déanfaidh siad aon phriacail dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas a éireoidh as an ngníomhaíocht oibre, a chur in iúl dá chéile agus dá bhfostaithe agus dá n-ionadaithe sábháilteachta (más ann) faoi seach, lena n-áirítear trí ráitis sábháilteachta nó sleachta iomchuí astu a bhaineann le guaiseacha agus le priacail d'fhostaithe a mhalartú.

Faireachas sláinte.

22.—(1) Cinnteoidh gach fostóir go ndéanfar faireachas sláinte is cuí do na priacail don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas a rachfar fúthu ag an áit oibre agus a bheidh sainaitheanta ag an measúnú priacail faoi *alt 19* a chur ar fáil dá fhostaithe nó dá fhostaithe.

(2) Ní dochar *fo-alt (1)* d'aon cheanglas is sonraí maidir le faireachas sláinte a bheidh i bhfeidhm faoi na forálacha reachtúla iomchuí.

Inniúlacht liachta
chun oibre.

23.—(1) Féadfaidh fostóir a cheangal ar fhostaí d'aicme nó d'aicmí, de réir mar a fhorordófar, dul faoi mheasúnú ag liachleachtóir cláraithe, a bheidh ainmnithe ag an bhfostóir, maidir lena inniúlacht nó lena hinniúlacht chun gníomhaíochtaí oibre dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a dhéanamh agus comhoibreoidh an fostaí le measúnú liachta den sórt sin.

(2) Cinnteoidh fostóir go rachaidh fhostaithe faoi mheasúnú ag liachleachtóir cláraithe maidir lena n-inniúlacht chun gníomhaíochtaí oibre a bheidh forordaithe a dhéanamh is gníomhaíochtaí, nuair a dhéantar iad, a n-éiríonn priacail mhóra astu do shábháilteacht, do shláinte agus do leas daoine ag an obair.

(3) Más rud é, tar éis measúnú faoi *fho-alt (1)*, gurb é tuairim liachleachtóra chláráithe nach bhfuil fostaí inniúil chun gníomhaíochtaí oibre dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a dhéanamh, tabharfaidh sé nó sí fógra don fhostóir, ar an modh is tapúla is féidir, i dtaobh na tuairime sin agus na dóchúlachta maidir le hathchromadh ar an obair go luath chun críocha athshlánaithe, agus cuirfidh sé nó sí an méid in iúl don fhostaí, ag tabhairt na gcúiseanna atá leis an tuairim sin.

(4) I gcás go bhfaighidh fostaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* amach go bhfuil aon ghalar nó aon lagú meabhrach nó coirp air nó uirthi ar dócha, dá ndéanfadh sé nó sí gníomhaíocht oibre dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go mba chúis é go gcuirfeadh sé nó sí é féin nó í féin nó duine eile i gcontúirt nó i mbaol contúirte, déanfaidh sé nó sí fógra

a thabhairt láithreach don fhostóir lena mbaineann nó do liachleachtóir cláraithe arna ainmniú nó arna hainmniú ag an bhfostóir sin agus tabharfaidh seisean nó sise ina dhiaidh sin fógra don fhostóir.

(5) I gcás go bhfaighidh fhostóir fógra faoi *fho-alt* (3) nó (4), déanfaidh sé nó sí beart cuí láithreach chun a dhualgais ghinearálta nó a dualgais ghinearálta faoi *alt 8* a chomhlíonadh.

24.—(1) Féadfaidh ceardchumann fostaithe, atá ionadaitheach d'aicme nó d'aicmí fostaithe, agus ceardchumann fhostóirí—

Comhaontuithe comhphárteacha sábháilteachta agus sláinte.

(a) comhaontú (dá ngairtear “comhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte” san Acht seo) a dhéanamh nó a athrú is comhaontú a chuirfidh treoir phraiticiúil ar fáil do na fostaithe agus do na fhostóirí i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, lena n-áirítear ceanglais na bhforálacha reachtúla iomchuí, agus

(b) iarratas a dhéanamh chuig an Údarás ag lorg ceadú i leith an chomhaontaithe nó an athraithe air.

(2) Féadfaidh an tÚdarás comhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte a cheadú i gcás inar deimhin leis—

(a) go dtóilíonn na páirtithe lena mbaineann leis an gceadú a lorgáitear,

(b) go ndeirtear go bhfuil feidhm ag an gcomhaontú maidir le gach fostaí d'aicme áirithe agus lena bhfostóirí agus gur deimhin leis an Údarás gur gnách agus gurb inmhianaithe go mbeadh feidhm aige amhlaidh,

(c) go bhfuil na páirtithe sa chomhaontú ionadaitheach go substaintiúil do na fostaithe agus na fhostóirí sin,

(d) nach bhfuil an comhaontú ar neamhréir le ceanglais na bhforálacha reachtúla iomchuí, agus

(e) go bhfuil an comhaontú i bhfoirm atá oiriúnach lena cheadú.

(3) I gcás go ndéanfar iarratas chuig an Údarás i leith ceadú do chomhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte, ordóidh an tÚdarás do na páirtithe lena mbaineann faisnéis a fhoilsiú maidir leis an gcomhaontú i cibé slí a mheastar is fearr a chuirfidh an t-iarratas in iúl do gach duine lena mbaineann.

(4) Ní cheadóidh an tÚdarás comhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte go ceann míosa amháin tar éis é a fhoilsiú faoi *fho-alt 3* agus i gcás ina bhfaighfear aon agóid laistigh den tréimhse sin, breithneoidh an tÚdarás an agóid agus ní cheadóidh sé an comhaontú mura gcomhlíonann sé *fo-alt 2*.

(5) Féadfaidh an tÚdarás ceadú do chomhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte a tharraingt siar más deimhin leis go dtóilíonn na páirtithe go léir ann lena tharraingt siar nó má dhéanann aon pháirtí de na páirtithe lena mbaineann an comhaontú a fhoirceannadh.

(6) I gcás go gceadóidh an tÚdarás comhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte, foilseoidh sé fógra ceadaithe san Iris Oifigiúil agus in dhá nuachtán laethúla ar a laghad a scaiptear sa Stát, agus maidir leis an bhfógra sin—

- (a) sainaitheofar ann an comhaontú,
- (b) sonrófar ann na nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair nó na forálacha reachtúla iomchuí ar ina leith a gceadaítear agus a bhfoilsítear an comhaontú, agus
- (c) sonrófar ann an dáta a thiocfaidh an comhaontú i ngníomh.

(7) Déanfaidh na páirtithe i gcomhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte cóipeanna den chomhaontú, nó d'athruithe air, a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag gach duine lena mbaineann.

(8) Déanfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* comhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte a chur i gcuntas, fad a leanfaidh sé de bheith ceadaithe ag an Údarás, chun comhlíonadh na bhforálacha reachtúla iomchuí ag fostóir a mheasúnú d'ainneoin nach páirtí sa chomhaontú comhphárteach sábháilteachta agus sláinte an fostóir sin agus na fostaithe lena mbaineann.

CUID 4

IONADAITHE SÁBHÁILTEACHTA AGUS COMHAIRLIÚCHÁN SÁBHÁILTEACHTA

Ionadaithe
sábháilteachta.

25.—(1) Gan dochar *d'alt 26*, féadfaidh fostaithe, ó am go ham, ionadaí (dá ngairtear “ionadaí sábháilteachta” san Acht seo) nó, trí chomhaontú lena bhfostóir, níos mó ná ionadaí sábháilteachta amháin, a roghnú agus a cheapadh as measc a lín ina n-áit oibre chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh ina n-áit oibre i gcomhairliúchán lena bhfostóir i dtaobh nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre.

(2) Féadfaidh ionadaí sábháilteachta—

- (a) an áit oibre iomlán nó aon chuid di a iniúchadh—
 - (i) faoi réir *fho-alt (3)*, tar éis fógra réasúnach a thabhairt don fhostóir, nó
 - (ii) láithreach, i gcás tionóisce, teagmhais chontúirtigh nó garchontúirte nó garphriacail do shábháilteacht, sláinte agus leas aon duine,
- (b) tionóiscí agus teagmhais chontúirteacha a imscrúdú ar choinníoll nach gcuirfidh sé nó sí isteach, nó nach gcuirfidh sé nó sí bac, ar chomhlíonadh aon oibleagáide reachtúla a cheanglaítear ar aon duine a chomhlíonadh faoi aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí,
- (c) tar éis fógra réasúnach a thabhairt don fhostóir, gearáin a imscrúdú a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas

ag an obair arna ndéanamh ag aon fhostaí dá mbeidh sé nó sí ag déanamh ionadaíochta,

- (d) a bheith i gcuideachta cigire ag a mbeidh imscrúdú á dhéanamh ar an áit oibre faoi *alt 64* seachas imscrúdú chun tionóisc nó teagmhas contúirteach a imscrúdú,
- (e) de rogha an chigire lena mbaineann, a bheith i gcuideachta cigire ag a mbeidh imscrúdú á dhéanamh faoi *alt 64* chun tionóisc nó teagmhas contúirteach a imscrúdú,
- (f) de rogha an chigire lena mbaineann, i gcás go gcuirfidh cigire fostaí faoi agallamh maidir le tionóisc nó teagmhas contúirteach in áit oibre, a bheith i láthair ag an agallamh i gcás go n-iarrfaidh an fostaí amhlaidh,
- (g) uiríll a dhéanamh chuig an bhfostóir i leith aon ní a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre,
- (h) uiríll a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn chuig cigirí maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, lena n-áirítear tionóiscí nó teagmhais chontúirteacha a imscrúdú,
- (i) comhairle agus faisnéis a fháil ó chigirí maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre, nó
- (j) dul i gcomhairle agus idirchaidreamh a dhéanamh maidir le nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair le haon ionadaithe sábháilteachta eile a cheapfar sa ghnóthas lena mbaineann, cibé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn na hionadaithe sábháilteachta sin san áit oibre chéanna, in áiteanna oibre éagsúla faoi rialú an fhostóra nó tráthanna éagsúla san áit oibre.

(3) Comhaontóidh an fostóir agus an t-ionadaí sábháilteachta, ag féachaint do chineál agus méid na nguaiseacha san áit oibre, maidir le minicíocht nó sceideal na n-íniúchtaí a fhéadfar a dhéanamh faoi *fho-alt (2)(a)(i)*, ar comhaontú é nach ndéanfaidh an fostóir a choimeád siar go míréasúnach.

(4) Déanfaidh gach fostóir aon uiríll a dhéanfaidh an t-ionadaí sábháilteachta chuige nó chuici i ndáil leis na nithe a shonraítear san alt seo nó i ndáil le haon ní eile a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe nó a fostaíthe ag an obair a bhreithníú agus, a mhéid is indéanta go réasúnach, déanfaidh sé nó sí aon ghníomh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is cuí maidir leis na huiríll sin.

(5) Déanfaidh fostóir cibé am saor óna chuid oibre nó óna cuid oibre a bheidh réasúnach ag féachaint do na himthosca uile a thabhairt d'ionadaí sábháilteachta, gan luach saothair a chailleadh, chun a chumasú don ionadaí sábháilteachta—

- (a) an t-eolas agus an oiliúint is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a urscaoileadh mar ionadaí sábháilteachta a fháil ar bhonn leanúnach, agus
- (b) na feidhmeanna sin a urscaoileadh.

(6) I gcás go bhfreastalóidh cigire ar áit oibre chun iniúchadh a dhéanamh faoi *alt 64*, cuirfidh an fostóir in iúl don ionadaí sábháilteachta go bhfuil an t-iniúchadh ar siúl.

Comhairliúchán agus páirteachas coistí sábháilteachta fostaithe.

26.—(1) Déanfaidh gach fostóir, chun bearta a chur chun cinn agus a fhorbairt d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe nó a cuid fostaithe ag an obair a chinntiú agus éifeachtacht na mbeart sin a fhionnadh—

- (a) dul i gcomhairle lena chuid fostaithe nó lena cuid fostaithe d'fhonn socrúithe a dhéanamh agus a chothabháil lena gcumasófar don fhóistí agus dá fhóistí nó dá fostaithe comhoibriú go héifeachtach chun na gcríoch sin,
- (b) de réir na socrúithe dá dtagraítear i *mír (a)*, dul i gcomhairle lena fhóistí nó lena fostaithe, lena n-ionadaithe sábháilteachta, nó leo araon, de réir mar is cuí, roimh ré agus i dtráth cuí maidir leis na nithe seo a leanas—
 - (i) aon bheart a bheartaítear a ghlacadh san áit oibre a d'fhéadfadh difear substaintiúil a dhéanamh do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfóistí sin, lena n-áirítear bearta a bheidh le déanamh faoi na forálacha reachtúla iomchuí,
 - (ii) fostaithe a ainmniú faoi *alt 11*,
 - (iii) gníomhaíochtaí a eascraíonn as cosaint ar phriacail don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas ag an obair agus as na priacail sin a chosc nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcéanna,
 - (iv) an tsainithint guaiseacha agus an measúnú priacail a bheidh le déanamh faoi *alt 19*,
 - (v) ráiteas sábháilteachta a ullmhú faoi *alt 20*,
 - (vi) an fhaisnéis a sholáthrófar d'fhóistí faoi *alt 9*,
 - (vii) an fhaisnéis a cheanglaítear a choimeád nó a chur in iúl don Údarás i leith tionóiscí agus teagmhas contúirteach dá dtagraítear in *alt 8(2)(k)*,
 - (viii) ceapadh daoine dá dtagraítear in *alt 18*,
 - (ix) pleanáil agus eagrú na hoiliúna dá dtagraítear in *alt 10*, nó
 - (x) teicneolaíochtaí nua a phleanáil agus a thabhairt isteach go háirithe i ndáil leis na hiarmhairtí a bhaineann le roghnú trealaimh agus coinníollacha oibre agus an timpeallacht oibre i dtaca le sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe.

(2) Beidh an ceart ag fostaithe uiríll a dhéanamh chuig a bhfóistí agus dul i gcomhairle leis nó léi maidir le nithe a bhaineann lena sábháilteacht, lena sláinte agus lena leas ag an obair, lena n-áirítear na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (1)*.

(3) Más rud é, in aon áit oibre, le comhaontú an fhostóra, go mbeidh grúpa daoine (faoi cibé ainm a aithneofar iad) ann a bheidh ionadaitheach don fhostóir agus do na fostaithe agus ar coiste sábháilteachta é i gcomhlíonadh *Sceideal 4* agus a bheidh ann chun críche comhairliúcháin maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ag an obair, féadfaidh comhairliúchán laistigh den ghrúpa daoine sin, a mhéid a chomhaontófar é idir an fhostóir agus a fostaithe nó a fostaithe, ceanglais *fho-ailt (1)* agus *(2)* a chomhlíonadh.

(4) Déanfaidh gach fhostóir aon uirill a dhéanfaidh a fostaithe nó a fostaithe chuige nó chuici i ndáil leis na nithe a shonraítear san alt seo nó i ndáil le haon ní eile a bhaineann lena sábháilteacht, a sláinte nó a leas ag an obair a bhreithniú agus, a mhéid is indéanta go réasúnach, déanfaidh sé nó sí aon ghníomh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is cuí maidir leis na huirill sin.

(5) Tabharfaidh fhostóir d'fhostaithe a bheidh páirteach i socrúithe le haghaidh comhairliúcháin dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(3)* cibé am saor óna ndualgais a bheidh réasúnach ag féachaint do na himthosca uile, gan luach saothair a chailleadh, chun a chumasú do na fostaithe sin—

(a) an t-eolas agus an oiliúint is gá chun a bhfeidhmeanna a urscaoileadh faoin alt seo a fháil, agus

(b) na feidhmeanna sin a urscaoileadh.

(6) In aon ghnóthas ina mbeidh socrúithe le haghaidh comhchinnteoireachta a mbeidh baint ag an bhfostóir agus ag na fostaithe leo, folóidh na socrúithe sin comhairliúchán de réir an ailt seo.

27.—(1) San alt seo, folaíonn "pionósú" aon ghníomh nó neamhghníomh ag fhostóir nó ag duine a bheidh ag gníomhú thar ceann fhostóra a dhéanfaidh difear, chun a aimhleasa nó a haimhleasa, d'fhostaí maidir le haon téarma nó coinníoll dá fhostaíocht nó dá fostaíocht.

Cosaint in aghaidh dífhostú agus pionósú.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, folaíonn pionósú—

(a) fionraí, asleagan nó dífhostú (lena n-áirítear dífhostú de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001), nó bagairt fionraí, asleagain nó dífhostú,

(b) íslíú céime, nó deis ar ardú céime a chailleadh,

(c) aistriú dualgas, athrú ar ionad áite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaire oibre,

(d) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur, agus

(e) comhéigean nó imeaglú.

(3) Ní dhéanfaidh fhostóir fostaí a phionósú ná pionósú a bhagairt air nó uirthi mar gheall ar aon ní de na nithe seo a leanas—

(a) gníomhú i gcomhlíonadh na bhforálacha reachtúla iomchuí,

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

- (b) aon dualgas a chomhlíonadh nó aon cheart a fheidhmiú faoi na forálacha reachtúla iomchuí,
- (c) gearán nó uiríoll a dhéanamh lena ionadaí sábháilteachta nó lena hionadaí sábháilteachta nó lena fhostóir nó lena fostóir, nó leis an Údarás, maidir le haon ní a bhaineann le sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair,
- (d) fianaise a thabhairt in imeachtaí maidir leis na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú,
- (e) a bheith ina ionadaí sábháilteachta nó ina hionadaí sábháilteachta nó ina fhostaí nó ina fostaí a bheidh ainmnithe faoi *alt 11* nó ceaptha faoi *alt 18* chun feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, nó
- (f) faoi réir *fho-alt (6)*, in imthosca contúirte a chreid an fostaí go réasúnach a bheith tromchúiseach agus ina ngarchontúirt agus nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go gcoiscfeadh sé nó sí í, a áit oibre nó a háit oibre nó aon chuid chontúirteach dá áit oibre nó dá háit oibre a fhágáil (nó beartú í a fhágáil) nó, le linn don chontúirt a bheith ar marthain, diúltú filleadh ar an áit sin nó ar an gcuid sin, nó bearta cuí a dhéanamh (nó beartú iad a dhéanamh) chun é féin nó í féin nó daoine eile a chosaint ar an gcontúirt.

(4) Measfar, chun críocha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 2001, gur dífhostú éagórach dífhostú fostaí más rud é gur go hiomlán nó go formhór de dheasca pionósú dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* a tharla sé.

(5) Más é a bheidh i bpionósú fostaí, de shárú ar *fho-alt (3)* den alt seo, dífhostú an fostaí de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001, ní fhéadfar faoiseamh a dheonú don fostaí i leith an phionósaithe sin faoin gCuid seo agus faoi na hAchtanna sin araon.

(6) Chun críocha *fho-alt (3)(f)*, le linn a chinneadh cé acu ar chuí na bearta a rinne fostaí (nó a bheartaigh sé nó sí a dhéanamh), cuirfear i gcuntas na himthosca uile agus na hacmhainní agus an chomhairle a bhí ar fáil dó nó di an tráth iomchuí.

(7) I gcás gurb í an chúis (nó, i gcás go mbeidh níos mó ná cúis amháin ann, an phríomhchúis) a bheidh le dífhostú fostaí an chúis a shonraítear i *bhfo-alt (3)(f)*, ní mheasfar an fostaí a bheith dífhostaithe go héagórach má shuíonn an fostóir go raibh (nó go mbeadh) sé chomh faillíoch sin ag an bhfostaí na bearta a rinne sé nó sí (nó a bheartaigh sé nó sí a dhéanamh) a dhéanamh go bhféadfadh fostóir réasúnach é nó í a dhífhostú de dheasca iad a dhéanamh (nó a bheartú iad a dhéanamh).

Gearáin le
coimisinéirí um
chearta.

28.—(1) Gan dochar *d'alt 27(4)*, féadfaidh fostaí gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh a fhostóir nó a fostóir *alt 27*.

(2) I gcás go ndéanfar gearán faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an coimisinéir um chearta—

(a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise a bhaineann le hábhar an ghearáin a thíolacadh don choimisinéir,

(b) breith a thabhairt i scríbhinn i ndáil leis an ngearán, agus

(c) an bhreith a chur in iúl do na páirtithe.

(3) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fho-alt (2)*, déanfar ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas léi:

(a) a dhearbhu go raibh nó, de réir mar a bheidh, nach raibh bonn leis an ngearán;

(b) a cheangal ar an bhfostóir beart sonracha a ghlacadh;

(c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí, ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir.

(4) Ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin alt seo mura dtíolacfar dó nó di é laistigh den tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a mheasfaidh an coimisinéir um chearta a bheith réasúnach.

(5) (a) Déanfar gearán a thíolacadh trí fhógra ina thaobh a thabhairt i scríbhinn do choimisinéir um chearta agus beidh san fhógra cibé sonraí, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire ó am go ham.

(b) Déanfaidh an coimisinéir um chearta lena mbaineann cóip d'fhógra faoi *mhír (a)* a thabhairt don pháirtí eile lena mbaineann.

(6) Déanfar imeachtaí faoin alt seo os comhair coimisinéara um chearta a sheoladh ar shlí seachas go poiblí.

(7) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip d'aon bhreith a thabharfaidh an coimisinéir faoi *fho-alt (2)* a thabhairt don Chúirt Oibreachais.

29.—(1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi *alt 28* agus, i gcás go ndéanfaidh an páirtí amhlaidh, tabharfaidh an Chúirt Oibreachais deis do na páirtithe éisteacht a fháil uaithi agus aon fhianaise a bhainfidh leis an achomharc a thíolacadh di, déanfaidh sí cinneadh i scríbhinn i ndáil leis an achomharc lena ndaingneofar, lena n-athrófar nó lena gcuirfear ar ceal an bhreith agus cuirfidh sí an cinneadh in iúl do na páirtithe.

Achomharc i gcoinne breitheanna ó choimisinéir um chearta agus breitheanna ó choimisinéir um chearta a fhorfheidhmiú.

(2) Déanfaidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin alt seo a thionscnamh, laistigh de 6 sheachtain ón dáta a cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais faoi *fho-alt (4)* ina ndéarfá go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt Oibreachais cóip d'fhógra faoi *fho-alt (2)* don pháirtí eile lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis don Chúirt Oibreachais an fógra a fháil.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(4) Cinnfidh an Chúirt Oibreachais na nithe seo a leanas, nó na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leis na nithe sin, eadhon—

- (a) achomhairc a thionscnamh agus an Chúirt Oibreachais d'éisteacht achomhairc faoin alt seo,
- (b) tráthanna agus ionaid éisteachtaí na n-achomharc sin
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe sna hachomhairc sin,
- (d) cinní ón gCúirt Oibreachais a fhoilsiú agus a fhógairt,
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi *fho-alt (2)*, agus
- (f) aon nithe a leanann as na nithe dá dtagraítear i *míreanna 5 (a) go (e)* nó atá teagmhasach leo.

(5) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh a fháil ón gCúirt Oibreachais, ceist dlí a éireoidh in imeachtaí os a comhair faoin alt seo a tharchur chuig an Ard-Chúirt chun go ndéanfaidh an Ard-Chúirt cinneadh ina leith agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a bheidh i gcinneadh na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin alt seo achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinnidh ón gCúirt Oibreachais ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte a bheidh i gcinneadh na hArd-Chúirte.

(7) Beidh feidhm ag alt 39(17) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 i ndáil le himeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin gCuid seo mar atá feidhm aige maidir le nithe arna dtarchur chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta faoi alt sin ach—

- (a) tagairtí don Chúirt Oibreachais a chur in ionad tagairtí don Bhinse san fhoráil sin, agus
- (b) “€3,000” a chur in ionad “£150” i mír (e) den fhoráil sin.

(8) Más rud é nach ndearna an fostóir lena mbaineann breith ó choimisinéir um chearta i ndáil le gearán faoin Acht seo a chur i gcrích de réir a téarmaí, go bhfuil an t-am chun achomharc a thabhairt i gcoinne na breithe dulta in éag agus nach bhfuil aon achomharc den sórt sin tugtha, féadfaidh an fostaí lena mbaineann an gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais agus déanfaidh an Chúirt Oibreachais, gan an fostóir lena mbaineann nó aon fhianaise a éisteacht (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) cinneadh a mbeidh an éifeacht chéanna leis agus atá leis an mbreith.

(9) Déanfar gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais faoi *fho-alt (8)* trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a chinnfidh a Chúirt Oibreachais.

(10) Foilseoidh an Chúirt Oibreachais, in aon mhodh a mheasfaidh sí is cuí, sonraí aon chinnidh arna dhéanamh aici faoi *míreanna (a), (b), (c), (e)* agus *(f) d'fho-alt (4)* (nach cinneadh maidir le hachomharc ar leith faoin alt seo) agus faoi *fho-alt (9)*.

30.—(1) Má mhainníonn fostóir cinneadh ón gCúirt Oibreachais i ndáil le gearán faoi *alt 28* a chur i gcrích de réir a théarmaí laistigh de 6 sheachtain ón dáta a cuireadh an cinneadh i bhfios do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda ordú, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici—

Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú.

- (a) ón bhfostaí lena mbaineann,
- (b) le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, nó
- (c) ón Aire, más cuí leis an Aire an t-iarratas a dhéanamh ag féachaint do na himthosca go léir,

gan an fostóir nó aon fhianaise a éisteacht (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite), á ordú don fhostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(2) An tagairt i *bhfo-alt (1)* do chinneadh ón gCúirt Oibreachais, is tagairt í do chinneadh nach mbeidh, i ndeireadh na tréimhse ama chun achomharc a thabhairt ina choinne, aon achomharc tugtha i ndáil leis, nó má tugadh aon achomharc gur tréigeadh é agus déanfar an tagairt don dáta a cuireadh an cinneadh i bhfios do na páirtithe a léamh, i gcás gur tréigeadh achomharc, mar thagairt do dháta an tréigin sin.

(3) Féadfaidh an Chúirt Chuarda, in ordú faoin alt seo le ndéantar socrú maidir le cúiteamh a íoc, má mheasann sí sna imthosca go léir gur cuí déanamh amhlaidh, a ordú don fhostóir lena mbaineann ús ar an gcúiteamh de réir an ráta dá dtagraítear in *alt 22* d'Acht na gCúirteanna, 1981 a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann, i leith na tréimhse iomláine nó aon chuid den tréimhse dar tosach 6 sheachtain tar éis an dáta a cuireadh an cinneadh ón gCúirt Oibreachais i bhfios do na páirtithe agus dar críoch dáta an ordaithe.

(4) Maidir le hiarratas faoin alt seo chun na Cúirte Cuarda déanfar é chun an bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha.

31.—Maidir le doiciméad a airbheartaíonn a bheith sínithe ag cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, nó ag leasathaoirleach de chuid na Cúirte Oibreachais á rá—

Fianaise ar mhainneachtain freastal os comhair na Cúirte Oibreachais nó fianaise a thabhairt, nó doiciméid a thabhairt ar aird, don Chúirt Oibreachais.

- (a) gur ceanglaíodh, trí fhógra faoi *alt 39(17)* den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 mar a chuirtear chun feidhme é maidir leis an Acht seo le *halt 29(7)*, ar dhuine arna ainmniú nó arna hainmniú sa doiciméad freastal os comhair na Cúirte Oibreachais lá agus tráth agus in áit a sonraíodh sa doiciméad chun fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird,
- (b) gur tionóladh cruinniú den Chúirt Oibreachais an lá sin agus an tráth sin agus san áit sin, agus
- (c) nár fhreastail an duine os comhair na Cúirte Oibreachais de bhun an fhógra nó, de réir mar a bheidh, tar éis freastal amhlaidh, gur dhiúltaigh sé nó sí fianaise a thabhairt, nó gur dhiúltaigh sé nó sí nó gur mhainnigh sé nó sí an doiciméad a thabhairt ar aird,

beidh sé, in ionchúiseamh an duine faoi *alt 39(17)* den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 mar a chuirtear chun feidhme é maidir leis an Acht seo le *halt 29(7)*, ina fhianaise ar na nithe a deirtear amhlaidh gan aon chruthúnas breise.

CUID 5

AN tÚDARÁS

CAIBIDIL 1

An tÚdarás

An tÚdarás do leanúint ar marthain.

32.—(1) D’ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*—

- (a) leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde ar marthain agus, ó thosach feidhme an Achta seo, tabharfar an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta air (agus dá ngairtear an “tÚdarás” san Acht seo), agus
- (b) aon ní a bheidh tosaithe ag an Údarás ach nach mbeidh críochnaithe aige roimh thosach feidhme an ailt sin, féadfaidh sé é a sheoladh agus a chríochnú tar éis an tosach feidhme sin amhail is nár aisghaireadh an tAcht sin.

(2) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme *alt 4*, go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh, ar páirtí iontu an tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde, cuirfear ainm an Údaráis in ionad ainm an Údaráis Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde sna himeachtaí agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

(3) Beidh an tÚdarás ina chomhlacht corpraithe ag a mbeidh comharbas suthain agus séala oifigiúil agus beidh cumhacht aige—

- (a) agairt a dhéanamh, agus beidh sé inagartha, ina ainm corpraithe, agus
- (b) le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus aon mhaoín eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(4) Beidh feidhm ag *Sceideal 5* maidir leis an Údarás.

Féadfaidh an tAire daoine a fhorordú chun feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh.

33.—(1) Faoi réir *alt 34*, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis an Aire, daoine a fhorordú chun go gcomhlíonfaidh siad cibé feidhmeanna a fhorordófar in ionad an Údaráis i leith aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí a chur chun feidhme, agus sin go feadh cibé méid a fhorordófar.

(2) Aon duine a fhorordófar faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí, de réir aon treoirínite a thabharfaidh an tÚdarás don duine—

- (a) socruithe leordhóthanacha chun feidhmeanna a chomhlíonadh go feadh an mhéid a fhorordófar faoi *fho-alt (1)*,

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.5 A.33

(b) aon fheidhmeanna eile a thugtar don duine le haon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí a chomhlíonadh, agus

(c) tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Údarás de réir *fho-alt (3)* agus cibé tuarascálacha agus faisnéis eile a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna nó lena ghníomhaíochtaí nó lena gníomhaíochtaí faoin Acht seo, nó mar a bheidh forordaithe, a thabhairt don Údarás de réir mar cheanglóidh an tÚdarás ó am go ham.

(3) A luaithe is indéanta ach tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dheireadh gach bliana, déanfaidh duine a bheidh forordaithe faoin alt seo tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) a ullmhú agus a thabhairt don Aire cuí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus don Údarás.

(4) Beidh an tuarascáil bhliantúil san fhoirm a ordóidh an tÚdarás agus beidh ar áireamh inti—

(a) faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí ag an duine lena mbaineann faoin Acht seo nó mar a bheidh forordaithe, agus

(b) aon fhaisnéis eile is cuí leis an duine nó a cheanglóidh an tAire.

34.—(1) Is iad feidhmeanna ginearálta an Údaráis—

Feidhmeanna an Údaráis.

(a) bearta chun tionóiscí, teagmhais chontúirteacha agus díobháil phearsanta a chosc ag an obair a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí,

(b) oideachas agus oiliúint a chur chun cinn, a spreagadh, a chothú agus a sholáthar maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair,

(c) bearta lena gcuirtear sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair chun cinn a spreagadh agus a chothú,

(d) faoi réir *fho-alt (2)* agus *alt 33*, socruithe leordhóthanacha a dhéanamh maidir leis na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú,

(e) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh agus ar chomhlíonadh na nithe seo a leanas agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire maidir leo—

(i) na forálacha reachtúla iomchuí, agus

(ii) an cleachtas is fearr maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair agus athbhreithniú agus cothabháil taifead iomchuí ag fostóirí,

(f) comhoibriú a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú, le daoine nó le comhlachtaí daoine atá ionadaitheach d'fhostaithe agus d'fhostóirí agus eatarthu agus le haon daoine eile nó comhlachtaí eile daoine agus eatarthu, de réir mar is cuí, maidir le priacail do shábháilteacht, do

shláinte agus do leas ag an obair a chosc de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí,

- (g) aon socrúithe a dhéanamh a mheasfaidh sé is cuí chun faisnéis agus comhairle a sholáthar i dtaobh nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair,
- (h) aon socrúithe a dhéanamh a mheasfaidh sé is cuí chun taighde, suirbhéanna agus staidéir ar nithe a bhaineann le feidhmeanna an Údaráis a sheoladh, a choimisiúnú, a chur chun cinn agus chun tacú leo agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus chun na críche seo—
 - (i) teagmhálacha agus malartú faisnéise le daoine eile nó comhlachtaí eile daoine a bhfuil baint acu le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair sa Stát agus lasmuigh de a chothú agus a chur chun cinn, agus
 - (ii) de réir mar is cuí leis, torthaí a éireoidh as taighde, as staidéir agus as suirbhéanna den sórt sin a fhoilsiú san fhoirm agus ar an modh a mheasfaidh an tÚdarás is cuí,
- (i) de réir *alt 43*, ráiteas straitéise a ullmhú agus a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar chur i ngníomh an ráitis,
- (j) de réir *alt 44*, clár oibre a ullmhú agus a ghlacadh,
- (k) aon ordacháin i scríbhinn, cibé acu ordacháin ghinearálta nó shonracha, a bhainfidh lena fheidhmeanna agus a thabharfaidh an tAire don Údarás ó am go ham a chomhlíonadh,
- (l) aon fhaisnéis a bhainfidh le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a éileoidh an tAire ó am go ham a thabhairt don Aire, agus
- (m) aon fheidhmeanna breise a thabharfar don Údarás le hordú faoi *alt 35* a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, comhaontuithe a dhéanamh—

- (a) le haon Aire den Rialtas, nó le haon duine eile, chun go ndéanfaidh an tAire sin nó an duine sin aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh thar ceann an Údaráis (le híocaíocht nó gan í), nó
- (b) comhaontuithe a dhéanamh le haon Aire den Rialtas chun go ndéanfaidh an tÚdarás aon fheidhmeanna a bhféadfaidh an tÚdarás iad a chomhlíonadh go cuí i dtaca lena fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh thar ceann an Aire sin (le híocaíocht nó gan í).

(3) Beidh ag an Údarás na cumhachtaí sin go léir is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) Féadfaidh an tÚdarás aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh tríd an bPríomhfheidhmeannach nó trí aon chomhalta eile d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cuí ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

35.—(1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás agus le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi, le hordú— Feidhmeanna breise a thabhairt don Údarás.

- (a) aon fheidhmeanna breise a bhainfidh le feidhmeanna an Údaráis de thuras na huairé, agus is cuí leis an Aire, a thabhairt don Údarás, faoi réir na gcoinníollacha (más ann) a shonrófar san ordú, agus
 - (b) cibé foráil a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is fóirsteanach i ndáil le nithe atá coimhdeach i ndáil leis na feidhmeanna breise sin a thabhairt nó a éiríonn as iad a thabhairt.
- (2) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a chúlghairm.
- (b) Maidir le hordú faoin bhfo-alt seo, déanfar é ar an tsli chéanna leis an ordú a bheidh á leasú nó á chúlghairm aige agus beidh sé faoi réir an toiliú céanna a thabhairt agus na comhchomhairliúcháin chéanna (más ann) a dhéanamh a mbeidh an t-ordú a bheidh á leasú nó á chúlghairm aige faoina réir.

36.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, gan dochar dá fhreagrachtaí ginearálta faoin Acht seo, aon fheidhmeanna dá chuid (seachas iad sin atá leagtha amach in *alt 34(1)(d)*) a chomhlíonadh, aon seirbhísí dá chuid a sholáthar nó aon ghníomhaíochtaí dá chuid a sheoladh trí fochuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003) a bheidh ar úinéireacht go hiomlán ag an Údarás agus, dá réir sin, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, chun críche an chomhlíonta, an tsoláthair nó an tseolta sin, fochuideachta den sórt sin a fhoirmiú agus a chlárú. Fochuideachtaí a bhunú.

(2) Beidh meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais fochuideachta dá dtagraítear san alt seo san fhoirm a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

- (3) (a) Féadfaidh an tAire cibé ordacháin i scríbhinn a thabhairt don Údarás a mheasfaidh sé nó sí is cuí i ndáil le haon bheartas, clár nó gníomhaíocht de chuid fochuideachta agus comhlíonfaidh an comhlacht lena mbaineann nó, de réir mar is cuí, áiritheoidh sé go gcomhlíonfar, an t-ordachán sin.
- (b) Ní bheidh feidhm ag ordachán faoi *mhír (a)* maidir le haon ghnóthas nó le haon duine áirithe (seachas fochuideachta).

(4) Ní thabharfar ordachán faoi *fho-alt (3)* i ndáil le aon sócmhainní nó brabúis de chuid fochuideachta a dhiúscairt gan toiliú an Aire Airgeadais.

37.—(1) Is iad a bheidh ar an Údarás cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta a bheidh ceaptha ag an Aire agus arb iad Bord an Údaráis iad. Comhaltas an Údaráis.

- (2) Is iad gnáthchomhaltaí an Údaráis—

CD.5 A.37

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

- (a) 3 dhuine arna n-ainmniú ag cibé eagraíochtaí a bheidh ionadaitheach d'fhostaithe agus a mheasfaidh an tAire is cuí,
- (b) 3 dhuine arna n-ainmniú ag cibé eagraíochtaí a bheidh ionadaitheach d'fhostóirí agus a mheasfaidh an tAire is cuí,
- (c) 5 dhuine a mheasfaidh an tAire is cuí a n-áireofar orthu duine amháin ón Roinn ar faoina coimirce a fheidhmíonn an tÚdarás.

(3) Déanfaidh an tAire, chun críocha *mhír 13(b)* de *Sceideal 5*, duine amháin de ghnáthchomhaltaí an Údaráis a ainmniú chun bheith ina leas-chathaoirleach ar an Údarás.

(4) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, leanfaidh duine ar comhalta den Údarás é nó í díreach roimh thosach feidhme an ailt sin in oifig mar chomhalta den sórt sin ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige ar ina leith a ceapadh é nó í, mura n-éagfaidh sé nó sí nó mura n-éireoidh sé nó sí as oifig nó mura scoirfidh sé nó sí ar shlí eile d'oifig a shealbhú de réir *Sceideal 5*.

Coistí
comhairleacha.

38.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, coistí comhairleacha a bhunú chun comhairle a chur air i ndáil le haon cheann dá fheidhmeanna agus féadfaidh sé comhaltas, téarma oifige agus téarmaí tagartha aon choiste den sórt sin a chinneadh agus a nós imeachta a rialáil.

(2) I gcás go mbeidh coiste comhairleach ceaptha ag an Údarás, déanfaidh an tÚdarás duine de chomhaltaí an choiste a cheapadh mar chathaoirleach ar an gcoiste sin agus duine eile mar leaschathaoirleach a ghníomhóidh nuair a bheidh an cathaoirleach as láthair.

(3) Íocfaidh an tÚdarás le comhaltaí coiste chomhairligh a bhunófar faoin alt seo cibé líuntais i leith caiteachas arna dtabhú acu a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, leanfaidh duine ar comhalta de choiste comhairleach é nó í díreach roimh thosach feidhme an ailt sin in oifig mar chomhalta den sórt sin ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige ar ina leith a ceapadh é nó í, mura n-éagfaidh sé nó sí nó mura n-éireoidh sé nó sí as oifig nó mura scoirfidh sé nó sí ar shlí eile d'oifig a shealbhú.

An Príomh-
fheidhmeannach.

39.—(1) Beidh príomh-oifigeach feidhmiúcháin ar an Údarás ar a dtabharfar, agus dá ngairtear an “Príomhfheidhmeannach” san Acht seo.

(2) Is é an tÚdarás, le toiliú an Aire, a cheapfaidh an Príomhfheidhmeannach agus a fhéadfaidh é nó í a chur as oifig de réir théarmaí agus choinníollacha a cheapacháin nó a ceapacháin.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cúntóir amháin don Phríomhfheidhmeannach nó níos mó a cheapadh, ar a dtabharfar agus dá ngairtear an “Príomhfheidhmeannach Cúnta” san Acht seo.

(4) Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach riarachán agus gnó an Údaráis a sheoladh, a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne agus aon fheidhmeanna eile a thabharfar dó nó di leis an Acht seo, nó de réir mar a chinnfidh an tÚdarás, a chomhlíonadh.

(5) Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach—

- (a) dréacht-ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis de réir *alt 43* agus dréacht-chlár oibre a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis de réir *alt 44*,
- (b) tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha eile ar dhul chun cinn maidir leis an ráiteas straitéise a chur i ngníomh a thabhairt don Údarás i gceann cibé tréimhsí a ordóidh an tÚdarás ó am go ham,
- (c) comhairle a sholáthar don Údarás maidir le haon ní a thagann faoi réim fheidhmeanna an Údaráis, a dhéanann difear dóibh nó a bhaineann leo,
- (d) aon fhaisnéis a sholáthar don Údarás, lena n-áirítear faisnéis airgeadais, a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chomhlíonadh agus a éileoidh an tÚdarás ó am go ham, agus
- (e) an uile ní a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht, araíonacht agus dífhostú foirne atá faoi bhun phost an Phríomhfheidhmeannaigh Chúnta a bhainistiú.

(6) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, leanfaidh Príomhfheidhmeannach an Údaráis a bheidh i seilbh oifige díreach roimh thosach feidhme an Achta seo in oifig mar Phríomhfheidhmeannach ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige ar ina leith a ceapadh é nó í, mura n-éagfaidh sé nó sí nó mura n-éireoidh sé nó sí as oifig nó mura scoirfidh sé nó sí ar shlí eile d'oifig a shealbhú.

(7) Beidh feidhm ag *Scéideal 6* maidir leis an bPríomhfheidhmeannach.

40.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun go gcomhlíonfaidh sé a fheidhmeanna. Sainchomhairleoirí agus comhairleoirí.

(2) Déanfaidh an tÚdarás aon táillí is iníoctha aige le sainchomhairleoir nó le comhairleoir arna fhostú nó arna fhostú faoin alt seo a íoc as airgead a bheidh faoina réir aige agus beidh aird aige ar threoirínte a eisoidh an tAire nó an tAire Airgeadais ó am go ham.

(3) Comhlíonfaidh an tÚdarás aon ordacháin a thabharfaidh an tAire dó, le toiliú an Aire Airgeadais, maidir le sainchomhairleoirí nó comhairleoirí arna bhfostú faoin alt seo.

41.—(1) I gcás go n-eascróidh aon cheann de na nithe seo a leanas ag cruinniú den Údarás, eadhon— Comhaltaí an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.

- (a) socrú ar páirtí ann an tÚdarás nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó
- (b) conradh nó comhaontú eile leis an Údarás nó conradh nó comhaontú eile den sórt sin atá beartaithe,

ansin, maidir le haon chomhalta den Údarás a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a mbeidh leas ábhartha aige nó aici sa ní, ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin—

- (i) ag an gcruinniú, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní, nochtfaidh sé nó sí don Údarás go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é cineál an leasa,
- (ii) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith i ndáil leis an ní,
- (iii) fanfaidh sé nó sí as láthair ó aon chruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,
- (iv) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an tÚdarás i ndáil leis an ní, agus
- (v) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás ina nochtfaidh comhalta leas ábhartha i ní faoin alt seo—

- (a) déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe, agus
- (b) fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní, ní áireofar an comhalta sa chóram don chruinniú mura gcinnfidh an tÚdarás a mhalairt.

(3) I gcás go n-eascróidh ceist ag cruinniú den Údarás i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Údarás, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain ag an gcomhalta ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh—

- (a) féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe, faoi réir *fho-alt (4)*, an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach breith an chathaoirligh, agus
- (b) i gcás ina gcinnfear an cheist amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(4) Más rud é, ag cruinniú den Údarás, gurb é nó í cathaoirleach an chruinnithe an comhalta ar ina leith a bheidh ceist lena mbaineann *fo-alt (3)* le cinneadh, ansin déanfaidh na comhaltaí eile den Údarás a bheidh ag freastal ar an gcruinniú duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú chun an cheist lena mbaineann a chinneadh.

(5) Más deimhin leis nó léi gur sháraigh comhalta den Údarás *fo-alt (1)*, féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi, an comhalta sin a chur as oifig nó aon ghníomh eile den sórt sin is cuí leis an Aire a dhéanamh.

(6) Aon duine a chuirfear as oifig faoi *fho-alt (5)*, beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.

Comhaltaí d'fhoireann an Údaráis do nochtadh leasanna áirithe.

42.—(1) I gcás go mbeidh leas ábhartha ag comhalta (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) d'fhoireann an Údaráis nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh ar fostú ag an Údarás, seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin nó mar shainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile den sórt sin

a bheidh ar fostú ag an Údarás, in aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó in aon chonradh, comhaontú nó socrú atá beartaithe, ar páirtí ann an tÚdarás—

- (a) nochtfaidh an duine sin don Údarás a leas agus cad é cineál an leasa, sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní,
- (b) ní imreoidh an duine sin tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith maidir leis an ní, ná ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú, agus
- (c) ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i gcaibidil an chonartha, an chomhaontaithe nó an tsocraithe nó in aon bhreithniú ag an Údarás nó ag foireann an Údaráis maidir leis an ní.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine i ndáil le conradh fostaíochta nó conradh fostaíochta beartaithe de chuid an duine sin mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis.

(3) I gcás go sáróidh duine an t-alt seo, féadfaidh an tÚdarás breith a thabhairt faoin ngníomh cuí a bheidh le glacadh lena n-áirítear athruithe ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an duine nó ar chonradh an duine le haghaidh seirbhísí nó conradh fostaíochta an duine nó conradh an duine le haghaidh seirbhísí a fhoirceannadh.

43.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, ag na tráthanna atá leagtha amach i *bhfo-alt (2)(f)*, ráiteas straitéise don tréimhse 3 bliana dá éis sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire fara leasú nó gan leasú. Ráiteas straitéise.

(2) Maidir le ráiteas straitéise—

- (a) sonrófar ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara (lena n-áirítear úsáid acmhainní) an Údaráis,
- (b) tabharfar aird ann ar an ngá atá ann a chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Údaráis,
- (c) ach amháin i gcás an chéad ráitis straitéise, áireofar ann athbhreithniú ar thorthaí agus éifeachtacht an ráitis straitéise roimhe sin,
- (d) sonrófar ann an modh ina mbeartaíonn an tÚdarás a fheidhmíocht a mheasúnú i leith na gcuspóirí dá dtagraítear i *mír (a)*, agus táscairí feidhmíochta iomchuí (airgeadais agus neamhairgeadais) á gcur i gcuntas.
- (e) ullmhófar é san fhoirm agus ar an modh a ordóidh an tAire ó am go ham,
- (f) déanfar é a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire—
 - (i) i gcás an chéad ráitis straitéise, tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis *d'alt 32* teacht i ngníomh, agus

Cd.5 A.43

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(ii) i gcás gach ráitis straitéise dá éis sin, tráth nach déanaí ná cothrom trí bliana an dáta a cuireadh an ráiteas straitéise roimhe sin faoi bhráid an Aire,

agus

(g) áireofar ann aon nithe eile a ordóidh an tAire ó am go ham.

(3) Le linn an ráiteas straitéise a ullmhú, féadfaidh an tÚdarás dul i gcomhairle le cibé daoine nó comhlachtaí daoine is cuí leis.

(4) Measfar go mbeidh ráiteas straitéise glactha nuair a cheadóidh an tAire é.

(5) A luaithe is indéanta tar éis ráiteas straitéise a cheadú, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den ráiteas straitéise a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus foilseofar an ráiteas straitéise san fhoirm agus ar an modh a mheasfaidh an tÚdarás is cuí.

Clár oibre an Údarás.

44.—(1) Déanfaidh an tÚdarás clár oibre a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú ag an Aire, fara leasú nó gan leasú, 2 mhí ar a laghad roimh thosach gach bliana, ar clár oibre é a bhainfidh lena chuid feidhmeanna a chomhall, lena n-áirítear—

(a) ag féachaint don ráiteas straitéise, cuspóirí an Údarás don bhliain sin agus an straitéis a bheidh aige chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

(b) tosaíochtaí an Údarás don bhliain sin, ag féachaint do na cuspóirí sin agus do na hacmhainní a bheidh ar fáil dó, agus

(c) aon nithe eile a shonróidh an tAire ó am go ham le linn dó nó di ordacháin nó treoirlínte a eisiúint faoi *fho-alt* (2).

(2) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ordacháin nó treoirlínte a eisiúint chuig an Údarás maidir leis an gclár oibre a ullmhú agus déanfaidh an tÚdarás na hordacháin sin a chomhlíonadh agus an clár oibre a ullmhú de réir na dtreoirlínte sin.

(3) Measfar go mbeidh clár oibre glactha nuair a cheadóidh an tAire é.

Deontais don Údarás.

45.—(1) Féadfar deontas nó deontais de cibé méid nó méideanna a chinneadh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc gach bliain leis an Údarás as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun críocha caiteachais ag an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, airgead a infheistiú ar cibé modh is cuí leis.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir *ailt* 46 agus 47, le toiliú roimh ré ón Aire agus ón Aire Airgeadais, airgead a lorg agus a ghlacadh ó aon fhoinsé agus faoi réir aon choinníollacha a cheadóidh an tAire ó am go ham.

Cumhacht airgead a fháil ar iasacht.

46.—Féadfaidh an tÚdarás, chun soláthar a dhéanamh maidir le caiteachas reatha nó caipitiúil, airgead a fháil ar iasacht ó am go ham

(cibé acu ar urrús shócmhainní an Údaráis nó ar shlí eile), lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais agus faoi réir na gcoinníollacha a chinnfidh siad.

47.—(1) Faoi réir cheadú an Aire agus an Aire Airgeadais, Táillí le haghaidh féadfaidh an tÚdarás— seirbhísí, etc.

- (a) méid cibé táillí is cuí leis a chinneadh i gcomaoin na nithe seo a leanas—
 - (i) an tÚdarás do chomhlíonadh a fheidhmeanna,
 - (ii) é do sholáthar seirbhísí (seachas seirbhís arb é atá inti comhairle a chur ar fáil don Aire nó d'Aire eile den Rialtas), agus
 - (iii) é do sheoladh gníomhaíochtaí,
- (b) socrú a dhéanamh i dtaobh táillí éagsúla a íoc nó i dtaobh díolúine a thabhairt ó tháillí a íoc nó i dtaobh táillí a tharscaoileadh, a loghadh nó a aisíoc (go hiomlán nó go páirteach) in imthosca éagsúla nó in aicmí éagsúla imthosca nó le haghaidh cásanna éagsúla nó aicmí éagsúla cásanna,
- (c) aon ní a bheidh táirgthe, foilsithe, ceadaithe nó forbartha ag an Údarás nó i gcomhar leis a dhíol ar cibé praghsanna is cuí leis, agus
- (d) conarthaí a dhéanamh ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le híocaíochtaí leis an Údarás) maidir le forbairt agus úsáid tráchtála bhreise a dhéanamh ar aon ní a bheidh táirgthe, foilsithe nó forbartha ag an Údarás,

agus déanfaidh sé fáiltas ó na táillí, na díolacháin nó na híocaíochtaí sin a thairfeadh mar ioncam.

(2) Déanfaidh an tÚdarás sonraí maidir le táillí a chinnfear faoin alt seo a chur ar fáil saor in aisce ar iad a iarraidh.

(3) Táillí, praghsanna agus íocaíochtaí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i leith feidhmeanna a chomhlíontar, seirbhísí a sholáthraítear, gníomhaíochtaí a sheoltar nó nithe a dhíoltar, ní bheidh siad, ach amháin le ceadú roimh ré ón Aire, níos lú ná an costas a bhaineann leis an bhfeidhm a chomhlíonadh, leis an tseirbhís a sholáthar, leis an ngníomhaíocht a sheoladh nó leis an ní a tháirgeadh, a fhoilsiú nó a fhorbairt, de réir mar a bheidh.

(4) Féadfaidh an tÚdarás aon mhéid a bheidh dlíte agus ag dul dó faoi *fho-alt (1)* a ghnóthú ón duine ag a mbeidh sé iníochta mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(5) Ní bheidh feidhm ag an *Public Offices Fees Act, 1879* maidir le táillí a mhuirearófar de réir an ailt seo.

48.—(1) Coimeádfaidh an tÚdarás, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, agus i leith gach bliana, na cuntais go léir nó na taifid eile go léir is cuí agus is gnách, lena n-áirítear Cuntais agus iniúchtaí.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus clár comhardaithe, ar na nithe seo a leanas—

- (a) an t-ioncam go léir a gheobhaidh an tÚdarás agus an caiteachas go léir aige le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo,
- (b) foinsí an ioncaim agus ábhar an chaiteachais, agus
- (c) maoin, sócmhainní agus dliteanais an Údaráis.

(2) Déanfaidh an tÚdarás cuntais a choimeádfar de bhun an ailt seo a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana lena mbaineann siad agus, tar éis an iniúchta, déanfar—

- (a) cóip de na cuntais, den ráiteas agus den chlár comhardaithe agus d'aon chuntais eile arna gcoimeád faoin alt seo de réir mar a ordóidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, agus
- (b) cóip de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais,

a thíolacadh, laistigh de mhí amháin ón tráth a bhfaighidh an tÚdarás an tuarascáil dá dtagraítear i *mír (b)*, don Aire.

(3) Cuirfidh an tAire faoi deara cóip de na cuntais agus de thuarascáil an iniúcháir dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Freastal os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí.

49.—(1) Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach, aon uair a dhéanfaidh an Coiste de Dháil Éireann arna bhunú faoi Bhuan-Orduithe Dháil Éireann chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais leithreasa agus ar thuarascálacha an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus chun tuarascáil orthu a thabhairt do Dháil Éireann a cheangal air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh, fianaise a thabhairt don Choiste sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart a taifeadadh nó a cheanglaítear a thaifeadadh in aon leabhar nó in aon taifead eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear ar an Údarás a ullmhú faoin Acht seo,
- (b) barainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis i dtaca le húsáid a acmhainní,
- (c) na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheas, agus
- (d) aon ní a dhéanann difear don Údarás agus dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i *mír (a)*, *(b)*, nó *(c)*) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.5 A.49

(2) Le linn a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo agus faoi *alt 50*, ní dhéanfaidh an Príomhfheidhmeannach ceist a chur nó tuairim a nochtadh i dtaobh tuillteanas aon bheartais de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas nó i dtaobh tuillteanas cuspóirí beartais den sórt sin.

(3) Chun críocha *ailt 46, 47, 48* agus an ailt seo, folóidh “Údarás” aon fhochuideachta nó fochuideachtaí den Údarás.

50.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Coiste” Coiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó ag dhá Theach an Oireachtais i gcomhar, seachas—

Freastal os comhair coistí eile de Thithe an Oireachtais.

(a) an Coiste dá dtagraítear in *alt 49*,

(b) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann, nó

(c) an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann,

nó fochoiste de chuid Coiste den sórt sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, freastalóidh an Príomhfheidhmeannach os comhair Coiste ar iarraidh i scríbhinn ón gCoiste, chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis, de réir mar a cheanglóidh an Coiste.

(3) Ní cheanglófar ar an bPríomhfheidhmeannach cuntas a thabhairt os comhair Coiste ar aon ní atá, a bhí nó a fhéadfaidh a bheith sa todhchaí, ina ábhar d’imeachtaí os comhair cúirte nó binse sa Stát.

(4) Más é tuairim an Phríomhfheidhmeannaigh gur ní lena mbaineann *fo-alt (3)* aon ní a n-iarrtar ar an bPríomhfheidhmeannach cuntas a thabhairt ina leith os comhair Coiste, cuirfidh sé nó sí an tuairim sin in iúl don Choiste mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim agus, mura dtabharfar an fhaisnéis don Choiste tráth a mbeidh an Príomhfheidhmeannach os a chomhair, tabharfar an fhaisnéis amhlaidh i scríbhinn.

(5) I gcás go mbeidh an Príomhfheidhmeannach tar éis a thuairim nó a tuairim a chur in iúl do Choiste de réir *fho-alt (4)* agus nach dtarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a mhéid a bhaineann sí le ní is ábhar don tuairim sin—

(a) féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choiste an bhreith aige gan déanamh amhlaidh a chur in iúl dó nó di, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhodh achomair chun a chinneadh an ní lena mbaineann *fo-alt (3)* é an ní, nó

(b) féadfaidh Cathaoirleach an Choiste iarratas den sórt sin a dhéanamh thar ceann an Choiste,

agus déanfaidh an Ard-Chúirt an ní a chinneadh.

(6) Go dtí go gcinnfear iarratas faoi *fho-alt (5)*, ní fhreastalóidh an Príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní is ábhar don iarratas.

(7) Má chinneann an Ard-Chúirt gur ní lena mbaineann *fo-alt (3)* é an ní, tarraingeoidh an Coiste siar an iarraidh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach má chinneann an Ard-Chúirt nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, freastalóidh an Príomhfheidhmeannach os comhair an Choiste chun cuntas a thabhairt ar an ní.

Tuarascálacha agus faisnéis don Aire.

51.—(1) A luaithe is indéanta, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana, déanfaidh an tÚdarás tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) Beidh an tuarascáil bhliantúil san fhoirm a ordóidh an tAire agus áireofar inti na nithe seo a leanas—

- (a) faisnéis ar chomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis le linn na bliana lena mbaineann an tuarascáil ag féachaint do ráiteas straitéise agus do chlár oibre an Údaráis,
- (b) faisnéis ar chomhlíonadh aon chomhaontaithe faoi *alt 34(2)*,
- (c) faisnéis i ndáil le haon tuarascáil bhliantúil arna tabhairt don Údarás faoi *alt 33(3)*, agus
- (d) aon fhaisnéis eile a mheasfaidh an tÚdarás is cuí nó a éileoidh an tAire.

(3) Maidir leis an Údarás—

- (a) féadfaidh sé, de réir mar is cuí leis, aon tuarascálacha eile maidir lena fheidhmeanna a thabhairt don Aire, agus
- (b) déanfaidh sé a thuarascáil bhliantúil a fhoilsiú.

CAIBIDIL 2

Foireann an Údaráis

Foireann an Údaráis.

52.—(1) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí d’fhoireann an Údaráis a chinnfidh sé ó am go ham.

(2) Maidir le comhalta d’fhoireann an Údaráis (seachas an Príomhfheidhmeannach)—

- (a) fostófar é nó í ar na téarmaí agus na coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair) a chinnfidh an tÚdarás le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, agus
- (b) íocfar leis nó léi as airgead a bheidh faoina réir ag an Údarás an luach saothair agus na liúntais i leith caiteachas (más ann) arna dtabhú aige nó aici a chinnfidh an tÚdarás, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(3) Déanfaidh an tÚdarás na gráid d’fhoireann an Údaráis, agus an líon foirne i ngach grád, a chinneadh le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(4) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, gach duine a bhí, díreach roimh thosach feidhme an ailt sin, ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, leanfaidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis agus maidir le gach duine den sórt sin, ní bheidh sé nó sí, tar éis an tosach feidhme sin, faoi réir coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó luacha saothair is lú tairbhe ná na coinníollacha seirbhíse (lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le seilbh oifige) nó an luach saothair a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an tosach feidhme sin.

53.—Déanfaidh an tÚdarás, le linn an luach saothair nó na liúntais i leith caiteachas a bheidh le hóc le comhaltaí dá fhoireann (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) nó na téarmaí nó na coinníollacha eile ar faoina réir a shealbhaíonn nó a shealbhóidh na comhaltaí sin a bhfostaíocht a chinneadh, aird a thabhairt ar threoirlínte Rialtais nó ar threoirlínte a bheidh comhaontaithe ar bhonn náisiúnta agus a bheidh ar marthain de thuras na huairé agus ar bheartas Rialtais maidir le luach saothair agus coinníollacha fostaíochta a bheidh ar marthain amhlaidh agus, i dteannta an mhéid sin roimhe seo, comhlíonfaidh an tÚdarás aon treoracha maidir le luach saothair, liúntais, téarmaí nó coinníollacha den sórt sin a thabharfaidh an tAire don Údarás le toiliú an Aire Airgeadais.

Luach saothair fhoireann an Údaráis.

54.—(1) Gach oifigeach don Aire a bheidh ainmnithe ag an Aire tráth ar bith roimh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú, aistrefar é nó í chuig an Údarás, agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis ar an lá a ainmneofar amhlaidh é nó í.

Oifigigh, etc., a aistriú chuig an Údarás.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (1)* gan fógra i scríbhinn a bheith tugtha aige nó aici don oifigeach lena mbaineann agus d'aon cheardchumann nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann agus don Údarás, go bhfuil sé beartaithe aige nó aici déanamh amhlaidh agus gan breithniú a bheith déanta aige nó aici ar aon uirill a rinne sé nó sí, nó a rinne siad sin nó aon cheann díobh, i ndáil leis an ní laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra.

(3) Ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, aon oifigeach arna ainmniú nó arna hainmniú faoi *fho-alt (1)* a aistrefar leis an bhfo-alt sin chuig foireann an Údaráis ní lú, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, an scála pá a gheobhaidh sé nó sí ná ní lú tairbhe dó nó di na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a mbeidh sé nó sí faoina réir ná an scála pá a raibh teideal aige nó aici chuige agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) a raibh sé nó sí faoina réir díreach roimh an lá a aistríodh é nó í.

(4) Go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle le haon cheardchumann agus comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann, athrú ar scálaí pá agus ar théarmaí agus coinníollacha seirbhíse (seachas na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige) oifigeach a aistrefar faoi *fho-alt (1)*, leanfaidh na scálaí pá a raibh teideal ag oifigigh chucu agus na téarmaí agus na coinníollacha seirbhíse (seachas na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige), na srianta, na ceanglais agus na hoibleagáidí a raibh na hoifigigh faoina réir díreach sular aistríodh

iad, d'fheidhm a bheith acu maidir leis na hoifigigh agus féadfaidh an tÚdarás nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar a bheidh, iad a chur i bhfeidhm nó a fhorchur, fad a bheidh na hoifigigh i seirbhís an Údaráis agus ní oibreoidh aon athrú den sórt sin chun gur measa na scálaí pá nó na téarmaí nó na coinníollacha seirbhíse a bhain le hoifigeach díreach roimh an lá a aistríodh é nó í faoi *fho-alt (1)*, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachas foirne aitheanta lena mbaineann.

(5) (a) Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le seilbh oifige a dheonaíonn an tÚdarás d'oifigeach a ainmneofar faoi *fho-alt (1)* agus a aistreofar chuig foireann an Údaráis ní lú fabhar dó nó di iad, fad a bheidh sé nó sí i seirbhís an Údaráis, ná na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme sa státseirbhís de thuras na huaire.

(b) Aon athrú ar na coinníollacha maidir le seilbh oifige aon oifigigh den sórt sin ní athrú é a fhágfaidh gur lú fabhar dó nó di na coinníollacha sin ná na coinníollacha is infheidhme sa státseirbhís tráth an athraithe, ach amháin i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann arna chaibidil le haon cheardchumann nó comhlachais foirne aitheanta lena mbaineann.

(c) Má bhíonn aon díospóid idir an tÚdarás agus aon oifigeach den sórt sin i dtaobh na gcoinníollacha is infheidhme sa státseirbhís, is é nó is í an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, a chinnefidh an ní.

(6) I ndáil le hoifigigh a aistreofar chuig foireann an Údaráis faoi *fho-alt (1)*, féadfar seirbhís roimh ré sa státseirbhís, nó seirbhís is ináirithe chun críocha aon sochar aoisliúntais is iníoctha ag an státseirbhís nó thar a ceann, a áireamh chun críocha na nAchtanna um Iocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2003, an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001, na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001 agus na nAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001, ach sin faoi réir aon eisceachtaí nó eisiamh eile sna hAchtanna sin.

Cód iompair.

55.—(1) Déanfaidh an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Airgeadais, cód iompair a tharraingt suas maidir le rialuithe ar leasanna foirne agus le hiompar eiticíúil a mbeidh feidhm aige maidir le gach comhalta dá fhoireann.

(2) Déanfaidh an tÚdarás aon chód iompair a tharraingeofar suas faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú.

Aoisliúntas
fhoireann an
Údaráis.

56.—(1) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú dá fhoireann (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach), nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Socrófar le scéim faoin alt seo an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo nó ina leith faoin scéim, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, aon tráth, scéim lena leasaítear nó lena gcúlghairtear scéim a bheidh curtha faoi bhráid an Aire agus a bheidh ceadaithe roimhe sin faoin alt seo, lena n-áirítear scéim faoin bhfo-alt seo nó scéim a bhfuil feidhm ag *fo-alt (5)* maidir leis, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(4) Déanfaidh an tÚdarás scéim nó scéim leasaitheach a chuirfear faoi bhráid an Aire faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, a chur i gcrích de réir a téarmaí.

(5) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, aon scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú d'aon chomhaltaí d'fhoireann an Údaráis, nó ina leith, a bheidh i ngníomh díreach roimh thosach feidhme an *ailt sin 4*, leanfaidh sí i ngníomh tar éis an tosach feidhme sin.

(6) Déanfar le scéim nó scéimeanna faoin alt seo, maidir le duine a aistreofar faoi *alt 54* chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'fhoireann an Údaráis, socrú chun sochair aoisliúntais a dheonú dó nó di nó ina leith ar théarmaí agus coinníollacha agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar dó nó di ná na téarmaí agus na coinníollacha a bhí i bhfeidhm maidir leis nó léi díreach roimh an lá a aistríodh é nó í amhlaidh i ndáil leis na sochair sin a dheonú.

(7) Más rud é go ndéanfaí, i rith na tréimhse idir tosach feidhme an *ailt seo* agus teacht i ngníomh do scéim faoin alt seo, sochair aoisliúntais a dheonú do dhuine, nó i leith duine, a aistríodh le *halt 54* chuig foireann an Údaráis, i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta mar oifigeach don Aire, déanfaidh an tÚdarás na sochair aoisliúntais a dheonú don duine nó ina leith agus a íoc leis an duine nó ina leith agus, chun na críche sin, déanfar a sheirbhís nó a seirbhís inphinsin leis an Údarás a chomhiomlánú lena sheirbhís nó lena seirbhís inphinsin roimhe sin.

(8) Faoi réir *fho-alt (7)*, ní dhéanfaidh an tÚdarás aon sochar aoisliúntais a dheonú do chomhaltaí, nó i leith comhaltaí, dá fhoireann (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) is comhaltaí de scéim faoin alt seo, ná ní dhéanfar aon socrú eile chun aon sochar aoisliúntais a sholáthar do dhaoine den sórt sin, seachas de réir scéime a bheidh curtha faoi bhráid an Aire agus ceadaithe faoin alt seo, nó le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(9) Má eascraíonn díospóid maidir le héileamh aon duine ar shochar aoisliúntais, nó maidir le méid sochair aoisliúntais, is infoctha i leith scéime faoin alt seo, cuirfear an díospóid faoi bhráid an Aire agus tarchuirfidh an tAire í chuig an Aire Airgeadais.

(10) Cuirfidh an tAire faoi deara gach scéim a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo, lena n-áirítear leasú ar scéim, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis a ceadaithe, agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífídh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

CUID 6

RIALACHÁIN, CÓID CHLEACHTAIS AGUS FORFHEIDHMÍÚ

CAIBIDIL 1

Rialacháin agus Cóid Chleachtais

Reachtaíocht a athbhreithniú.

57.—(1) Déanfaidh an tÚdarás—

(a) na nithe seo a leanas a choinneáil faoi athbhreithniú—

(i) na forálacha reachtúla iomchuí, agus

(ii) na forálacha reachtúla comhbhainteacha,

(b) aon tograí is cuí leis maidir leis na forálacha reachtúla iomchuí nó chun aon ionstraimí a dhéanamh nó a chúlghairm faoi na forálacha sin a chur faoi bhráid an Aire, ó am go ham,

(c) aon tograí is cuí leis maidir leis na forálacha reachtúla comhbhainteacha nó chun aon ionstraimí a dhéanamh nó a chúlghairm faoi na forálacha sin a chur faoi bhráid an Aire agus faoi bhráid an Aire ar a bhfuil freagracht maidir le haon cheann de na forálacha sin, ó am go ham,

(d) cibé athbhreithnithe ar fhorálacha reachtúla iomchuí a ordóidh an tAire a ghabháil de láimh, agus

(e) cúnaimh a thabhairt i dtaca le dréacht-reachtaíocht a ullmhú de réir mar a ordóidh an tAire.

(2) Sula gcuirfidh sé tograí faoi bhráid an Aire, rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le haon duine nó comhlacht eile is dealraitheach don Údarás a bheith cuí ag féachaint do na tograí a bheidh le cur faoi bhráid an Aire nó de réir mar a ordóidh an tAire.

Rialacháin.

58.—(1) Faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), féadfaidh an tAire—

(a) le rialacháin, foráil a dhéanamh, faoi réir an Achta seo, maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú,

(b) rialacháin a dhéanamh i gcoitinne chun lánéifeacht a thabhairt don Acht seo, agus

(c) gan dochar do ghinearáltacht *mhír* (b), rialacháin a dhéanamh maidir le haon cheann de na nithe atá leagtha amach i *Sceideal 7* nó ina leith.

(2) Sula ndéanfaidh an tAire rialacháin faoin Acht seo (seachas de dhroim togra arna dhéanamh ag an Údarás faoi *alt 57*)—

(a) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Údarás, agus

(b) féadfaidh sé nó sí fógra i dtaobh é a bheith ar intinn ag an Aire déanamh amhlaidh a fhoilsiú i cibé slí is cuí leis an Aire agus tabharfaidh sé nó sí do dhaoine ar mian leo

uiríll a dhéanamh i ndáil leis na rialacháin atá beartaithe tréimhse 21 lá chun déanamh amhlaidh.

(3) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an Údarás sula ndéanfaidh sé nó sí rialacháin lena dtabharfar éifeacht fara modhnuithe d'aon togra arna dhéanamh ag an Údarás faoi *alt 57*.

(4) Maidir le rialacháin faoin Acht seo—

- (a) féadfaidh aon fhorálacha teagmhasacha, forlfontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dealraitheach don Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán,
- (b) féadfaidh feidhm a bheith acu i gcoitinne nó maidir le haicme shonraithe nó le haicmí sonraithe daoine, áiteanna oibre nó gníomhaíochtaí oibre, airceadail nó substainte nó maidir le haon ní eile is dóigh leis an Aire is cuí,
- (c) féadfaidh forálacha éagsúla a bheith iontu i ndáil le haicmí éagsúla daoine, áite oibre nó gníomhaíochta oibre, airceadail nó substainte, agus
- (d) faoi réir *fho-alt (5)* agus aon choinníollacha a fhorordófar, féadfar aon aicme shonraithe gníomhaíochta oibre, fostaíochta, airceadail nó substainte nó aon aicme shonraithe duine nó áite oibre a dhíolmhú leo ó gach foráil nó ó aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí, más rud é, ag féachaint don aicme gníomhaíochta oibre, fostaíochta, airceadail, substainte, duine nó áite oibre, gur deimhin leis an Aire go bhfuil feidhmiú na bhforálacha sin neamhriachtanach nó neamhphraiticiúil agus go bhfuil bearta cosantacha leordhóthanacha i bhfeidhm.

(5) Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo feidhm a bheith acu maidir le gach gníomhaíocht oibre nó maidir le gníomhaíochtaí oibre sonracha agus féadfaidh siad baint a bheith acu freisin leis na nithe seo a leanas—

- (a) oibreán nó oibreáin de chineál ceimiceach, fisiceach nó bitheolaíoch,
- (b) aon airceadal nó substaint a aicmiú, a phacáistiú, a lipéadú, a mhargú nó a úsáid,
- (c) rialú guaiseacha mórthionóiscí,
- (d) substaintí contúirteacha a stóráil nó a iompar, nó
- (e) monarchana, na tionscail eastóscacha, áitribh oifige nó coirí.

(6) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-ailt (1)* agus (4), féadfaidh rialacháin faoin Acht seo feidhm a bheith acu maidir leis an méid seo a leanas—

- (a) fostóirí nó daoine eile a rialaíonn áiteanna oibre nó áiteanna oibre sonraithe,
- (b) fostaithe nó aicme shonrach fostaithe,

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

- (c) gach gníomhaíocht oibre nó gníomhaíochtaí sonracha oibre,
- (d) dearthóirí, monaróirí, díoltóirí nó soláthróirí (nó aon aicmí díobh) airceadal, substaintí nó éadaigh cosanta phearsanta nó trealaimh cosanta phearsanta (nó aon aicmí díobh),
- (e) airceadal sonraithe nó substaint shonraithe nó airceadal nó substaint d'aicme shonrach.

(7) Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo fororduithe a chorprú, a ghlacadh, a chur chun feidhme nó a dhéanamh, faoi threoir aon chóid cleachtais, modhnaithe nó gan mhodhnú, a eiseoidh an tÚdarás de réir *alt 60*.

(8) Measfar go raibh forálacha an ailt seo i ngníomh ar thosach feidhme alt 28 d'Acht 1989 agus go raibh siad curtha san alt sin ón dáta sin agus, maidir le gach rialachán a bheidh déanta i bhfeidhmiú na gcumhachtaí faoin alt sin agus nach mbeidh cúlghairthe roimh thosach feidhme an ailt seo, measfar go ndearnadh é i bhfeidhmiú na gcumhachtaí faoi fhorálacha an ailt sin, lena n-áirítear na forálacha den alt seo a meastar a bheith curtha san alt sin leis an bhfo-alt seo

(9) Déanfaidh an tAire gach rialachán nó ordú (seachas ordú arna dhéanamh faoi *alt 1(2)*) faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuifidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe, beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán nó faoin ordú.

(10) Folaíonn an chumhacht rialacháin a dhéanamh faoin alt seo cumhacht foráil a dhéanamh le rialacháin chun éifeacht a thabhairt—

- (a) d'aon fhoráil de chonarthaí na gComhphobal Eorpach, nó
- (b) d'aon ionstraim arna glacadh ag institiúid de na Comhphobail Eorpacha lena rialaítear aon cheann de na nithe atá leagtha amach i *Sceideal 7*.

Oiriúnuithe
ilghnéitheacha.

59.—Aon tagairtí don Aire (seachas tagairtí i leith rialacha, rialacháin, fodhlíthe, orduithe, díolúintí nó eisceachtaí a dhéanamh) a bhí in aon achtachán láithreach díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, forléireofar iad, a mhéid a bhaineann siad le feidhmeanna is infheidhmithe ag an Údarás faoin Acht seo, mar thagairtí don Údarás.

Cóid chleachtais.

60.—(1) D'fhonn treoir phraiticiúil a sholáthar d'fhostóirí, d'fhostaithe agus d'aon daoine eile lena mbaineann an tAcht seo maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, nó maidir le ceanglais nó toirmisc aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí—

- (a) féadfaidh an tÚdarás, agus déanfaidh sé má iarrann an tAire air amhlaidh, cóid chleachtais a ullmhú agus a fhoilsiú, agus

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.6 A.60

(b) féadfaidh an tÚdarás cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais a dhéanfaidh nó a fhoilseoidh aon chomhlacht eile a cheadú.

(2) Sula ndéanfaidh an tÚdarás cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú faoin alt seo—

(a) gheobhaidh sé toiliú an Aire,

(b) féadfaidh sé dréacht den chód cleachtais nó d'ailt de dhréachtchód cleachtais a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an Údarás agus tabharfaidh sé mí amháin do dhaoine ó dháta foilsithe an dréachtchóid nó na n-alt chun uirill a dhéanamh i scríbhinn laistigh di chuig an Údarás i ndáil leis an dréachtchód nó leis na hailt den dréachtchód, nó cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 28 lá, a mheasfaidh an tÚdarás, dá lánrogha féin, is oiriúnach, agus

(c) tar éis comhchomhairliúcháin agus, más iomchuí, tar éis na huirill, más ann, a bheidh déanta a bhreithniú, cuirfidh sé an dréachtchód faoi bhráid an Aire d'fhonn a thoiliú nó a toiliú a fháil lena fhoilsiú nó lena cheadú faoin alt seo, fara modhnú nó gan mhodhnú.

(3) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás cód cleachtais a fhoilsiú nó a cheadú nó aon chuid de chód cleachtais a cheadú, foilseoidh sé fógra i dtaobh an fhoilsithe nó an cheadaithe sin san Iris Oifigiúil agus déanfar san fhógra sin—

(a) an cód a shainaithe,

(b) na nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair nó na forálacha reachtúla iomchuí ar ina leith a fhoilsítear nó a cheadaítear an cód a shonrú, agus

(c) an dáta a thiocfaidh an cód i ngníomh a shonrú.

(4) Féadfaidh an tÚdarás le toiliú an Aire agus tar éis dul i gcomhairle le haon duine nó comhlacht eile is cuí leis an Údarás nó a ordóidh an tAire—

(a) aon chód cleachtais nó cuid d'aon chód cleachtais a bheidh ullmhaithe nó foilsithe aige faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm, nó

(b) a cheadú i leith aon chóid cleachtais nó i leith cuid d'aon chód cleachtais a bheidh ceadaithe aige faoin alt seo a tharraingt siar.

(5) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás cód cleachtais nó aon chuid de chód cleachtais arna fhoilsiú nó arna cheadú faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm nó a cheadú ina leith a tharraingt siar, foilseoidh sé fógra faoin leasú, faoin gcúlghairm nó faoin tharraingt siar, de réir mar a bheidh, san Iris Oifigiúil.

(6) Cuirfidh an tÚdarás na nithe seo a leanas ar fáil lena n-íniúchadh go poiblí gan mhuirear ag a phríomhoifig le linn gnáthuaire oibre—

(a) cóip de gach cód cleachtais a fhoilseoidh nó a cheadóidh sé, agus

(b) i gcás gur leasáíodh cód cleachtais, cóip den chód arna leasú amhlaidh.

(7) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, leanfaidh cód cleachtais a bhí i ngníomh díreach roimh thosach feidhme an ailt sin de bheith ina chód cleachtais amhail is dá mba faoin alt seo a ullmhaíodh agus a foilsíodh é.

Cóid chleachtais a úsáid in imeachtaí coiriúla.

61.—(1) Más rud é, in imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo maidir le sárú líomhnaithe ar aon cheanglas nó toirmeasc a fhorchuirtear le foráil reachtúil iomchuí nó fúithi ar foráil í a mbeidh cód cleachtais foilsithe nó ceadaithe ag an Údarás ina leith faoi *alt 60* tráth an tsáraithe líomhnaithe, beidh éifeacht le *fo-alt (2)* maidir leis an gcód cleachtais sin i ndáil leis na himeachtaí sin.

(2) (a) I gcás inar dealraitheach don chúirt go dtugann cód cleachtais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* treoír phraiticiúil i dtaobh urramú an cheanglais nó an toirmisc a líomhnaítear a bheith sáraithe, beidh an cód cleachtais inghlactha i bhfianaise.

(b) I gcás ina gcruthófar, gurb éard é aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an chosantóra a líomhnaítear gurb é an sárú é—

(i) mainneachtain cód cleachtais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a urramú, nó

(ii) comhlíonadh ar an gcód cleachtais sin,

ansin beidh an mhainneachtain nó an comhlíonadh sin inghlactha i bhfianaise.

(3) Aon doiciméad ar a mbeidh séala an Údaráis agus a airbheartóidh a bheith ina chód cleachtais nó ina chuid de chód cleachtais arna fhoilsiú nó arna cheadú ag an Údarás faoin alt seo, beidh sé inghlactha mar fhianaise in aon imeachtaí faoin Acht seo.

CAIBIDIL 2

Forfheidhmiú

Cigirí a údarú.

62.—(1) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* cibé daoine agus cibé líon daoine a mheasfaidh an tÚdarás nó an duine is cuí a údarú chun bheith ina gcigirí d'fhonn gach ceann nó aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú laistigh den réimse iomchuí freagrachta de réir *alt 33* nó *34*, de réir mar a bheidh.

(2) (a) Tabharfar do chigire deimhniú údarúcháin mar chigire.

(b) Le linn cumhacht a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú, déanfaidh cigire, má iarrann aon duine dá ndéantar difear air nó uirthi é, an deimhniú údarúcháin nó cóip de a thabhairt ar aird don duine sin maille le céannacht phearsanta de chineál éigin.

(3) Scoirfidh údarú faoin alt seo an tráth a dhéanfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, de réir mar a bheidh, an t-údarú a chúlghairm.

(4) D'ainneoin aisghairm Acht 1989 le *halt 4*, leanfaidh cigire a bheidh údaraithe díreach roimh thosach feidhme an ailt sin faoi alt 33 d'Acht 1989 de bheith ina chigire nó ina cigire amhail is dá mba faoin alt seo a rinneadh é nó í a údarú.

63.—(1) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* aon duine, lena n-áirítear cigire, is lia-chleachtóir cláraithe a ainmniú i scríbhinn chun glacadh le haon fhógra, tuairisc nó deimhniú a cheanglaítear, le haon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí, ar lia-chleachtóir cláraithe a chur chuig an Údarás nó chuig duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* agus féadfaidh aon duine a bheidh ainmnithe amhlaidh—

Scrúduithe liachta.

- (a) a iarraidh ar aon duine a bhí, nó a d'fhéadfadh a bheith, ina thuairim nó ina tuairim, faoi lé aon phriacail díobhála pearsanta nó aon chontúirte eile dá shláinte nó dá sláinte, i gcúrsa a chuid oibre nó a cuid oibre, agus
- (b) d'fhonn staid sláinte daoine a fhostaítear in áiteanna oibre éagsúla nó in áiteanna oibre sonraithe nó in áiteanna éagsúla san áit oibre chéanna, a chur i gcomparáid le staid sláinte daoine eile, a iarraidh ar aon duine,

samplaí bitheolaíoch a chur ar fáil nó dul faoi scrúdú liachta, nó iad araon, ag cibé áit a ainmneoidh an duine a bheidh ainmnithe amhlaidh, cibé acu aige nó aici féin nó thar a cheann nó thar a ceann, nó ag cibé lia-chleachtóir cláraithe eile a shonróidh sé nó sí, nó thar a cheann nó thar a ceann.

(2) Aon tagairtí sna forálacha reachtúla iomchuí do “liachomhairleoir ceirde”, léifear iad mar thagairtí do dhaoine a bheidh ainmnithe faoin alt seo.

64.—(1) Chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, beidh cumhacht ag cigire aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

Cumhachtaí cigirí.

- (a) faoi réir *fho-alt (5)*, dul isteach, tráth ar bith, in aon áit—
 - (i) a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go n-úsáidtear é mar áit oibre,
 - (ii) a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go gcoimeádtar airceadail nó substaintí nó taifid ann, nó
 - (iii) a bhfuil feidhm ag na forálacha reachtúla iomchuí maidir leis,

agus an áit sin agus aon ghníomhaíocht oibre, suiteáil, próiseas nó nós imeachta san áit sin atá faoi réir na bhforálacha reachtúla iomchuí agus aon airceadail, substaintí nó taifid den sórt sin, a fhiosrú, a chuardach, a scrúdú agus a iniúchadh chun a fhionnadh an raibh nó an bhfuil na forálacha reachtúla iomchuí á gcomhlíonadh agus chun na gcríoch sin aon trealamh nó ábhair a bheidh riachtanach chun na gcríoch sin a thabhairt leis nó léi agus a úsáid;

- (b) a ordú go bhfágfar gan cur isteach orthu an áit sin nó aon chuid den áit sin agus aon ní san áit sin a fhad is gá le réasún chun críche aon chuardaigh, scrúdaithe, imscrúdaithe, iniúchta nó fiosrúcháin faoi na forálacha reachtúla iomchuí;
- (c) a ordú go ndéanfar ráiteas sábháilteachta a leasú de réir *alt 20(5)(c)*;
- (d) a cheangal ar an bhfostóir, ar aon fhostaí, ar úinéir na háite nó ar an duine a bheidh i bhfeighil na háite aon taifid a thabhairt ar aird don chigire agus, i gcás faisnéis den sórt sin a bheidh i bhfoirm neamh-inléite, í a atáirgeadh i bhfoirm inléite agus cibé faisnéis a thabhairt don chigire a theastóidh le réasún ón gcigire i ndáil le haon iontrálacha sna taifid sin;
- (e) aon taifid den sórt sin nó aon chóras faisnéise leictreonaí a bheidh san áit a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu, lena n-áirítear, i gcás faisnéise i bhfoirm neamh-inléite, cóipeanna di, nó sleachta aisti, i mbuanfhoirm inléite, nó a cheangal go soláthrófar na cóipeanna sin;
- (f) a cheangal ar dhuine a úsáideann nó a d'úsáid ríomhaire, nó a n-úsáidtear nó ar úsáideadh ríomhaire thar a cheann nó thar a ceann, chun taifid a tháirgeadh nó a stóráil, nó ar aon duine atá i bhfeighil an ríomhaire, nó a bhfuil baint aige nó aici ar shlí eile le hoibriú an ríomhaire, gach cúnaimh réasúnach a thabhairt don chigire i ndáil leis an ríomhaire;
- (g) na taifid (lena n-áirítear doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) agus na cóipeanna a rinneadh a thabhairt chun siúil agus a choimeád ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh an cigire le réasún is gá chun iad a scrúdú tuilleadh nó go dtí go dtabharfar aon imeachtaí dlíthiúla chun críche;
- (h) a cheangal go ndéanfar taifid a chothabháil ar feadh cibé tréimhse ama a bheidh réasúnach;
- (i) a cheangal ar an bhfostóir, ar aon fhostaí, ar úinéir na háite nó ar an duine a bheidh i bhfeighil na háite, aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón gcigire chun críocha aon chuardaigh, scrúdaithe, imscrúdaithe, iniúchta nó fiosrúcháin faoi na forálacha reachtúla iomchuí a thabhairt don chigire;
- (j) a cheangal ar an bhfostóir, ar an úinéir, ar aon duine a bheidh i bhfeighil na háite nó ar aon fhostaí cibé cúnaimh agus saoráidí a thabhairt don chigire a bheidh faoi rialú an duine nó a bheidh mar chuid de fhreagrachtaí an duine agus is gá le réasún chun a chumasú don chigire aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoi na forálacha reachtúla iomchuí a fheidhmiú;
- (k) an fostóir, aon fhostaí, úinéir na háite nó an duine a bheidh i bhfeighil na háite a thoghairm, ag tráth agus in áit a shonrófar le fógra i scríbhinn chuig an duine lena mbaineann, chun aon fhaisnéis a thabhairt don chigire a theastóidh le réasún ón gcigire i ndáil leis an áit, le haon

airceadal nó substaint, le gníomhaíocht oibre, le suiteáil nó le nós imeachta san áit, agus aon taifid a mbeidh cumhacht nó rialú ag an duine sin orthu a thabhairt ar aird don chigire;

- (l) faoi réir *fho-alt (9)*, aon duine a scrúdú a gcreideann an cigire le réasún go bhfuil sé nó sí in ann faisnéis a thabhairt atá iomchuí maidir le haon chuardach, scrúdú, imscrúdú, iniúchadh nó fiosrúchán faoi na forálacha reachtúla iomchuí agus a cheangal ar an duine freagra a thabhairt ar cibé ceisteanna a chuirfidh an cigire i ndáil leis an gcuardach, scrúdú, imscrúdú, iniúchadh nó fiosrúchán agus dearbhú a shíniú go bhfuil na freagraí fíor;
- (m) a cheangal go ndéanfar aon airceadal a oibriú nó a chur ag gluaiseacht nó go ndéanfar nós imeachta a chur i gcrích, is airceadal nó nós imeachta a d'fhéadfadh a bheith iomchuí maidir le haon chuardach, scrúdú, imscrúdú, iniúchadh, nó fiosrúchán faoi na forálacha reachtúla iomchuí;
- (n) aon toisí nó grianghraif a thógáil nó aon téipthaifeadtaí nó taifeadtaí leictreacha nó eile, a dhéanamh a mheasfaidh an cigire is gá chun críocha aon chuardaigh, scrúdaithe, imscrúdaithe, iniúchta nó fiosrúcháin faoi na forálacha reachtúla iomchuí;
- (o) i gcás gur cuí é, uirlisí, córais agus séalaí faireacháin a shuiteáil, a úsáid agus a chothabháil san áit, ag an áit nó ar an áit chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí;
- (p) cibé tástáil, scrúdú nó anailís a mheasfaidh sé nó sí le réasún is gá a dhéanamh nó a chur faoi deara í nó é a dhéanamh, san áit sin nó in aon áit eile, ar aon airceadal nó substaint a gheofar san áit agus chun na críche sin a cheangal ar an bhfostóir nó ar an úinéir nó ar an duine a bheidh i bhfeighil na háite aon airceadal nó substaint nó samplaí de nó di a sholáthar gan mhúirear don chigire, nó aon airceadal, substaint nó samplaí de nó di a thabhairt chun siúil chun tástáil, scrúdú nó anailís den sórt sin a dhéanamh;
- (q) a chur faoi deara go ndéanfar aon airceadal nó substaint a gheofar san áit agus ar dealraitheach don chigire gur priacal don tsábháilteacht nó don tsláinte atá nó a bhí ann nó inti a dhíchóimeáil nó a chur faoi aon phróiseas nó tástáil de réir *mhír (p)* (ach ní ar shlí go ndéanfaí díobháil dó nó di nó go millfí é nó í mura bhfuil sé sin riachtanach sna himthosca chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí) agus i gcás ina mbeartaíonn cigire an chumhacht a thugtar leis an mír seo a fheidhmiú i gcás airceadail nó substainte a gheofar in aon áit, cuirfidh sé nó sí faoi deara, má iarrann an fostóir, an t-úinéir nó an duine a bheidh i bhfeighil na háite air nó uirthi é gur i láthair an duine sin a dhéanfar aon ní atá le déanamh de bhua na cumhachta sin;
- (r) samplaí den atmaisféar a thógáil in aon áit oibre;
- (s) i ndáil le haon airceadal nó substaint a gheofar san áit de réir *mhír (q)*, é nó í a thabhairt chun siúil agus a

choimeád ar feadh cibé tréimhse is gá chun gach ceann nó aon cheann de na críocha seo a leanas, eadhon:

- (i) é nó í a scrúdú, nó a shocrú go ndéanfar é nó í a scrúdú, agus aon ní a dhéanamh leis nó léi a bhfuil cumhacht aige nó aici é a dhéanamh faoi *mhír* (*q*);
 - (ii) a chinntiú nach gcuirfear isteach air nó uirthi sula gcríochnófar an scrúdú;
 - (iii) a chinntiú go mbeidh sé nó sí ar fáil lena úsáid nó lena húsáid mar fhianaise in aon imeachtaí;
- (*t*) cibé cumhachtaí eile a fheidhmiú is gá chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) I gcás go n-úsáidfear airceadal nó substaint ag an obair, agus ina ndéanfaidh cigire iarraidh chuige sin i gcúrsa cuardaigh, scrúdaithe, imscrúdaithe, iniúchta nó fiosrúcháin, tabharfaidh an fostóir don chigire ainm agus seoladh an tsoláthróra ónar ceannaíodh an t-airceadal nó an tsubstaint, nó óna bhfuarthas é ar shlí eile.

(3) Sula bhfeidhmeoidh sé nó sí an chumhacht a thugtar dó nó di le *fo-ailt* (*I*)(*p*) agus (*q*) i gcás aon airceadail nó substainte, rachaidh cigire, a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh, i gcomhairle le cibé daoine is dealraitheach dó nó di a bheith cuí chun a fhionnadh cé na contúirtí, más ann, a bhainfeadh le haon ní a dhéanamh a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh faoin gcumhacht sin.

(4) I gcás go nglacfaidh cigire seilbh, faoin gcumhacht a thugtar le *fo-alt* (*I*)(*s*), ar aon airceadal nó substaint a gheofar ag aon áit oibre nó in aon áit oibre, tógfaidh sé nó sí sampla den airceadal nó den tsubstaint, más féidir leis nó léi déanamh amhlaidh, agus tabharfaidh sé nó sí cuid den sampla a bheidh marcáilte ar shlí leordhóthanach chun é a aithint do dhuine freagrach ag an áit oibre.

(5) Ní rachaidh cigire isteach i dteaghais ach amháin—

(*a*) le toiliú an áititheora, nó

(*b*) de réir barántais ó Chúirt Dúiche, arna eisiúint faoi *fo-alt* (*7*), lena n-údaraitear dul isteach inti.

(6) I gcás ina gcoiscfear ar chigire, i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo, dul isteach in aon áit, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar bharántas faoi *fo-alt* (*7*) lena n-údaraitear dul isteach ann.

(7) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar do chigire le haon fhoráil eile, nó faoi aon fhoráil eile, den alt seo, más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ó chigire, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint—

- (*a*) go bhfuil aon airceadail nó substaintí atá á n-úsáid in áit oibre, nó go bhfuil aon taifid (lena n-áirítear doiciméid arna stóráil i bhfoirm neamh-inléite) nó aon fhaisnéis, a bhaineann le háit oibre agus ar gá don chigire iad a iniúchadh chun críocha na bhforálacha reachtúla iomchuí, á gcoinneáil in aon áit nó in aon chuid d'aon áit, nó ag an gcéanna nó ar an gcéanna, nó

- (b) go bhfuil fianaise ann, nó gur dócha go nochtfaí le hiniúchadh den sórt sin fianaise, maidir le sárú ar na forálacha reachtúla iomchuí,

féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú do chigire, agus cibé cigirí eile nó cibé daoine inniúla eile is cuí nó cibé comhaltaí den Gharda Síochána is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna, laistigh de mhí amháin ón dáta a eiseofar an barántas, dul isteach san áit, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar é, le forneart réasúnach más gá, agus na feidhmeanna a thugtar do chigire leis na forálacha reachtúla iomchuí, nó fúthu, a chomhlíonadh.

(8) I gcás go mbeidh cúis réasúnach ag cigire lena cheapadh go gcuirfear aon bhac tromaí air nó uirthi le linn a dhualgas nó a dualgas a fhorghníomhú, nó i gcás gur dóigh leis nó léi gur gá é thairis sin, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, nó aon duine eile arna údarú nó arna húdarú ag an Údarás, a bheith i dteannta an chigire, le linn dó nó di aon fheidhmeanna a thugtar do chigire leis na forálacha reachtúla iomchuí, nó fúthu, a chomhlíonadh.

(9) Ní cheanglaítear ar aon duine, le linn scrúdaithe nó fiosraithe faoin alt seo, aon fhreagra nó aon fhaisnéis a thabhairt a d'ionchoireodh an duine sin.

(10) I gcás go gcreideann cigire, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil cion faoi na forálacha reachtúla iomchuí déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm, agus an seoladh ag a mbíonn gnáthchónaí air nó uirthi, a thabhairt dó nó di.

65.—(1) I gcás gurb é tuairim cigire go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, aon ghníomhaíocht ag tarlú a ngabhann, nó ar dóigh go ngabhfaidh, priacal léi do shábháilteacht, do shláinte nó do leas daoine, féadfaidh sé nó sí ordachán i scríbhinn a thabhairt don fhostóir lena mbaineann á cheangal plean feabhsúcháin a chur faoina bhráid nó faoina bráid. Ordachán i dtaobh plean feabhsúcháin.

(2) Maidir le hordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)*—

- (a) sainaitheofar ann an ghníomhaíocht ar priacal í nó ar dóigh gur priacal í,
- (b) ceanglófar ann plean feabhsúcháin, ina sonrú na bearta leasúcháin a bheartaítear a dhéanamh, a chur faoi bhráid an chigire laistigh de thréimhse míosa,
- (c) ceanglóidh sé ar an bhfostóir an plean a chur i ngníomh, agus
- (d) beidh aon cheanglais eile ann a mheasfaidh an cigire is gá.

(3) I gcás go mbeidh ionadaí sábháilteachta in áit oibre a dtabharfar ordachán faoi *fho-alt (1)* ina leith, tabharfaidh an cigire cóip den ordachán don ionadaí sábháilteachta.

(4) Laistigh de mhí amháin ón tráth a gheofar plean feabhsúcháin a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid faoi *fho-alt (2)*, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don duine a chuir an plean faoina bhráid nó faoina bráid—

- (a) dearbhóidh cigire cibé acu is deimhin leis nó léi nó nach deimhin go bhfuil an plean leordhóthanach, nó

- (b) féadfaidh cigire a ordú go ndéanfar an plean a athmheas mar a bheidh sonraithe san fhógra agus a chur faoi bhráid an chigire arís laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe san fhógra.

Fógra feabhsúcháin. **66.**—(1) Féadfaidh cigire arb é a thuairim nó a tuairim—

- (a) go bhfuil aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí á shárú nó sáraithe ag duine, nó
- (b) gur mhainnigh duine ordachán a chomhlíonadh faoi *alt 65(1)*, chun plean feabhsúcháin nó, i gcás fógra faoi *alt 65(4)(b)*, plean feabhsúcháin athbhreithnithe, a chur faoi bhráid an chigire nó gur mhainnigh duine an plean feabhsúcháin nó an plean feabhsúcháin athbhreithnithe a chur i ngníomh,

fógra i scríbhinn (dá ngairtear “fógra feabhsúcháin” san Acht seo) a sheirbheáil ar an duine a bhfuil, nó ar féidir a thoirimhdiú le réasún go bhfuil, rialú aige nó aici ar an ngníomhaíocht oibre lena mbaineann.

(2) Maidir le fógra feabhsúcháin—

- (a) luafar ann gurb é an tuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* tuairim an chigire,
- (b) luafar ann na cúiseanna atá leis an tuairim sin,
- (c) sainaitheofar ann na forálacha reachtúla iomchuí a bhfuil an tuairim sin ag an gcigire ina leith,
- (d) sonrófar ann na cúiseanna arb é sin a thuairim nó a tuairim,
- (e) ordóidh sé don duine an sárú nó na nithe is cionsiocair leis an bhfógra sin a leigheas faoi dháta a shonrófar san fhógra, is tráth nach luaithe ná deireadh na tréimhse ar féidir achomharc a dhéanamh laistigh di faoi *fho-alt (7)*,
- (f) beidh faisnéis ann maidir le hachomharc a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*,
- (g) beidh aon cheanglas eile ann is cuí leis an gcigire, agus
- (h) beidh sé sínithe agus dáta a curtha leis ag an gcigire.

(3) Féadfaidh ordacháin a bheith i bhfógra feabhsúcháin maidir leis na bearta a bheidh le déanamh chun aon sárú nó aon ní lena mbaineann an fógra a leigheas nó chun an fógra a chomhlíonadh thairis sin.

(4) I gcás ina mbeidh ionadaí sábháilteachta in áit oibre a seirbheálfar fógra feabhsúcháin faoi *fho-alt (1)* ina leith, déanfaidh an cigire cóip den fhógra feabhsúcháin a thabhairt don ionadaí sábháilteachta agus é a chur in iúl don ionadaí sábháilteachta i scríbhinn i gcás ina dtarraingeofar fógra feabhsúcháin siar faoi *fho-alt (11)*.

(5) Aon duine ar ar seirbheáladh fógra feabhsúcháin agus arb é a thuairim nó a tuairim go ndearnadh de réir an fhógra feabhsúcháin, dearbhóidh sé nó sí i scríbhinn don chigire go ndearnadh na nithe dá

dtagraítear san fhógra a leigheas amhlaidh agus tabharfaidh sé nó sí cóip den dearbhú don ionadaí sábháilteachta, más ann.

(6) I gcás go ndéanfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra feabhsúcháin a dhearbhu i scríbhinn don chigire de réir *fho-alt (5)* go ndearnadh na nithe dá dtagraítear san fhógra feabhsúcháin a leigheas, déanfaidh an cigire, ar a bheith deimhin dó nó di go ndearnadh na nithe a leigheas amhlaidh, laistigh de mhí amháin ón tráth a gheofar an dearbhú sin, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine lena mbaineann go bhfuil an fógra feabhsúcháin comhlíonta.

(7) Aon duine arb éagóir leis nó léi fógra feabhsúcháin, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá dar tosach an lá a sheirbheálfar an fógra air nó uirthi, achomharc a dhéanamh i gcoinne an fhógra ar an tslí fhorordaithe chuig breitheamh den Chúirt Dúiche sa dúiche chúirte dúiche inar seirbheáladh an fógra ar an tslí fhorordaithe agus, le linn an t-achomharc a chinneadh, féadfaidh an breitheamh, más deimhin leis nó léi gur réasúnach déanamh amhlaidh, an fógra a dhaingniú, a athrú nó a chealú.

(8) Aon duine a dhéanfaidh achomharc faoi *fho-alt (7)*, déanfaidh sé nó sí, fógra a thabhairt an tráth céanna don Údarás nó don duine a fhorordófar faoi *alt 33*, de réir mar a bheidh, i dtaobh an achomhairc agus i dtaobh na bhforas atá leis an achomharc agus beidh an tÚdarás nó an duine a fhorordófar faoi *alt 33* i dteideal láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird ar an achomharc a éisteacht.

(9) I gcás achomharc a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*, agus nach gcealófar an fógra, beidh éifeacht leis an bhfógra cibé lá díobh seo is déanaí—

(a) an lá díreach i ndiaidh an lae a dhaingneofar an fógra ar achomharc nó a tharraingeofar siar an t-achomharc, nó

(b) an lá a bheidh sonraithe san fhógra.

(10) I gcás nach ndéanfar aon achomharc faoi *fho-alt (7)*, beidh éifeacht leis an bhfógra cibé acu tráth díobh seo is déanaí—

(a) deireadh na tréimhse chun achomharc a dhéanamh, nó

(b) an lá a bheidh sonraithe san fhógra.

(11) Féadfaidh cigire—

(a) fógra feabhsúcháin a tharraingt siar aon tráth, nó

(b) i gcás nach mbeidh aon achomharc déanta nó ar feitheamh faoi *fho-alt (7)*, an tréimhse a bheidh sonraithe faoi *fho-alt (2)(e)* a fhadú.

67.—(1) I gcás gurb é tuairim cigire go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, aon ghníomhaíocht ag tarlú (cibé acu faoi threoir aon airceadail nó substainte nó ar shlí eile) in aon áit oibre, is gníomhaíocht a ngabhann, nó ar dóigh go ngabhfaidh, príacal díobhála pearsanta tromáí d'aon duine léi, féadfaidh an cigire fógra i scríbhinn (dá ngairtear “fógra toirmisc” san Acht seo) a sheirbheáil ar an duine a bhfuil, nó ar féidir a thiomhdiú le réasún go bhfuil, rialú aige nó aici ar an ngníomhaíocht lena mbaineann. Fógra toirmisc.

(2) Maidir le fógra toirmisc—

- (a) luafar ann gurb é an tuairim dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* tuairim an chigire,
- (b) luafar ann na cúiseanna atá leis an tuairim sin,
- (c) sonrófar ann an ghníomhaíocht a bhfuil an tuairim sin ag an gcigire ina leith,
- (d) i gcás inarb é a thuairim nó a tuairim go bhfuil sárú, nó sárú dóchúil, ar aon cheann de na forálacha reachtúla iomchuí i gceist sa ghníomhaíocht, sonrófar ann an fhoráil reachtúil iomchuí,
- (e) toirmiscfidh sé an ghníomhaíocht lena mbaineann a sheoladh go dtí go ndéanfar na nithe as a n-éiríonn an priacal, nó ar dóigh go n-éireoidh an priacal astu, a leigheas, agus
- (f) beidh sí sínithe agus dáta curtha leis ag an gcigire.

(3) Féadfar ordacháin a bheith i bhfógra toirmisc maidir leis na bearta a bheidh le déanamh chun aon sárú nó aon ní lena mbaineann an fógra a leigheas nó chun an fógra a chomhlíonadh thairis sin.

(4) I gcás ina mbeidh ionadaí sábháilteachta in áit oibre a seirbheálfar fógra toirmisc faoi *fho-alt (1)* ina leith, déanfaidh an cigire cóip den fhógra toirmisc a thabhairt don ionadaí sábháilteachta agus é a chur in iúl don ionadaí sábháilteachta i scríbhinn i gcás ina dtarraingeofar fógra toirmisc siar faoi *fho-alt (12)*.

(5) Beidh éifeacht le fógra toirmisc—

- (a) a luaithe a gheobhaidh an duine ar a ndéanfar an fógra a sheirbheáil é, nó
- (b) i gcás ina ndéanfar achomharc, cibé lá is déanaí idir an lá díreach tar éis an lae a ndaingneofar an fógra ar achomharc nó a dtarraingeofar siar an t-achomharc nó an lá a bheidh sonraithe san fhógra.

(6) Ní bheidh de thoradh ar achomharc a dhéanamh i gcoinne fógra toirmisc a bheidh le teacht in éifeacht de réir *fho-alt (5)* oibriú an fhógra a fhionraí, ach féadfaidh an t-achomharcóir iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt lena chur faoi deara oibriú an fhógra a fhionraí go dtí go gcuirfear an t-achomharc de lámh agus, ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an chúirt, más cuí léi sin a dhéanamh, a ordú go bhfionrófar oibriú an fhógra go dtí go gcuirfear an t-achomharc de lámh.

(7) Aon duine arb éagóir leis nó léi fógra toirmisc, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 7 lá dar tosach an lá a sheirbheálfar an fógra air nó uirthi, achomharc a dhéanamh i gcoinne an fhógra ar an tslí fhorordaithe chuig breitheamh den Chúirt Dúiche sa dúiche chúirte dúiche inar seirbheáladh an fógra agus le linn an t-achomharc a chinneadh, féadfaidh an breitheamh, más deimhin leis nó léi gur réasúnach déanamh amhlaidh, an fógra a dhaingniú, a athrú nó a chealú.

(8) Más rud é, ar achomharc faoin alt seo a éisteacht, go ndaingneofar fógra toirmisc, d'ainneoin *fho-alt (5)*, féadfaidh an

breitheamh a d'éist an t-achomharc, ar iarratas an achomharcóra, oibriú an fhógra a fhionraí ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh an breitheamh is cuí in imthosca an cháis.

(9) Aon duine—

(a) a dhéanfaidh achomharc faoi *fho-alt* (7), nó

(b) a dhéanfaidh iarratas ar ordachán chun feidhmiú fógra toirmisc a fhionraí faoi *fho-alt* (8),

tabharfaidh sé nó sí fógra an tráth céanna don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt* 33, de réir mar a bheidh, i dtaobh an achomhairc nó an iarratais agus i dtaobh na bhforas le haghaidh an achomhairc nó an iarratais agus beidh an tÚdarás nó an duine a bheidh forordaithe faoi *alt* 33 i dteideal láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird ar an achomharc nó ar an iarratas a éisteacht.

(10) Aon duine ar ar seirbheáladh fógra toirmisc agus arb é a thuairim nó a tuairim go ndearnadh na nithe dá dtagraítear san fhógra a leigheas faoin dáta a sonraíodh san fhógra, dearbhóidh sé nó sí i scríbhinn don chigire go ndearnadh na nithe sin a leigheas amhlaidh agus tabharfaidh sé nó sí cóip den dearbhú don ionadaí sábháilteachta, más ann.

(11) I gcás go ndéanfaidh duine ar ar seirbheáladh fógra toirmisc a dhearbhuí i scríbhinn don chigire de réir *fho-alt* (10) go ndearnadh na nithe dá dtagraítear san fhógra toirmisc a leigheas, déanfaidh an cigire, ar a bheith deimhin dó nó di go ndearnadh na nithe a leigheas amhlaidh, laistigh de mhí amháin ón tráth a gheofar an dearbhú sin, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine lena mbaineann go bhfuil an fógra toirmisc comhlíonta.

(12) Féadfaidh cigire aon tráth fógra toirmisc a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don duine ar ar seirbheáladh é más rud é—

(a) gur deimhin leis an gcigire nach bhfuil priacal díobhála pearsanta tromá i gceist d'aon duine a thuilleadh sa ghníomhaíocht lena mbaineann an fógra, nó

(b) gur deimhin leis an gcigire gur eisíodh an fógra trí dhearmad nó go bhfuil sé mícheart ar phonc ábhartha éigin.

(13) Beidh éifeacht le tarraingt siar fógra faoi *fho-alt* (12) an tráth a thabharfar an fógra i dtaobh na tarraingthe siar don duine ar ar seirbheáladh an fógra toirmisc.

(14) Ní fhágfaidh tarraingt siar fógra faoin alt seo go gcoiscfead aon fhógra toirmisc eile a sheirbheáil.

68.—(1) I gcás go mbeidh fógra toirmisc seirbheáilte faoi *alt* 67 agus ina seolfar gníomhaíochtaí de shárú ar an bhfógra, féadfaidh an Ard-Chúirt, le hordú, ar iarratas ó chigire, toirmeasc a chur ar leanúint de na gníomhaíochtaí.

Sárú ar fhógra toirmisc — iarratas chun na hArd-Chúirte.

(2) Féadfaidh iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú faoi *fho-alt* (1) a bheith ina iarratas *ex parte* agus féadfaidh an Chúirt, le linn an t-ábhar a bhreithniú, cibé ordú eatramhach nó ordú idirbheitheach

CD.6 A.68

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(más ann) a dhéanamh is dóigh léi is cuí, agus féadfaidh cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) maidir le costais a íoc is dóigh leis an gCúirt is cuí a bheith san ordú lena gcinnfear iarratas faoin bhfo-alt seo.

Fógraí a thaispeáint.

69.—I gcás go ndéanfar fógra feabhsúcháin nó fógra toirmisc a sheirbheáil, déanfaidh an duine a mbeidh sé dírithe chuige nó chuici, ar an bhfógra a fháil—

(a) an fógra a thabhairt ar aird aon duine a bhfeardaigh an fógra ar a chuid oibre nó ar a cuid oibre, agus

(b) an fógra nó cóip den fhógra a chur ar taispeáint in áit fheiceálach ag aon áit oibre, airceadal nó substaint ar a bhfeardann an fógra nó gar dó nó di.

Imscrúduithe agus tuarascálacha speisialta.

70.—(1) Gan dochar don Chaibidil seo agus faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an tÚdarás tráth ar bith a ordú d'aon duine dá fhoireann nó d'aon duine inniúil eile is dóigh leis is cuí—

(a) na cúiseanna agus na himthosca a bhaineann le haon tionóisc, tarlú, díobháil phearsanta, teagmhas nó cor nó aon ní eile a bhaineann le críocha ginearálta an Achta seo a imscrúdú, agus

(b) tuarascáil (dá ngairtear “tuarascáil speisialta” san Acht seo) maidir leis an imscrúdú a thabhairt don Údarás.

(2) Aon duine nach cigire a bheidh ag déanamh imscrúdú faoin alt seo, beidh cumhachtaí uile cigire faoin Acht seo aige nó aici chun críocha an imscrúdaithe.

(3) I gcás duine a n-ordófar dó nó di imscrúdú a dhéanamh agus tuarascáil speisialta a thabhairt faoi *fho-alt (1)* (seachas comhalta d'fhoireann an Údaráis), féadfaidh an tÚdarás cibé táillí agus caiteachais a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc leis an duine.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, a mhéid a chinnfidh an tAire, na costais a íoc a thabhoífar le linn tuarascáil speisialta a ullmhú, seachas na costais a thabhoífar faoi *fho-alt (3)*.

(5) Déanfar cóip de thuarascáil speisialta arna déanamh faoi *fho-alt (1)* a thíolacadh don Aire a luaithe is indéanta agus féadfaidh an tÚdarás a chur faoi deara an tuarascáil a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis.

(6) Ní dhéanfaidh an tÚdarás, le linn a fheidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhall, ach amháin le toiliú an Aire arna thabhairt aige nó aici le comhthoiliú aon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi, aon cheann de na nithe seo a leanas a imscrúdú, a scrúdú nó a fhiosrú—

(a) tionóisc de réir bhrí na Rialachán Aerloingseoireachta (Tionóiscí agus Teagmhais a Fhógairt agus a Imscrúdú), 1997 (I.R. Uimh. 205 de 1997),

(b) tionóisc iarnróid, nó

(c) taisme mhuirí (de réir bhrí an Achta Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000).

71.—(1) I gcás gur dóigh leis an Údarás nó le duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, de réir mar a bheidh, go bhfuil an priacal do shábháilteacht, do shláinte nó do leas daoine chomh tromáí sin gur chóir úsáid áite oibre nó cuid d'áit oibre a shrianadh nó a thoirmeasc láithreach go dtí go ndéanfar bearta sonrathu chun an priacal a laghdú go dtí leibhéal réasúnach, féadfaidh an tÚdarás nó an duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* iarratas a dhéanamh, *ex parte*, chun na hArd-Chúirte ar ordú chun úsáid na háite oibre nó an chuid den áit oibre a shrianadh nó a thoirmeasc dá réir sin.

Ordú ón Ard-Chúirt maidir le húsáid áite oibre.

(2) Féadfaidh an Chúirt aon ordú eastramhach nó idirbheitheach is cuí léi a dhéanamh.

(3) Beidh éifeacht le haon ordú arna dhéanamh ag an gCúirt faoin alt seo d'ainneoin téarmaí aon cheada a bheidh tugtha faoi aon achtachán eile chun an áit oibre nó an chuid den áit oibre lena mbaineann an t-iarratas faoin alt seo a úsáid.

(4) Ar iarratas a bheith déanta ag aon duine ar ordú faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm nó a athrú, beidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *fho-alt 33*, de réir mar is cuí, i dteideal éisteacht a fháil.

CAIBIDIL 3

Faisnéis a Fháil agus a Nochtadh

72.—(1) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, le fógra i scríbhinn (dá ngairtear “fógra faisnéise” san Acht seo) a sheirbheálfar ar dhuine, a cheangal ar an duine go ndéanfaidh sé nó sí, laistigh de cibé tréimhse agus i cibé foirm a shonrófar san ordú, aon fhaisnéis a thabhairt don Údarás a shonrófar san fhógra agus a theastóidh ón Údarás nó ón duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* le réasún le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Cumhacht chun faisnéis a éileamh.

(2) Féadfar an tréimhse a shonrófar san fhógra faisnéise faoi *fho-alt (1)* a fhadú de rogha an Údaráis ar iarratas i scríbhinn ón duine ar a seirbheálfar an fógra.

(3) Aon duine ar a seirbheálfar fógra faisnéise faoin alt seo, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 7 lá dar tosach an lá a sheirbheálfar an fógra air nó uirthi, achomharc a dhéanamh i gcoinne an fhógra ar an tsli fhorordaithe chuig breitheamh den Chúirt Dúiche sa dúiche chúirte dúiche inar seirbheáladh an fógra agus le linn an t-achomharc a chinneadh, féadfaidh an breitheamh, más deimhin leis nó léi gur réasúnach déanamh amhlaidh, an fógra a dhaingniú, a athrú nó a chealú.

(4) Más rud é, ar achomharc a éisteacht faoi *fho-alt (3)*, go ndaingneofar nó go n-athrófar fógra, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche a éistfidh an t-achomharc, ar iarratas ón achomharcóir, oibriú an fhógra a fhionraí ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh an breitheamh is cuí in imthosca an cháis.

(5) Déanfaidh duine ar a seirbheálfar fógra faisnéise an fógra a chomhlíonadh roimh an tráth is déanaí acu seo a leanas—

(a) i gcás nach ndéanfar aon achomharc in aghaidh an fhógra faoi *fho-alt (3)*—

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

- (i) deireadh na tréimhse chun achomharc a thionscnamh faoin bhfo-alt sin,
 - (ii) deireadh na tréimhse a shonrófar san fhógra chun an faisnéis shonraithe a thabhairt, nó
 - (iii) i gcás go ndéanfar an tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (ii)* a fhadú faoi *fho-alt (2)*, deireadh na tréimhse fadaithe sin,
- (b) i gcás go ndéanfar achomharc agus go ndaingneofar nó go n-athrófar an fógra faisnéise nó go dtarraingeofar siar an t-achomharc—
- (i) an lá tar éis an lae a dhaingneofar nó a athrófar an fógra nó a tharraingeofar siar an t-achomharc,
 - (ii) deireadh na tréimhse a shonrófar san fhógra, nó
 - (iii) i gcás oibriú an fhógra a bheith curtha ar fionraí de réir *fho-alt (3)*, ar dhul in éag don tréimhse a mheas an breitheamh den Chúirt Dúiche ba chuí chun críche an fho-ailt sin.

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise faoi rún.

73.—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí agus faoi réir *fho-alt (2)*, mura mbeidh duine údaraithe go cuí ag an Údarás, ní nochtfaidh sé nó sí faisnéis faoi rún a bheidh faighte ag an duine le linn dó nó di aon fheidhmeanna a chomhlíonadh nó mar thoradh ar aon fheidhmeanna a chomhlíonadh—

- (a) mar chomhalta den Údarás,
- (b) mar chomhalta d'fhoireann an Údaráis (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach),
- (c) mar chomhalta de choiste comhairleach, nó
- (d) mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir don Údarás nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin.

(2) Ní thoirmisctear le *fo-alt (1)* faisnéis a nochtadh trí thuarascáil arna tabhairt—

- (a) don Údarás, nó
- (b) don Aire, ag an Údarás nó thar a cheann, nó
- (c) do chróinéir a mbeidh ionchoisne á sheoladh aige nó aici faoin Acht Cróinéirí, 1962 ar chorp duine a bhféadfadh gurbh é ba thrúig bháis dó nó di díobháil phearsanta.

(3) Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 sa Tríú Sceideal a ghabhann leis—

- (a) trí na nithe seo a leanas a scriosadh—
 - (i) “Uimh. 7 de 1989.” i gcolún (1),
 - (ii) “An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.” i gcolún (2), agus

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

CD.6 A.73

(iii) “Alt 45.” i gcolún (3),

agus

(b) trí na nithe seo a leanas a chur le Cuid 1 i ndeireadh na Coda sin—

(i) “*An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2004.*” i gcolún (2), agus

(ii) “*Alt 73.*” i gcolún (3).

74.—Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 in alt 46(1) (mar a leasaíodh le halt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (db):

Leasú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997.

“(dc) maidir le taifead a shealbhaíonn nó a chruthaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta nó fostaí den Údarás faoi na forálacha reachtúla iomchuí agus a bhaineann lena fheidhmeanna forfheidhmíthe, nó a eascraíonn astu (seachas taifead maidir le haon fheidhmeanna eile de chuid an Údaráis nó le riarachán ginearálta an Údaráis),”.

75.—(1) I gcás gur cuí leis na Coimisinéirí Ioncaim é d’fhonn a éascú don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* aon cheann dá gcumhachtaí nó dá ndualgais faoi na forálacha reachtúla iomchuí a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, féadfaidh siad a údarú go nochtfar don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* nó do chigire de chuid an Údaráis nó de chuid duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* aon fhaisnéis a gheobhaidh na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le hairceadail nó substaintí a allmhaireofar isteach sa Stát.

Faisnéis a nochtadh.

(2) Féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí agus an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cibé faisnéis a thabhairt don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* i ndáil le díobháil phearsanta a bhaineann do dhaoine ag an obair is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a chur chun cinn.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána cibé faisnéis a thabhairt don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* i ndáil le díobháil phearsanta a bhaineann do dhuine ag an obair is gá chun na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú.

(4) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is dóigh leis nó léi is cuí, daoine a fhorordú á cheangal orthu cibé faisnéis a thabhairt don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* i ndáil le díobháil phearsanta a bhaineann do dhaoine ag an obair is gá chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a chur chun cinn.

76.—(1) Déanfaidh cigire, i gcás inar dóigh leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh d’fhonn faisnéis leordhóthanach a sholáthar d’fhostaithe agus dá n-ionadaithe sábháilteachta (más ann) in aon áit oibre i ndáil lena sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt do na fostaíthe sin agus dá n-ionadaithe sábháilteachta (más ann)—

Cigire do nochtadh faisnéis in imthosca áirithe.

- (a) faoi réir *fho-alt* (3), faisnéis fhíorasach a bheidh faighte ag an gcigire faoi na forálacha reachtúla iomchuí i ndáil leis an áit oibre lena mbaineann nó le haon airceadal nó substaint nó le haon ghníomhaíocht a bheidh á seoladh san áit oibre, agus
- (b) faisnéis i leith aon bhirt a bheidh déanta ag an gcigire nó a bheartóidh sé nó sí a dhéanamh san áit oibre sin nó i dtaca leis an áit oibre sin le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) I gcás go dtabharfaidh cigire aon fhaisnéis d'fhostaithe nó dá n-ionadaithe sábháilteachta faoi *fho-alt* (1), tabharfaidh sé nó sí an fhaisnéis chéanna don fhostóir lena mbaineann.

- (3) (a) Ní nochtfaidh cigire aon fhaisnéis i ndáil le haon rúin mhonaraíochta, trádála nó tráchtála nó le haon phróisis oibre a bheidh faighte ag an gcigire le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.
- (b) Ní choisceann *mír* (a) faisnéis a nochtadh más rud é, maidir leis an nochtadh sin—
- (i) gur chun críche a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo é,
- (ii) go ndéanfar é leis an toiliú iomchuí, nó
- (iii) gur chun críocha aon imeachtaí dlí nó aon imscrúdaithe nó aon tuarascála speisialta faoi *alt* 70 é.

CUID 7

CIONTA AGUS PIONÓIS

Cionta.

77.—(1) Beidh cion déanta ag duine, más rud é—

- (a) go mainneoidh sé nó sí dualgas a urscaoileadh a bhfuil sé nó sí faoina réir faoi *ailt* 25(4), (5) agus (6), 26(1), (4), (5) agus (6) agus *alt* 69,
- (b) go gcoiscfidh sé nó sí aon duine nó go ndéanfaidh sé nó sí iarracht aon duine a chosc ar aon cheist a fhreagairt a n-éileoidh cigire freagra uirthi faoi *alt* 64,
- (c) go mainneoidh sé nó sí plean feabhsúcháin a chur faoi bhráid cigire laistigh den tréimhse ama a shonrófar in ordachán faoi *alt* 65,
- (d) go mainneoidh sé nó sí plean feabhsúcháin a chur i ngníomh a mbeidh a leordhóthanacht deimhnithe de réir *alt* 65,
- (e) go sáróidh sé nó sí aon cheanglas a fhorchuirfear le fógra lena n-éileofar faisnéis faoi *alt* 72, nó

(f) go gcuirfidh sé nó sí cosc, bac, treampán nó moill ar oifigeach custam agus máil le linn dó nó di aon cheann de na cumhachtaí a thugtar dó nó di le *halt* 87 a fheidhmiú.

(2) Beidh cion déanta ag duine, más rud é—

(a) go mainneoidh sé nó sí dualgas a urscaoileadh a bhfuil sé nó sí faoina réir de bhua *ailt* 8, 9, 10, 11(1) go (4), 12, 13, agus 15 go 23,

(b) go sáróidh sé nó sí *alt* 14,

(c) go sáróidh sé nó sí na forálacha reachtúla iomchuí, seachas forálacha an ailt seo mar atá feidhm acu maidir leis an Acht seo,

(d) go gcuirfidh sé nó sí cosc, bac, treampán nó moill ar chigire aon fheidhmeanna a thugtar dó nó di leis an Acht seo a fheidhmiú,

(e) go mainneoidh sé nó sí iarraidh nó treoir *bona fide* nó ordacháin a chomhlíonadh, is iarraidh, treoir nó ordacháin ó chigire le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna reachtúla a fheidhmiú,

(f) go ndéanfaidh aon duine ráiteas le cigire is eol dó nó di a bheith bréagach nó go ndéanfaidh sé nó sí go meargánta ráiteas atá bréagach i gcás ina ndéanfar an ráiteas—

(i) i gcomhlíonadh airbheartaithe ar cheanglas aon fhaisnéis a thabhairt a bheidh forchurtha le haon fhoráil, nó faoi aon fhoráil, de na forálacha reachtúla iomchuí, nó

(ii) d'fhonn go ndéanfar doiciméad a eisiúint dó féin nó di féin nó do dhuine eile faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí,

(g) go ndéanfaidh sé nó sí iontráil bhréagach d'aon ghnó in aon chlár, leabhar, fógra nó doiciméad eile a cheanglaítear a choimeád, a sheirbheáil nó a thabhairt le haon fhoráil, nó faoi aon fhoráil, de na forálacha reachtúla iomchuí, nó le hintinn mheabhlaireachta, go ndéanfaidh sé nó sí úsáid a bhaint as aon iontráil den sórt sin is eol dó nó di a bheith bréagach,

(h) go dtabharfaidh sé nó sí ar aird, nó go gcuirfidh sé nó sí faoi deara, nó go gceadóidh sé nó sí, go dtabharfar ar aird, do chigire, aon taifead atá bréagach nó míthreorach in aon phonc nuair is eol dó nó di é a bheith bréagach nó míthreorach amhlaidh,

(i) go ndéanfaidh sé nó sí, le hintinn mheabhlaireachta, doiciméad a bhrionnú nó a úsáid is doiciméad a eisítear nó a údaraítear a eisiúint faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí nó a éilítear chun aon chríche faoi na forálacha reachtúla iomchuí, nó go ndéanfaidh sé nó sí amach, nó go mbeidh ina sheilbh nó ina seilbh, doiciméad atá chomh dlúthchosúil sin le haon doiciméad den sórt sin go bhfuil sé ceaptha meabhlaireacht a dhéanamh,

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

- (j) go dtabharfaidh sé nó sí le fios go bréagach gur cigire é nó í,
- (k) go sáróidh sé nó sí aon cheanglas de chuid fógra feabhsúcháin arna sheirbheáil faoi *alt 66*, nó
- (l) go seolfaidh sé nó sí aon ghníomhaíocht de shárú ar fhógra toirmisc arna sheirbheáil faoi *alt 67*.
- (3) Aon duine a dhéanfaidh, aon tráth i rith na tréimhse 3 mhí tar éis fógra nó doiciméad a ghreamú faoi *alt 3(1)(d)*, an fógra nó an doiciméad a thabhairt chun siúil, a athrú, a dhamáistiú nó a aghlot gan údarás dleathach, beidh cion déanta aige nó aici.
- (4) Beidh cion déanta ag duine, más rud é—
- (a) go gcuirfidh sé nó sí bac nó treampán ar chomhalta den Gharda Síochána i bhfeidhmiú cumhachta a thabharfar dó nó di le barántas faoi *alt 64(7)*,
- (b) go ndiúltóidh sé nó sí aon taifead a thabhairt ar aird a cheanglóidh cigire go dleathach air nó uirthi a thabhairt ar aird, nó
- (c) go dtabharfaidh sé nó sí do chigire faisnéis is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach.
- (5) Is cion é aon ordú nó orduithe a dhéanfar faoi *alt 71* a shárú.
- (6) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh, gan chúis réasúnach, ceanglas a shonrófar i bhfógra faisnéise a chomhlíonadh, nó a dhéanfaidh, i gcomhlíonadh airbheartaithe ar cheanglas den sórt sin, faisnéis is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha a thabhairt don Údarás, beidh cion déanta aige nó aici.
- (7) Aon duine a sháróidh *alt 73*, beidh cion déanta aige nó aici.
- (8) (a) Aon duine a chiontófar i gcion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí, féadfar, i dteannta aon fhíneála a fhorchuirfear, a ordú dó nó di bearta a dhéanamh laistigh de thréimhse ama shonraithe chun na nithe ar ina leith a tharla an sárú a leigheas (agus féadfaidh sé nó sí, ar iarratas chuige sin, an tréimhse ama a bheidh sonraithe amhlaidh a fhadú) agus aon duine a mhainneoidh aon ordú den sórt sin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama shonraithe (arna fadú) beidh cion déanta aige nó aici.
- (b) Féadfar an tréimhse ama a shonrófar faoi *mhír (a)* a fhadú de rogha na cúirte ar iarratas arna dhéanamh ag an duine chun a ndíreofar an t-ordú.
- (9) (a) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás ina mbainfidh aon díobháil phearsanta do dhuine de dhroim sárú ar aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí ag duine ar a bhforchuirtear dualgas le *hailt 8* go *12* go huile, agus *14* go *17* go huile, beidh cion déanta ag an duine ar a bhforchuirtear an dualgas.
- (b) Ní bheidh cion déanta ag duine faoi *mhír (a)*—

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

CD.7 A.77

- (i) má rinneadh ionchúiseamh i gcoinne an duine i leith an ghnímh nó na mainneachtana ba chúis leis an díobháil phearsanta a éisteacht agus a dhíbhe sular tharla an díobháil phearsanta, nó
 - (ii) i gcás díobhála pearsanta seachas bás, más rud é nárbh é an sárú líomhnaithe ba chúis go díreach leis an díobháil.
- (10) (a) Gan dochar *d'fho-alt (12)*, i gcás ina gcúiseofar duine i gcion achomair faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí, beidh an duine i dteideal, ar fhaisnéis a bheith tugtha go cúí aige nó aici agus ar fhógra 3 lá ar a laghad a bheith tugtha aige nó aici i scríbhinn don ionchúiseamh faoina bhfuil beartaithe aige nó aici, aon duine eile a gcuirfidh sé nó sí ina leith gurb é nó í an ciontóir iarbhír é nó í a thabhairt os comhair na cúirte an tráth a bheidh ceaptha chun an ní a éisteacht (cibé acu is fostaí nó gníomhaire dá chuid nó dá cuid an duine eile nó nach ea).
- (b) I gcás ina gcruthófar go ndearnadh an cion agus ina ndéanfaidh an chéad duine a chúiseofar a chruthú, chun sástacht na cúirte, go ndearna sé nó sí gach dícheall chun na forálacha reachtúla iomchuí a fhorfheidhmiú agus go ndearna an duine eile a gcuireann sé nó sí ina leith gurb é nó í an ciontóir iarbhír é nó í an cion d'éagmais toiliú, cúltheadú nó mainneachtain thoiliúil ar bith ar a thaobh féin nó ar a thaobh féin, déanfar an duine eile sin a chiontú sa chion go hachomair agus ní bheidh an chéad duine ciontach sa chion agus, de rogha na cúirte, beidh an duine a chiontófar faoi dhliteanas freisin aon chostais a íoc a bhainfidh leis na himeachtaí.
- (c) In aon chás lena mbaineann an fo-alt seo, beidh an ceart ag an ionchúiseamh an chéad duine a chúiseofar, i gcás ina dtabharfaidh sé nó sí fianaise, agus aon fhinnéithe a ghlaofaídh sé nó sí mar thacaíocht leis an méid a chuireann sé i leith duine eile, a chroscheistiú, agus fianaise fhrisnéiseach a thabhairt ar aird.

(11) Más rud é gur de dheasca mainneachtain ní éigin a dhéanamh tráth, nó laistigh de thráth, a bheidh socraithe le haon fhoráil nó faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí a rinneadh cion faoi aon fhoráil de na forálacha sin, measfar go leanfaidh an cion go dtí go ndéanfar an ní sin.

(12) Ní oibreoidh aon ní sna forálacha reachtúla iomchuí ionas go mbeidh cosaint ag fostóir in aon imeachtaí coiriúla i leith sárú ar na forálacha sin mar gheall ar aon ghníomh nó aon mhainneachtain—

(a) ag a fhostaí nó a fostaí, nó

(b) ag duine inniúil arna cheapadh nó arna ceapadh ag an bhfostóir faoi *alt 18*.

78.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 39(17)(e)* Pionóis. den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 mar a chuirtear chun feidhme é maidir leis an Acht seo le *halt 29(7)* nó *77(1)*, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion—

(a) faoi *alt* 77(2) go (8) agus (9)(a),

(b) arb éard é sárú a dhéanamh ar aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí trí rud éigin a dhéanamh ar shlí seachas faoi údarás ceadúnais a d'eisigh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt* 33, ar rud é a bhfuil ceadúnas den sórt sin riachtanach faoi na forálacha reachtúla iomchuí chun é a dhéanamh, nó

(c) arb éard é sárú a dhéanamh ar théarma de chuid aon cheadúnais, nó ar choinníoll nó ar shrian a ghabhann le haon cheadúnas, den sórt atá luaite i *mír* (b)

dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó iad ar aon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil fíneáil nach mó ná €3,000,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain nó iad araon a chur air nó uirthi.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a chruthaíonn cion indíotáilte i leith rialachán arna ndéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

(4) I gcás go gciontófar duine i gcion faoi na forálacha reachtúla iomchuí in imeachtaí arna dtionscnamh ag an Údarás nó ag duine forordaithe faoi *alt* 33, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a íoc leis an Údarás nó leis an duine forordaithe faoi *alt* 33 arb iad na costais agus na caiteachais iad a thabhaigh an tÚdarás nó an duine forordaithe faoi *alt* 33 i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona, lena n-áirítear costais agus caiteachais a tabhaíodh le linn samplaí a thógáil, tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh agus i leith luach saothair agus caiteachas eile fostaithe de chuid an Údaráis nó an duine fhorordaithe faoi *alt* 33, de réir mar a bheidh, nó sainchomhairleoirí agus comhairleoirí arna bhfostú acu.

Forálacha maidir le cionta áirithe.

79.—(1) Má bhíonn forais réasúnacha ag cigire lena chreidiúint go bhfuil cion forordaithe faoi na forálacha reachtúla iomchuí á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí fógra san fhoirm fhorordaithe a sheirbheáil ar an duine á rá—

(a) go líomhnaítear go ndearna an duine an cion, agus

(b) nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe i rith na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra i rith na tréimhse sin, nach dtionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(2) Féadfaidh duine ar a seirbheálfar fógra faoi *fho-alt* (1), le linn na tréimhse 21 lá dar tosach lá an fhógra, íocaíocht nach mó ná €1000 de réir mar a bheidh forordaithe, a dhéanamh leis an Údarás nó le duine a bheidh forordaithe faoi *alt* 33, de réir mar is cuí, ag an seoladh a bheidh sonraithe san fhógra.

(3) I gcás go seirbheálfar fógra faoi *fho-alt (1)*—

(a) féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, mar a bheidh sonraithe san fhógra, an íocaíocht a ghlacadh, admháil uirthi a eisiúint agus an t-airgead a íocadh amhlaidh a choinneáil, agus ní bheidh aon íocaíocht a ghlacfar amhlaidh inghnóthaithe in aon imthosca ag an duine a rinne í, agus

(b) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe sa tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra agus, má dhéantar an íocaíocht a bheidh sonraithe amhlaidh i rith na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(4) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin Acht seo, is ar an gcúisí a bheidh an dualgas a chruthú go ndearnadh íocaíocht de bhun fógra faoin alt seo.

80.—(1) I gcás go ndearna gnóthas cion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí agus, maidir leis na gníomhartha arbh éard iad an cion, gur údaraigh duine is stiúrthóir, bainisteoir nó oifigeach eile den tsamhail sin de chuid an ghnóthais, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, go ndéanfaí iad, nó gur thoiligh sé nó sí lena ndéanamh nó gurb inchurtha a ndéanamh i leith cúltheadú nó faillí ar a thaobh nó ar a taobh, beidh an duine sin chomh maith leis an ngnóthas ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

Dliteanas stiúrthóirí agus oifigeach gnóthas.

(2) I gcás go ndéanfar imeachtaí a shaothrú i gcoinne duine mar a dúradh mar gheall ar chion den sórt sin agus go gcruthófar gurbh amhlaidh, an tráth ábhartha, gur stiúrthóir ar an ngnóthas lena mbaineann é nó í nó gur dhuine é nó í a bhí fostaithe ag an ngnóthas agus a raibh ar áireamh ar a chuid dualgas nó a cuid dualgas cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, go feadh méid shuntasaigh, do bhainistíocht an ghnóthais, nó gur dhuine é nó í a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur údaraigh nó gur thoiligh an duine sin leis an ngnóthas do dhéanamh na gníomhartha arb ionann iad agus an gnóthas do dhéanamh an chiona lena mbaineann faoi na forálacha reachtúla iomchuí nó gurb inchurtha é i leith cúltheadú nó faillí ar thaobh an duine sin.

(3) I gcás go ndéanann comhaltaí comhlachta chorpraithe gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin a bhainistiú, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* agus (2) i ndáil le gníomhartha nó mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir ar an gcomhlacht corpraithe é nó í.

81.—In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí arb éard é mainneachtain déanamh de réir dualgais nó ceanglais chun rud éigin a dhéanamh a mhéid is féidir, nó a mhéid is féidir le réasún, nó chun úsáid a bhaint as an modh is fearr is féidir chun rud éigin a dhéanamh, is ar an gcúisí a bheidh sé a chruthú (de réir mar a bheidh) nárbh fhéidir nó nárbh fhéidir le réasún níos mó a dhéanamh ná mar a rinneadh iarbhír chun an dualgas nó an ceanglas a chomhlíonadh, nó nach raibh aon mhodh

Dualgas cruthúnais.

Cd.7 A.81 [Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

praiticiúil ab fhearr ann ná an modh a úsáideadh iarbhír chun an dualgas nó an ceanglas a chomhlíonadh.

Cionta a ionchúiseamh.

82.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tÚdarás imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh i ndáil le cion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí.

(2) Féadfaidh duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* agus arb é a fheidhm nó a feidhm, de réir aon fhorála de na forálacha reachtúla iomchuí, an fhoráil lena mbaineann a fhorfheidhmiú imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh i ndáil le cion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí.

(3) D'ainneoin *alt 10(4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, ach gan dochar *d'fho-alt (4)*, féadfar imeachtaí achoimre mar gheall ar chion faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí a thionscnamh tráth ar bith laistigh de 12 mhí ón dáta a rinneadh an cion.

(4) Más rud é go dtabharfar tuarascáil speisialta ar aon ní lena mbaineann *alt 70* agus gur dealraitheach ón tuarascáil gur sáraíodh aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí tráth atá ábhartha i ndáil le hábhar na tuarascála, féadfar tús a chur le himeachtaí achoimre i gcoinne aon duine a ndlífeá imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne i leith an tsáraithe tráth ar bith laistigh de 6 mhí tar éis an tuarascáil a thabhairt nó laistigh de 12 mhí tar éis dháta an tsáraithe, cibé acu is déanaí.

Achomhaire i gcoinne orduithe.

83.—Aon duine (lena n-áirítear an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*) arb éagóir leis nó léi ordú a rinne an Chúirt Dúiche tar éis di cinneadh a dhéanamh ar ghearán faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig breitheamh den Chúirt Chuarda ar ina cuaird atá an Chúirt Dúiche inar tugadh an cinneadh suite, agus is breith chríochnaitheach dhochloíte a bheidh i mbreith an bhreithimh den Chúirt Chuarda ar aon achomharc den sórt sin.

Fianaise.

84.—(1) Má fhaightear go bhfuil gníomhaíocht oibre á seoladh ag duine in aon áit oibre aon tráth atá obair á seoladh, measfar go dtí go gcruthófar a mhalairt, chun críocha an Achta seo, go raibh sé nó sí ar fostú san áit oibre sin ag an duine a bhfuil, nó ar féidir a thiomhdiú le réasún go bhfuil, an ghníomhaíocht oibre lena mbaineann faoina rialú i gcoitinne nó ag fostóir eile a bhfuil gníomhaíocht oibre á seoladh aige nó aici san áit oibre sin.

(2) I gcás ina gceanglaítear le haon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí aon iontráil a dhéanamh in aon taifead, beidh an iontráil a dhéanfaidh fostóir, nó a dhéanfar thar ceann fostóra, inghlactha, amhail in aghaidh an fhóstóra, mar fhianaise ar na fíorais a bheidh luaite san iontráil, agus más rud é nach mbeidh aon iontráil déanta a cheanglaítear a dhéanamh amhlaidh maidir le haon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí a urramú, beidh an méid sin inghlactha mar fhianaise nár urramaíodh an fhoráil.

(3) In aon imeachtaí faoin Acht seo, féadfar cóipthaifead a thabhairt i bhfianaise agus beidh sé ina fhianaise *prima facie* ar na fíorais a bheidh luaite ann, má tá an chúirt sásta maidir le hiontaofacht an chórais a úsáideadh chun an cóipthaifead agus an taifead bunaidh ar a raibh sé bunaithe a dhéanamh.

85.—(1) Féadfaidh an tÚdarás ó am go ham liosta a thiomsú d'ainmneacha agus de sheoltaí agus de thuairisc ghnó nó ghníomhaíocht eile gach duine— Ainmneacha daoine áirithe a fhoilsiú.

(a) ar ar ghearr cúirt fíneáil nó pionós eile faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí,

(b) ar ar seirbheáladh fógra toirmisc faoi *alt 67*, nó

(c) a ndearnadh ordú eatramhach nó ordú idirbheirtheach ina leith faoi *alt 71*.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, tráth ar bith, a chur faoi deara aon liosta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis.

(3) Déanfar cibé sonraí is cuí leis an Údarás i leith le gach duine a bheidh ainmnithe ar aon liosta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a shonrú sa liosta—

(a) maidir leis an ní ba chionsiocair le haon fhíneáil, pionós, fógra nó ordú, de réir mar a bheidh, a forchuireadh ar an duine, agus

(b) maidir le haon fhíneáil, pionós, fógra nó ordú arbh é an ní dá dtagraítear i *mír (a)* ba chionsiocair léi nó leis.

CUID 8

ILGHNÉITHEACH

86.—(1) I gcás gur deimhin leis an Údarás nó le duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* go bhfuil aon chigire a bheidh ceaptha ag an Údarás nó ag duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, nó aon fhostaí de chuid an Údaráis nó de chuid duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, tar éis a dhualgais nó a dualgais i ndáil le forfheidhmiú na bhforálacha reachtúla iomchuí a chur i gcrích ar mhodh *bona fide*, slánóidh an tÚdarás nó an duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, de réir mar a bheidh, an cigire nó an fostaí eile in aghaidh gach caingne nó éilimh, is cuma conas a éiríonn siad, i leith é nó í do chur na ndualgas sin i gcrích. Cigirí, etc. a shlánú.

(2) Ní bheidh aon ábhar caingne nó imeachtaí eile ann ná ní bheidh siad inchothaithe i gcoinne an Údaráis, aon duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* ná aon duine dá dtagraítear in *alt 34(2)(a)* chun damáistí a ghnóthú maidir le haon díobháil do dhaoine, damáiste do mhaoín nó caillteanas eile a líomhnaítear gurbh é ba chúis nó ba leaschúis leis nó léi mainneachtain aon fheidhm de na feidhmeanna a chomhlíonadh, nó déanamh de réir aon fheidhm de na feidhmeanna, a fhorchuirtear ar an Údarás, ar aon duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* nó ar aon duine dá dtagraítear in *alt 34(2)(a)*.

87.—D'fhonn a éascú don Údarás aon chumhachtaí nó dualgais a thugtar dó faoi aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí a fheidhmiú nó a chomhlíonadh, féadfaidh oifigeach custam agus máil, ar é a bheith údaraithe dó nó di déanamh amhlaidh ag na Coimisinéirí Ioncaim, tar éis iarraidh i scríbhinn chuige sin ón Údarás nó ó dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, aon airceadal nó substaint a bheidh á allmhairiú nó á hallmhairiú a choinneáil a fhad is gá le réasún le go scrúdóidh cigire é nó í chun críocha an Achta Cumhachtaí oifigigh custam agus máil airceadail, etc., a choinneáil.

seo, ar tréimhse í nach faide, in aon chás, ná 48 n-uaire an chloig ón tráth a coinníodh an t-airceadal nó an tsubstaint lena mbaineann.

88.—(1) Féadfaidh an tAire, chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a chosaint, aon ghníomhaíocht oibre lena mbaineann forálacha an Achta a fhorordú mar ghníomhaíocht nach bhféadfar a sheoladh ach amháin de réir téarmaí agus coinníollacha ceadúnais arna eisiúint ag an Údarás nó ag duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, agus údaraítear leis seo don Údarás nó don duine a bheidh forordaithe amhlaidh ceadúnas den sórt sin a eisiúint.

(2) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* cibé coinníollacha is cóir leis nó léi a chur ag gabháil le ceadúnas a eisítear de réir *fho-alt (1)*, lena n-áirítear coinníollacha i dtaobh dhul in éag nó chúlghairm an cheadúnais.

(3) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* dá rogha féin iarratas ar cheadúnas faoin alt seo a dheonú nó a dhiúltú.

(4) Féadfaidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33*, más cóir leis nó léi é, sonraí a fhoilsiú i dtaobh iarratais ar cheadúnas faoin alt seo agus uirill ina leith a iarraidh ó dhaoine leasmhara.

(5) (a) Cuirfidh an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* faoi deara clár de na ceadúnais go léir a dheonóidh sé nó sí faoin alt seo a choimeád i cibé foirm, agus cibé sonraí a bheith ann, is cóir leis nó léi.

(b) Beidh teideal ag aon duine, ar tháille fhorordaithe a íoc, agus ag cigire gan aon táille a íoc, clár a choimeádtar faoin bhfo-alt seo a iniúchadh, agus cóipeanna a dhéanamh de nó sleachta a thógáil, as gach tráth réasúnach.

(6) Má dhiúltaíonn an tÚdarás nó duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* ceadúnas a dheonú nó má dheonaíonn sé nó sí ceadúnas ar choinníollacha a mbeidh an t-iarratasóir míshásta leo, déanfaidh an tÚdarás nó an duine a bheidh forordaithe amhlaidh, ar iarraidh ón iarratasóir, deimhniú a sheachadadh air nó uirthi á rá cad iad na forais ar ar dhiúltaigh sé nó sí ceadúnas nó ar ar chuir sé nó sí na coinníollacha ag gabháil leis.

(7) Féadfaidh an t-iarratasóir achomharc i gcoinne breithe ón Údarás nó ó dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* a dhéanamh chun na hArd-Chúirte laistigh de thréimhse 10 lá tar éis dó nó di an deimhniú a fháil nó tar éis cibé tréimhse breise a cheadóidh an Ard-Chúirt.

(8) Ar achomharc a éisteacht i gcoinne breithe ón Údarás nó ó dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* lena ndiúltaítear ceadúnas a dheonú, nó lena ndeonaítear ceadúnas ar choinníollacha a bhfuil an t-iarratasóir míshásta leo, féadfaidh an Ard-Chúirt an bhreith a dhaingniú nó a ordú don Údarás nó don duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* an ceadúnas a dheonú, coinníollacha sonraithe a chur ag gabháil leis an gceadúnas nó coinníoll a cuireadh ag gabháil leis an gceadúnas a leasú nó a scriosadh, de réir mar is cuí.

(9) Is breith chríochnaitheach breith ón Ard-Chúirt ar achomharc faoin alt seo ach amháin go bhféadfar, le cead na Cúirte sin,

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

CD.8 A.88

achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist shonraithe dlí.

89.—Leasaítear alt 32 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

Leasú ar an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996.

“(5) Measfar gur feidhmeanna de chuid an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí chun críocha ailt 9 agus 16 den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978 na cumhachtaí ionchúisimh a thugtar don Stiúrthóir faoin bhfo-alt seo.”.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

Alt 2.

SCEIDEAL 1

FORÁLACHA REACTÚLA COMHBHAINTEACHA

Caibidil, Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Forálacha Reachtúla Comhbhainteacha (3)
5 & 6 Vict. c. 55	<i>Regulation of Railways Act, 1842</i>	An tAcht go léir
34 & 35 Vict. c. 78	<i>Regulation of Railways Act, 1871</i>	An tAcht go léir
38 & 39 Vict. c. 17	<i>Explosives Act, 1875</i>	An tAcht go léir
	Na hAchtanna Loingis Cheannaíochta, 1894 go 2000	Na hAchtanna go léir
1894 c. 28	<i>Notice of Accidents Act, 1894</i>	An tAcht go léir
1900 c. 27	<i>Railway Employment (Prevention of Accidents) Act, 1900</i>	An tAcht go léir
	Na hAchtanna Leictreachais (Soláthar), 1927 go 2004	Na hAchtanna go léir
Uimh. 40 de 1936	An tAcht um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar, 1936	Alt 60
Uimh. 12 de 1961	Acht na Nimheanna, 1961	Ailt 14 agus 15
	Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961 go 2004	Na hAchtanna go léir
Uimh. 30 de 1976	An tAcht Gáis, 1976	Ailt 7, 8(2) (arna ionadú le halt 11 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 (Uimh. 10 de 2002) agus 38
Uimh. 9 de 1987	An tAcht Gáis (Leasú), 1987	Ailt 2(1) agus (2)
Uimh. 10 de 2002	An tAcht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), 2002	Alt 11
Uimh. 27 de 1993	An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993	Caibidil 10 de Chuid II
Uimh. 30 de 1981	An tAcht Seirbhísí Dóiteáin, 1981	Alt 3 agus Codanna I, II agus III
Uimh. 15 de 2003	An tAcht um Cheadúnú Ócáidí Laistigh, 2003	Cuid III
Uimh. 6 de 1987	An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987	An tAcht go léir

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [Uimh. 10.]

SCEIDEAL 2

Ailt 2 agus 4.

ACHTACHÁIN LÁITHREACHA

CUID 1

ACHTACHÁIN

Caibidil, Uimhir agus Bliain (1)	Teideal (2)
45 & 46 Vict. c. 22	<i>Boiler Explosions Act, 1882</i>
53 & 54 Vict. c. 35	<i>Boiler Explosions Act, 1890</i>
Uimh. 7 de 1965	An tAcht um Mianaigh agus Cairéil, 1965
	Na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979
	Na hAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980
	Na hAchtanna Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987 agus 1995
Uimh. 7 de 1989	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

CUID 2

Ailt 2.

RIALACHÁIN A RINNEADH FAOI ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH 1972 AR ACHTACHÁIN LÁITHREACHA IAD

1986	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí ó Ghníomhaíochtaí Tionsclaíocha Áirithe), 1986 (I.R. Uimh. 292 de 1986)
1989	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Oibrithe) (Risíocht le hAispeist), 1989 (I.R. Uimh. 34) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí ó Ghníomhaíochtaí Tionsclaíocha Áirithe) (Leasú), 1989 (I.R. Uimh. 194 de 1989)
1990	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Oibrithe) (Risíocht le Torann), 1990 (I.R. Uimh. 157 de 1990)
1992	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí ó Ghníomhaíochtaí Tionsclaíocha Áirithe) (Leasú), 1992 (I.R. Uimh. 21 de 1992)
1993	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Oibrithe) (Risíocht le hAispeist) (Leasú), 1993 (I.R. Uimh. 276 de 1993)
1999	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh agus Córais Chosantacha a Bheartaítear a Úsáid in Atmaisféir a D'fhéadfadh a Bheith Pléascach), 1999 (I.R. Uimh. 83 de 1999)
2001	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Oibrithe) (Risíocht le hAispeist) (Leasú), 2000 (I.R. Uimh. 74 de 2000) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2000 (I.R. Uimh. 476 de 2000) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhairleoirí Sábháilteachta um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus d'Iarnród), 2001 (I.R. Uimh. 6 de 2001) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra), 2001 (I.R. Uimh. 518 de 2001)

Sc.2

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.* [2005.]

2002	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Onnmhairiú agus Allmhairiú Ceimiceán Contúirteach Áirithe) (Ceimiceáin Tionscail) (Forfheidhmiú), 2002 (I.R. Uimh. 395 de 2002)
2003	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Fhógairt), 2003 (I.R. Uimh. 116 de 2003) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid), 2003 (I.R. Uimh. 220 de 2003) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhFuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) (Leasú), 2003 (I. R. Uimh. 402 de 2003) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú), 2003 (I.R. Uimh. 503 de 2003)
2004	Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú), 2004 (I.R. Uimh. 62 de 2004) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Brú-Threalamh Iniompair), 2004 (I.R. Uimh. 374 de 2004) Rialachán na gComhphobal Eorpach (Substaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha) (Margú agus Úsáid) (Leasú), 2004 (I.R. Uimh. 852 de 2004)

Alt 8.

SCEIDEAL 3

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA COISC

1. Priacail a sheachaint.
2. Priacail dhosheachanta a mheas.
3. Priacail a chomhrac ag an bhfoinse.
4. Obair a chur in oiriúint don phearsa aonair, go háirithe ó thaobh áiteanna oibre a dhearadh, trealamh oibre a roghnú agus córais oibre a roghnú, d'fhonn, go háirithe, obair leadránach agus obair ag ráta oibre réamhchinnte a mhaolú agus éifeacht na hoibre sin ar an tsláinte a laghdú.
5. An áit oibre a chur in oiriúint do dhul chun cinn na teicneolaíochta.
6. Airceadail, substaintí nó córais oibre atá sábháilte, nó nach bhfuil chomh contúirteach céanna, a chur in ionad airceadal, substaintí nó córas oibre atá contúirteach.
7. Tús áite a thabhairt do bhearta cosantacha comhchoiteanna ar bhearta cosantacha aonair.
8. Beartas coisctheach leordhóthanach a fhorbairt i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, a chuirfidh i gcuntas an teicneolaíocht, eagrú na hoibre, coinníollacha oibre, tosca sóisialta agus an tionchar a bhíonn ag tosca a bhaineann leis an timpeallacht oibre.
9. Oiliúint chuif agus treoracha cuif a thabhairt d'fhostaithe.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

SCEIDEAL 4

Alt 26.

COISTÍ SÁBHÁILTEACHTA

1. Más mian leo é, féadfaidh na fostaithe a bheidh fostaithe in áit oibre lena mbaineann ag *alt 26*, comhaltaí de choiste sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh as measc a lín chun na feidhmeanna a shanntar do choistí sábháilteachta faoin Acht seo a chomhlíonadh.

2. Ní lú ná 3 líon comhaltaí coiste sábháilteachta ná ní mó é ná duine amháin in aghaidh gach 20 duine a bheidh fostaithe in áit oibre an tráth a cheapfar an coiste nó 10, cibé acu is lú.

3. Más rud é de bhun *mhír 2* gurb é an líon comhaltaí atá le bheith ar choiste sábháilteachta—

(a) 4 nó níos lú, féadfaidh an fostóir comhalta amháin den choiste a cheapadh, agus féadfaidh na fostaithe an chuid eile de chomhaltaí an choiste a roghnú agus a cheapadh,

(b) líon nach mó ná 8 agus nach lú ná 5, féadfaidh an fostóir 2 chomhalta den choiste a cheapadh, agus féadfaidh na fostaithe an chuid eile de na comhaltaí a roghnú agus a cheapadh, agus

(c) líon is mó ná 8, féadfaidh an fostóir 3 chomhalta den choiste a cheapadh agus féadfaidh na fostaithe an chuid eile de na comhaltaí a roghnú agus a cheapadh.

4. Más rud é, in áit oibre, go mbeidh ionadaí sábháilteachta nó ionadaithe sábháilteachta ceaptha faoi *alt 25*, is iad na fostaithe a cheapfaidh agus a roghnóidh ionadaí sábháilteachta amháin ar a laghad den sórt sin chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste.

5. I gcás go gceapfar coiste sábháilteachta faoi *alt 26*, beidh éifeacht leis na forálacha seo a leanas—

(a) cabhróidh an coiste sábháilteachta leis an bhfostóir agus leis na fostaithe lena mbaineann i ndáil leis na forálacha reachtúla iomchuí,

(b) is é is córam do chruinniú de choiste sábháilteachta cibé líon, nach lú ná 3, a bheidh socraithe de thuras na huaire ag an gcoiste,

(c) i gcás go scoirfidh comhalta de choiste sábháilteachta de bheith fostaithe san áit oibre lena mbaineann, scoirfidh sé nó sí an tráth céanna de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den choiste,

(d) beidh an fostóir i dteideal freastal go pearsanta, nó duine nó daoine a ainmniú le freastal thar a cheann nó thar a ceann, ar gach cruinniú den choiste sábháilteachta,

(e) freastalóidh an fostóir nó a ainmní nó a ainmnithe nó a hainmní nó a hainmnithe ar an gcéad chruinniú den choiste sábháilteachta agus déanfaidh sé nó sí an ráiteas a cheanglaítear faoi *alt 20* a thabhairt do chomhaltaí an choiste, a luaithe is féidir tar éis é a bheith ar fáil, agus

(f) breithneoidh an coiste sábháilteachta aon uiríll a dhéanfaidh an fostóir chuige maidir le nithe a fhearann

Sc.4

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine atá fostaithe san áit oibre.

6. Ar iarraidh chuige sin a bheith déanta ag coiste sábháilteachta, rachaidh an fostóir i gcomhairle leis an gcoiste sábháilteachta d'fhonn teacht ar chomhaontú—

- (i) maidir le saoráidí chun cruinnithe den choiste sábháilteachta a thionól, agus
- (ii) maidir le minicíocht, ré agus tráthanna cruinnithe den choiste sábháilteachta.

7. Faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe idir an fostóir agus coiste sábháilteachta, tionólfar cruinnithe den choiste sábháilteachta ó am go ham cibé laethanta a chinnfidh an coiste agus féadfar na cruinnithe sin a thionól le linn gnáthuaire oibre gan comhaltaí an choiste do chailleadh luach saothair má shásaítear na coinníollacha seo a leanas, eadhon:

- (i) ach amháin i gcás éigeandála ní thionólfar an cruinniú sin níos minice ná uair amháin gach trí mhí;
- (ii) ní rachaidh ré gach cruinnithe den sórt sin thar uair a chloig;
- (iii) is é an líon de chomhaltaí an choiste sábháilteachta a fhreastalóidh ar chruinniú den sórt sin oiread ar a lghad is gá chun córam a dhéanamh, agus
- (iv) beidh na tráthanna a thionólfar na cruinnithe den choiste sábháilteachta ag teacht le hoibriú éifeachtach na háite oibre.

Ailt 32 agus 37.

SCEIDEAL 5

AN TÚDARÁS

1. Sa Sceideal seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, ciallaíonn "comhalta" comhalta den Údarás, lena n-áirítear an cathaoirleach.

2. (1) Fíordheimhneofar séala an Údaráis le síniú duine acu seo a leanas—

- (a) cathaoirleach an Údaráis nó an comhalta eile a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin, agus
- (b) an Príomhfheidhmeannach nó comhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe ag an Údarás chun gníomhú chuige sin.

(2) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an Údaráis agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh a bheith ina ionstraim a rinne an tÚdarás agus a bheith séalaithe le séala an Údaráis (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir *fhomhír (1)*) agus measfar gurb é an ionstraim sin é gan a thuilleadh cruthúnais mura suítear a mhalairt.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Sc.5

3. Faoi réir an Achta seo, beidh comhalta i seilbh oifige ar na téarmaí agus na coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

4. Ceapfaidh an tAire comhalta i gcáil pháirtaimseartha agus beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh 3 bliana agus beidh comhalta a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag in-athcheaptha.

5. Ní bheidh comhalta in-athcheaptha i gcás ina mbeidh 2 théarma oifige curtha isteach aige nó aici.

6. Féadfaidh comhalta éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ar an dáta a shonrófar san fhógra nó ar an dáta a gheobhaidh an tAire an fógra, cibé acu is déanaí.

7. Féadfaidh an tAire comhalta a chur as oifig—

- (a) más rud é go dtiocfaidh an comhalta chun bheith éagumasach de dheasca easláinte ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach,
- (b) mar gheall ar mhí-iompar sonraithe, nó
- (c) más rud é gur dealraitheach don Aire gur gá an comhalta a chur as oifig le go ndéanfaidh an tÚdarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach,

agus cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar ráiteas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna a bhí le haon chur as oifig de sórt sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

8. Scoirfidh comhalta de bheith, agus beidh sé nó sí dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta más rud é, maidir leis an gcomhalta—

- (a) go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanfaidh sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) go gciontófar i gcion indíotáilte é nó í,
- (d) go gcuirfidh cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
- (e) go ndícháileofar nó go srianfar é nó í ó bheith ina stiúrthóir ar aon chuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003).

9. (1) Féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun corrholúntas a líonadh a éireoidh i gcomhaltas an Údaráis de dheasca comhalta d'fháil bháis, d'éirí as, a dhícháiliú nó a chur as oifig agus déanfar an duine a cheapfar amhlaidh a cheapadh ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta ar tharla an corrholúntas dá dheasca nó dá deasca.

(2) Beidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta faoin mír seo i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar tharla an corrholúntas dá dheasca nó dá deasca.

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

10. (1) Maidir le comhalta den Údarás—

- (a) a ainmneofar mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) a thoghfad mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó
- (c) a mheasfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1977, a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás.

(2) Maidir le comhalta d'fhoireann an Údaráis—

- (a) a ainmneofar mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) a thoghfad mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó
- (c) a mheasfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1977, a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an Údarás agus ní íocfaidh an tÚdarás leis nó léi, nó ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón Údarás, aon luach saothair nó liúntais i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfad amhlaidh é nó í, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(3) Ní dhéanfar aon tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (2)* a áireamh mar sheirbhís leis an Údarás chun críocha aon sochar aoisliúntais, aiscí nó liúntas eile is iníoctha ar bhás, ar scor nó ar éirí as.

(4) Aon duine a bheidh de thuras na huairé i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is ionadaí i bParlaimint na hEorpa beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina ionadaí nó ina hionadaí den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás nó chun bheith fostaithe in aon cháil ag an Údarás.

(5) Ní dhéanfaidh an tÚdarás duine a bheadh dícháilithe thairis sin faoin mír seo chun teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Údarás a fhostú nó a áirithiú ar shlí eile in aon cháil.

11. (1) Tionólfadh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ach in aon chás tiocfaidh sé le chéile uair amháin ar a laghad gach 3 mhí.

(2) Sna socruithe dá dtagraítear i *mír 15* féadfar, le ceadú an Aire, a fhoráil go ndéanfaidh coiste de chuid an Údaráis aon fheidhmeanna de chuid an Údaráis a chomhlíonadh faoi stiúradh ginearálta an Údaráis.

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Sc.5

12. 6 nó cibé líon comhaltaí is mó ná sin a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham is córam do chruinniú den Údarás.

13. Ar chruinniú den Údarás—

- (a) is é nó is í an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó
- (b) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, is é nó is í leaschathaoirleach an Údaráis a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó
- (c) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

14. Déanfar gach aon cheist a mbeidh breith le tabhairt uirthi ag cruinniú den Údarás a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

15. Faoi réir *mhír 12* féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais i measc a chomhaltaí nó d'ainneoin aon easnaimh maidir le ceapadh comhalta a aimseofar ina dhiaidh sin.

16. Faoi réir an Achta seo, déanfaidh an tÚdarás socruithe i dtaca lena imeachtaí agus a ghnó a rialáil.

SCEIDEAL 6

Alt 39.

AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

1. Ceapfar an Príomhfheidhmeannach ar na téarmaí agus na coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le ré conartha, feidhmíocht, luach saothair, liúntais i leith caiteachas agus cur as oifig) a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

2. Déanfaidh an tÚdarás, as cibé airgead a bheidh faoina réir aige, cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas (más ann) arna dtabhú ag an bPríomhfheidhmeannach a chinnfidh an tÚdarás, a íoc leis nó léi le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

3. Comhlíonfaidh an Príomhfheidhmeannach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartais a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus beidh sé nó sí cuntasach don Údarás as an Údarás a bhainistiú go héifeachtúil éifeachtach agus as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

4. Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean chuig fostaí den Údarás, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh an Príomhfheidhmeannach is cuí, mura dtarmligfear iad chuig an bPríomhfheidhmeannach faoi réir an choinníll nach ndéanfar iad a fho-tharmligean, agus beidh an fostaí lena mbaineann cuntasach don

Sc.6 [Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

Phríomhfheidhmeannach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna arna dtarmligean amhlaidh chuige nó chuici.

5. D'ainneoin aon tarmligin faoi *mhír 3*, leanfaidh an Príomhfheidhmeannach de bheith cuntasach gach uile thráth don Údarás as comhlíonadh na bhfeidhmeanna arna dtarmligean amhlaidh.

6. Ní bheidh an Príomhfheidhmeannach i seilbh aon oifige nó fostaíochta eile nó ní sheolfaidh sé nó sí aon ghnó gan toiliú an Údaráis.

Alt 58.

SCEIDEAL 7

RIALACHÁIN

Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh faoi *alt 58* ar mhaithe le haon nithe nó i leith aon nithe lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(1) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostóirí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a gcuid fostaithe ag an obair i leith na nithe seo a leanas—

(a) gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh lena n-áirítear iompar míchuí agus iompraíocht mhíchuí a chosc,

(b) dearadh, cur ar fáil agus cothabháil na nithe seo a leanas—

(i) áiteanna oibre,

(ii) bealaí sábháilte isteach in áiteanna oibre agus amach astu, agus

(iii) gléasra agus innealra agus airceadail eile,

(c) aon airceadal nó substaint a úsáid,

(d) cur ar fáil, pleanáil, eagrú, feidhmíocht agus cothabháil córas oibre,

(e) faisnéis, teagasc, oiliúint agus maoirseacht a chur ar fáil, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, iad sin a chur ar fáil i dteanga chuí nó i dteangacha cuí,

(f) bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chinneadh agus a chur i ngníomh,

(g) éadach nó trealamh cosantach a chur ar fáil, a thástáil, a úsáid agus a chothabháil,

(h) pleananna agus nósanna imeachta agus bearta a bheidh le glacadh tráthanna éigeandála agus i gcás garchontúirte móire a ullmhú agus a athmheas,

(i) seirbhísí daoine inniúla a fháil d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a chinntiú lena n-áirítear an oiliúint, an taithí agus an t-eolas is gá do dhaoine inniúla a bheith acu,

(j) comhoibriú i dtaca le nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, agus

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Sc.7

(k) sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe téarma shocraithe nó fostaithe sealadacha ag an obair;

(2) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostóirí maidir le seoladh a ngnóthas lena shocrú nach ndéanfar, i gcúrsa oibre a bheidh á seoladh, daoine atá san áit oibre agus nach bhfuil ar fostú ag na fhostóirí sin a chur faoi phriacal dá sábháilteacht, dá sláinte nó dá leas ag an ngnóthas;

(3) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine lena mbaineann *alt 15* i ndáil le háiteanna oibre ar leith ó láthair oibre baile, i leith na n-áiteanna oibre sin, maidir le haon airceadal nó substaint a sholáthrófar lena úsáid nó lena húsáid sna háiteanna sin agus maidir le bealaí isteach sna háiteanna sin nó amach astu;

(4) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostaí i ndáil le hiompar nó iompraíocht ar dóigh dó ní di a shábháilteacht nó a sábháilteacht féin, a shláinte nó a shláinte féin nó a leas féin, nó sábháilteacht, sláinte nó leas aon duine eile, ag an obair, a chur i mbaol, lena n-áirítear é sin maidir le meisce agus géilleadh do thástálacha réasúnacha agus comhréireacha;

(5) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine maidir le cur isteach ar aon ní arna sholáthar faoi na forálacha reachtúla iomchuí nó ar shlí eile chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a áirithiú, nó maidir lena mhí-úsáid nó lena dhamáistiú;

(6) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostaí maidir lena shábháilteacht nó lena sábháilteacht féin, a shláinte nó lena sláinte féin nó lena leas féin ag an obair lena n-áirítear ceanglais maidir le húsáid aon fhearais, éadaigh chosantaigh, áise, trealaimh, nó deise nó ní a bheidh curtha ar fáil d'fhonn a sábháilteacht, a sláinte nó a leas ag an obair a áirithiú agus maidir lena bhfreastal ar oiliúint sábháilteachta agus sláinte.

(7) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhéanfaidh airceadail a dhearadh, a mhonarú, a allmhairiú nó a sholáthar lena n-úsáid ag an obair ar ceanglais iad maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) aon airceadal nó aon aicme fhorordaithe airceadail a dhearadh, a fhoirgniú, a thástáil, a scrúdú nó a úsáid, nó

(b) faisnéis a sholáthar a bhainfidh leis an úsáid ag an obair dár dearadh nó dár tástáladh aon airceadal nó aon aicme fhorordaithe airceadail nó a bhainfidh lena shuiteáil, lena thástáil, lena fheistiú, lena dheisiú, lena athrú, lena chothabháil, lena dhíchóimeáil nó lena dhiúscairt ar shlí a bheidh sábháilte agus gan phriacal do shláinte nó do leas daoine ag an obair;

(8) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhéanfaidh airceadail a dhearadh nó a mhonarú lena n-úsáid ag an obair ar ceanglais iad maidir le taighde a dhéanamh i leith na n-airceadal sin d'fhonn priacail ionchasacha a aimsiú nó d'fhonn aon phriacail do shábháilteacht, do shláinte nó do leas daoine ag an obair a dhíothú nó a íoslaghdú;

(9) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhéanfaidh airceadail a thógáil nó a shuiteáil lena n-úsáid ag an obair ar ceanglais iad maidir leis na hairceadail sin a thógáil nó a shuiteáil ionas go mbeidh siad sábháilte agus gan priacail do shláinte nó do leas nuair a úsáidfead na hairceadail sin in áit oibre;

Sc.7

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(10) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhéanfaidh aon substaint nó aon aicme fhorordaithe substainte a mhonarú, a allmhairiú nó a sholáthar ar ceanglais iad maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) an tsubstaint a úsáid, a thástáil nó a scrúdú, nó

(b) faisnéis a sholáthar i dtaobh aon phriacail do shábháilteacht, sláinte nó leas a d'fhéadfadh a bheith ann de dhroim na substainte, nó

(c) torthaí tástálacha ar an tsubstaint nó a húsáid nó a diúscairt ar shlí a bheidh sábháilte agus gan priacal do shláinte nó leas daoine ag an obair;

(11) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a mhonaróidh aon substaintí nó, i gcás inar lasmuigh den Stát a ghabhfar an monarú de láimh, ar dhaoine a allmhaireoidh aon substaintí, ar ceanglais iad maidir le taighde a dhéanamh d'fhonn priacail a aimsiú, a dhíothú nó a íoslaghú is priacail do shábháilteacht, sláinte nó leas a d'fhéadfadh a bheith ann de dhroim na substainte le linn í a úsáid;

(12) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhéanfaidh foirgníú áiteanna oibre a choimisiúnú nó a thabhairt i gcrích, ar ceanglais iad maidir le daoine inniúla a cheapadh chun a chinntiú maidir leis na háiteanna sin go ndearfar iad, go bhféadfar iad a fhoirgníú, go gcothabhálfar iad agus go mbeidh siad de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí ionas go mbeidh siad sábháilte agus gan priacal do shláinte nó do leas daoine ag an obair;

(13) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a dhearfaidh áiteanna oibre maidir leis na háiteanna sin a dhearadh ionas go mbeidh siad sábháilte agus gan priacal do shláinte nó leas daoine ag an obair;

(14) ceanglais a bheidh le forchur ar dhaoine a fhoirgneoidh áiteanna oibre maidir leis na háiteanna sin a fhoirgníú ionas go mbeidh siad sábháilte agus gan priacal do shláinte nó do leas daoine ag an obair;

(15) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostóirí maidir le guaiseacha a aithint agus measúnú a dhéanamh ar phriacail;

(16) ceanglais a bheidh le forchur ar fhostóirí maidir le ráitis sábháilteachta;

(17) ceanglais a bheidh le forchur maidir le rialáil, toirmeasc nó rialú ar úsáid airceadal sonraithe a bheidh le húsáid ag an obair lena n-áirítear aon airceadal den sórt sin a fhaire, a shuíomh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a chosaint, a thástáil, a scrúdú, a iniúchadh, a athrú, a choigeartú, a chothabháil nó a dhíchóimeáil;

(18) ceanglais a bheidh le forchur maidir le marcáil aon airceadail a bheidh le húsáid ag an obair nó a bheidh deartha le húsáid mar chomhpháirt de chuid airceadail den sórt sin;

(19) ceanglais a bheidh le forchur maidir le rialáil, toirmeasc nó rialú ar úsáid aon substainte sonraithe;

(20) ceanglais a bheidh le forchur maidir le haon substaint shonraithe a thástáil, a scrúdú, a aicmiú nó a lipéadú, lena n-áirítear

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [Uimh. 10.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

Sc.7

fógra a thabhairt i dtaobh sonraí sonraithe i ndáil le substaint den sórt sin;

(21) ceanglais a bheidh le forchur maidir le toirmeasc nó rialú ar allmhairiú nó ar sholáthar aon airceadail nó substainte a bheidh le húsáid ag an obair;

(22) ceanglais a bheidh le forchur maidir le toirmeasc nó rialáil ar iompar aon airceadail nó substainte a bheidh le húsáid ag an obair lena n-áirítear ceanglais maidir le déanamh, tástáil agus marcáil coimeádán agus modhanna iompair agus maidir leis na hairceadail nó na substaintí sin a phacáistiú agus a lipéadú lena n-iompar;

(23) ceanglais a bheidh le forchur maidir le húsáid nó dearadh síneacha sábháilteachta sonraithe in áiteanna oibre;

(24) ceanglais a bheidh le forchur maidir le socrúithe a dhéanamh i dtaobh faireachais sláinte daoine ag an obair lena n-áirítear scrúduithe liachta, faireachán bitheolaíoch nó suirbhéanna sláinte speisialta;

(25) ceanglais a bheidh le forchur i dtaca le haon ghníomhaíocht shonraithe nó ní sonraithe a chlárú i gclár forordaithe d'fhonn faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas sábháilteachta, sláinte agus leasa faoi na forálacha reachtúla iomchuí;

(26) ceanglais a bheidh le forchur i dtaca le daoine forordaithe nó aicmí forordaithe daoine a cheapadh chun nithe forordaithe a dhéanamh i ndáil le sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair nó chun gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích nó freagrachtaí sonracha a ghabháil de lámh a mbeidh impleachtaí ó thaobh sábháilteachta, sláinte agus leasa ag baint leo;

(27) ceanglais a bheidh le forchur i dtaca le rialáil a dhéanamh ar fhostaíocht aicmí forordaithe daoine, nó maidir lena dtairmeasc ó aicmí forordaithe fostaíochta, i ndáil lena sábháilteacht, lena sláinte agus lena leas ag an obair;

(28) ceanglais a bheidh le forchur i leith aon ní a fhearann ar na dálaí ina n-oibríonn daoine, lena n-áirítear nithe amháil bail struchtúrach agus cobhsaíocht áitreabh, na bealaí isteach sna háitribh agus amach astu, glaineacht, teocht, bogthaise, soilsiú, aeráil, róphlódú, torann, creathadh, radaíochtaí ianúcháin agus radaíochtaí eile nó oibreán fisiceach eile, deannach agus múch agus risíocht le huisce nó le leachtanna eile;

(29) rialáil nó toirmeasc ar dhálaí atmaisféaracha nó ar dhálaí eile a bhféadfadh fostaí a bheith faoina lé in áit oibre;

(30) modhanna, caighdeáin nó nósanna imeachta a fhorordú chun méid nó leibhéal aon dála atmaisféaraí nó aon oibreáin bhitheolaíoch, cheimicigh nó fhisicigh nó aon teaglaim díobh sin in áit oibre a chinneadh;

(31) ceanglais a bheidh le forchur i dtaca le saoráidí nó socrúithe le haghaidh leasa ag an obair (lena n-áirítear soláthar uisce, áiseanna sláintíochta, saoráidí níos áine nó folcra, socrúithe otharchairr agus garchabhrach, saoráidí do sheomra cótaí, suíocháin, saoráidí pronnlaigh, saoráidí chun béilí a réiteach nó a chaitheamh nó toirmeasc ar chaitheamh béilí nó pronnlach in imthosca sonraithe);

[Uimh. 10.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte* [2005.]
agus Leas ag an Obair, 2005.

(32) ceanglais a bheidh le forchur ionas go ndéanfar na nithe seo a leanas a rialú nó a theorannú—

(a) aon ghás, gal, deatach, deannach nó aon substaint shonraithe eile a chruthaítear de dheasca gníomhaíochtaí oibre, a astú isteach in áit oibre,

(b) torann, creathadh, aon radaíochtaí ianúcháin nó radaíochtaí eile a astú isteach sa timpeallacht oibre,

(c) truailliú eile timpeallachta san áit oibre, lena n-áirítear deatach tobac sa timpeallacht, nó

(d) faireachán a dhéanamh ar aon astuithe den sórt sin in áit oibre;

(33) cumhachtaí a thabhairt do chigirí in imthosca sonraithe a cheangal ar dhaoine sonraí i scríbhinn a chur faoina mbráid maidir le bearta a bheartaítear a ghlacadh chun go gcomhlíonfar aon fhoráil de na forálacha reachtúla iomchuí;

(34) ceanglais a bheidh le forchur maidir le taifid a bhaineann le comhlíonadh na bhforálacha reachtúla iomchuí i ndáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a choimeád agus a chaomhnú;

(35) ceanglais a bheidh le forchur maidir le sábháilteacht, sláinte nó leas daoine i leith bainistiú ainmhithe in áiteanna oibre nó ag áiteanna oibre;

(36) ceanglais a bheidh le forchur maidir le haon áit oibre i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) réamhchúraimí a bheidh le glacadh i gcoinne contúirtí a gcuirtear, nó a bhféadfadh sé go gcuirfí, an áit oibre, nó daoine san áit oibre, faoina lé de bhíthin dálaí (lena n-áirítear dálaí nádúrtha) i gcomharsanacht na háite sin, nó

(b) a áirithiú go bhféadfaidh daoine in áit oibre an áit oibre sin in imthosca sonraithe i gcás priacail dá sábháilteacht nó dá sláinte;

(37) ceanglais a bheidh le forchur maidir le haon ní sonraithe a dhéanamh nó a thoirmeasc i gcás ina mbeidh aon tionóisc nó aon teagmhas eile de chineál sonraithe tar éis tarlú;

(38) ceanglais a bheidh le forchur in imthosca forordaithe i leith réamhchúraimí a ghlacadh i dtaca le priacal dóiteáin, rialacha agus nósanna imeachta sábháilteachta i gcás dóiteáin agus soláthar agus cothabháil trealaimh cosanta in aghaidh dóiteáin in áiteanna oibre;

(39) ceanglais a bheidh le forchur i leith tuairisciú a dhéanamh ar an modh forordaithe don Údarás nó do dhuine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* nó do chigire de chuid an Údaráis nó de chuid duine a bheidh forordaithe faoi *alt 33* nó d'aon duine eile de réir mar a fhorordófar i dtaobh cibé nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte nó leas daoine ag an obair a fhorordófar, nó sábháilteacht, sláinte nó leas daoine eile is nithe a thig as gníomhaíochtaí oibre (lena n-áirítear cibé faisnéis a bhaineann le tionóiscí, díobhála pearsanta nó teagmhais chontúirteacha a fhorordófar a thabhairt);

(40) ceanglais a bheidh le forchur i leith daoine ag an obair do thógáil nó do láimhseáil go sábháilte aon ualaigh is dóigh a bheadh

[2005.] *An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte [Uimh. 10.] agus Leas ag an Obair, 2005.*

Sc.7

ina thrúig dhíobhála do dhuine a thógfadh nó a láimhseálfadh amhlaidh é;

(41) toirmeasc a chur ar sheoladh cibé gníomhaíochtaí oibre a fhorordófar ach amháin ag daoine a mbeidh cáilíochtaí, oiliúint nó taithí atá forordaithe acu nó faoina maoirseacht;

(42) ceanglais a bheidh le forchur maidir le comhaontuithe comhphárteacha sábháilteachta agus sláinte;

(43) cibé ceanglais, socrúithe, modhnuithe nó díolúintí breise is dóigh leis an Aire is gá, ó am go ham, i ndáil le hoibriú *ait 25* agus *26*;

(44) cibé táillí a mhuirearófar faoi *alt 47*.